# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA
# 2024

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Contents

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Ár Misean 3
Fáilte ón Ardmhéara 4
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 6
Dul chun cinn i dtreo ár gCuspóirí Corparáideacha, 2020-2024 8
Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBS) agus Comhchoistí Póilíneachta 60
An Grúpa Beartais Chorparáidigh 60
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht agus Ionchuimsiú Sóisialta 62
Coiste um Beartais Straitéiseacha na Soghluaisteachta agus na Ríochta Poiblí 64
Coiste um Beartais Straitéiseacha Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Athléimneachta Uirbí 65
Coiste um Beartas Straitéiseacha Pleanála agus Athghiniúna Uirbí 66
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair 67
An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa 68
An Coiste um Beartais Straitéiseacha Airgeadais 70
Comhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath 71
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath 72
Tuarascáil maidir le Príomhsheirbhísí 73
Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh 74
An Rannóg Tithíochta agus Pobail 78
Seirbhísí Ceantair 83
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 85
An Rannóg Comhshaoil agus Iompair 87
Seirbhísí Uisce 90
Seirbhísí Comhshaoil 92
An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine 96
Rannóg na Seirbhísí Áineasa, Fóillíochta agus Eacnamaíocha 103
An Rannóg Airgeadais agus CF 108
An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Claochlú agus Acmhainní Daonna 109
An Rannóg Dlí 112
Na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 113
Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta 125
Na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 129
Aguisín 1: Comhaltaí Tofa 2024 138
Aguisín 2: Foireann Ardbhainistíochta 142
Aguisín 3 Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta CNMI 01 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024 143
Aguisín 4 Tuarascáil ar Chomórtais Earcaíochta 156
Aguisín 5 Maoiniú Deontais 2024 160
Aguisín 6 Caiteachas ar Shiamsaíocht / Speansais Ghaolmhara 2024 162
Aguisín 7: An Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh (RRAI) 164
Aguisín 8: Ráiteas Rialachais 169

**Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil agus Dréachtchuntais Bhliantúla Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024**

Ullmhaíodh Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil agus Dréachtchuntais Bhliantúla Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 i gcomhréir le hAlt 221 (1)(b) den Acht Rialtas Áitiúil, 2001. Is feidhm fhorchoimeádta de chuid Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath í an tuarascáil a ghlacadh ina leagtar amach comhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle Cathrach le linn 2024.

# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Ár Misean

Ó 2020 go 2024, bhí sé de Mhisean againn, faoi mar a leagadh amach inár bPlean Corparáideach, 2020-2024 "**forbairt inbhuanaithe na Príomhchathrach a bhrú chun cinn trí cheannaireacht láidir shibhialta agus seirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil a chuireann leas agus caighdeán saoránach agus pobal chun cinn**". I gcaitheamh na tréimhse 5 bliana seo, i gcomhréir le Comhaltaí Tofa agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí comhpháirteacha ar fud na cathrach, chuir foireann na Comhairle, ar a bhfuil 6,000 ball foirne, níos mó ná 800 seirbhís ar fáil do shaoránaigh, lucht gnó agus cuairteoirí.

Le linn 2024, bhí idirchaidreamh ar siúl le Comhaltaí Tofa, baill foirne agus saoránaigh chun ár bPlean Corparáideach Nua, 2025-2029, a dhréachtú. Mar gheall ar an bplé seo, bhí an Chomhairle in ann fís chomhroinnte a chothú agus cuspóirí uaillmhianacha a shocrú do thodhchaí ár gCathrach agus ar an 2 Nollaig, 2024, ghlac an Chomhairle lenár bPlean Corparáideach Nua.

# Fáilte an **Ardmhéara**



I mo ról mar an 357ú hArdmhéara ar Bhaile Átha Cliath, tá lúcháir orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur in bhur láthair ina dtaispeántar a ndéanann an Chomhairle Cathrach chun saoil na ndaoine a chónaíonn is a oibríonn sa chathair, is a dtugann cuairt uirthi, a fheabhsú.

Bhí Comhairle Cathrach nua againn in 2024 i ndiaidh na dtoghchán áitiúil, agus ullmhaíodh agus foilsíodh Plean Corparáideach, 2024, nua don Chomhairle Cathrach le haghaidh na mblianta 2025-2029. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo treo straitéiseach na Comhairle Cathrach agus ár dtiomantas do Chathair Bhaile Átha Cliath agus dá pobail go ceann cúig bliana. Má amharcaimid siar ar 2024, taispeántar dúinn na róil éagsúla atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i saol na cathrach, agus réimse amháin ar mhaith liomsa béim a leagan air ná na himeachtaí a eagraíonn an Chomhairle Cathrach nó a dtugann sí tacaíocht dóibh a chuireann beocht sa chathair agus a dhéanann áit níos fearr do chách di.

Bhí imeachtaí againn ar nós Brigit 2024 chun mná sa chathair a cheiliúradh, Dámhachtain Liteartha Bhaile Átha Cliath, Athbhliain na Gealaí, One Dublin One Book, Féile Luke Kelly, Pedalpalooza, Féile Litríochta Idirnáisiúnta, Féile Foghlamtha Bhaile Átha Cliath, Lá na hAfraice, Bród Bhaile Átha Cliath, Funtropolis, Oíche Chultúir, Opera faoin Aer i bhFéile na Rósanna, Ealaín faoin Aer, Eat the Streets, Féile Spóirt Bhaile Átha Cliath, Féile Staire Bhaile Átha Cliath, Oíche Shamhna agus Nollaig. In an-chuid de na himeachtaí seo bhí an bhéim ar imeachtaí saor in aisce, atá báúil le teaghlaigh is a bhí dírithe ar bheocht a chur inár spásanna poiblí.

Féile nua in 2024 ab ea Sensoria, an Chéad Fhéile in Éirinn atá báúil le Daoine Néara éagsúla. Le heispéireas imeachta allamuigh beo agus cruthaitheacht, rinneadh ceiliúradh ar an bpobal néara-éagsúil mar chuid de Sensoria, agus bhí taispeántais, ceardlanna agus gníomhaíochtaí mar chuid de. Mar gheall ar an rath a bhí ar Sensoria in 2024, tá sé le filleadh in 2025.

Cathair do chách is ea Baile Átha Cliath, agus in 2024 bhí obair leanúnach ar siúl chun cathair atá báúil do dhaoine le huathachas a dhéanamh de Chathair Bhaile Átha Cliath, agus rinneadh obair i gcomhar le Rannóga Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Rannóg na nImeachtaí agus Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath ina measc, agus bhí comhfhiontair ar siúl le lucht Fhéile Pádraig. Nuair a toghadh mé mar Ardmhéara i mí na Nollag 2024, leag mé amach mar thosaíocht do mo théarma san oifig dul i mbun aoisphleanáil dhearfach, cúraim do dhaoine scothaosta laistigh dár bpobail agus feasacht néaltraithe sa chathair ar bhonn gníomhach, agus táim ag tnúth le tógáil ar an obair mhór a rinneadh sa réimse seo in 2025.

Chuir Cathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh fhoirne agus lucht leanúna Atalanta agus Bayer Leverkusen ar an 22 Bealtaine nuair a reáchtáladh Cluiche Ceannais Shraith Europa sa chathair. Bhí ról ollmhór ag ár gComhairle maidir leis an imeacht mór idirnáisiúnta seo a chur i gcrích, agus bhí tacaíocht trasrannóige ann chun imeacht rathúil mar é a reáchtáil, inar leagadh béim ar an méid atá ar fáil i mBaile Átha Cliath. Chuireamar fáilte freisin roimh Fhoireann na hÉireann (Team Ireland) go Sráid Uí Chonaill, nuair a tháinig Bleácliathaigh amach ina sluaite chun buíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachtaí i gCluichí Oilimpeacha Pháras.

Ba é Baile Átha Cliath Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste, 2024, rud a bhronn an Coimisiún Eorpach air mar aitheantas ar a cheannaireacht i dtaca lena bheith níos inbhuanaithe, níos inrochtana, níos cultúrtha agus níos digití. Clár bliana imeachtaí atá dírithe ar dhea-chleachtas maidir le turasóireacht inbhuanaithe a dhaingniú inár gcathair. Ina theannta sin, leanann Baile Átha Cliath Cliste air ag breathnú ar bhealaí nuálacha chun an bealach ina n-oibríonn Baile Átha Cliath a fheabhsú trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is nua-aimseartha. Le linn 2024, rinne Baile Átha Cliath nasc le Nua-Eabhrac tríd an suiteán sráide ‘An Tairseach’ a chruthaigh físdroichead idir an dá chathair. Leathnaíodh amach é chun cathair Vilnias na Liotuáine agus Lublin na Polainne a chur san áireamh, rud a thug deis do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath teagmháil a dhéanamh leis na daoine sna cathracha sin.

Leanamar orainn lenár dtiomantas don Taisteal gníomhach, agus bhí obair leanúnach á déanamh ar 80 mórthionscadal le linn 2024, ina measc bhi Glasbhealach na Dothra, Glasbhealach na Canála Ríoga, Slí Rothar na Life, i Sráidbhaile Fhionnghlaise, agus ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach. Seoladh Plean Spóirt Nua le haghaidh 2024-2029 chun leibhéil ghníomhaíochta fisicí shaoránaigh Bhaile Átha Cliath a mhéadú, agus é mar uaillmhian aige go mbeadh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan. Ba é seo an chéad cheann dá shórt, agus déanann sé ceiliúradh ar an obair mhór atá ar siúl agus ag an am céanna tugann sé treoirphlean le haghaidh cur chuige níos straitéisí i leith spóirt sa chathair.
Táimid ag obair leis an nGarda Síochána le go mbeadh níos mó Gardaí le feiceáil ar ár sráideanna agus cheapamar Comhairleoir Geilleagair Oíche in 2024 chun obair ar Straitéis Geilleagair Oíche na Comhairle Cathrach le go mbeadh Baile Átha Cliath ar cheann de na cinn scríbe is tábhachtaí san Eoraip maidir le cultúr Oíche, rud a chuirfidh le Gníomhaíocht Chultúrtha, Soghluaisteacht, agus Iompar agus Sábháilteacht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe ar an gComhairle Cathrach agus le Richard Shakespeare agus le 6,000 ball foirne de chuid na Comhairle Cathrach atá tiomanta do chathair a thógáil atá dinimiciúil, inbhuanaithe agus faoi bhláth.

Grianghraf ardtaifigh le cur isteach

Síniú le cur isteach



**Emma Blain**
Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Bliain lán le fás eacnamaíochta ab í 2024 do Bhaile Átha Cliath agus an fás sin á bhrú chun cinn ag caiteachas tomhaltóirí láidir go háirithe in earnálacha an fháilteachais agus na siamsaíochta, agus d'fhan an ráta dífhostaíochta faoi 5%. Ach ní raibh saor ó thrioblóidí mar sin féin, agus rátaí folúntais oifigí isteach is amach le 17%.

Le linn na bliana, chuir an Chomhairle tithe sóisialta agus inacmhainne i gcrích ar fud na cathrach, a gcéad tithe praghais inacmhainne ag Oileáin na Crannóige, Baile Munna, ina measc.

Thug 135,000 duine, mé féin san áireamh, cuairt ar Dhánlann Hugh Lane chun taispeántas 'Andy Warhol Three Times Out' a fheiceáil, cuairt iontach agus líon na gcuairteoirí ar an méid ba mhó a thug cuairt ar thaispeántas sa ghailearaí go dtí seo.

Tá bród orm a rá gur reáchtáil an Chomhairle cruinniú go hiomlán as Gaeilge den chéad uair, rud a spreag mé féin agus cúpla duine de mo chomhghleacaithe chun snas a chur ar ár gcúpla focal.

Fanfaidh 2024 mar bhliain "An Tairseach" i gcuimhne an-chuid daoine. Is cinnte go ndeachaigh ár suiteán ceannródaíoch inar nascadh Baile Átha Cliath agus Nua-Eabhrac i bhfeidhm go mór ar shamhlaíocht an phobail! Seo an bhliain freisin inar ainmníodh Baile Átha Cliath mar 'Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste'.

Tháinig na mílte duine amach ar shráid Uí Chonaill chun fáilte abhaile a chur roimh ár laochra Oilimpeacha ó Pháras. Sin ceann amháin de shraith imeachtaí a d'eagraíomar i gcaitheamh na bliana, 'Sensoria Chomhairle Cathrach Bhaile Cliath', ina measc, ár bhféile nua atá báúil le daoine néara-éagsúla.

In 2024, seoladh Straitéis Bainistíochta Dramhaíola nua chun cathair níos glaine a bhaint amach. Chuireamar seirbhís glantacháin ar fáil do na himeachtaí móra ceoil sa dá staid atá againn, agus do na himeachtaí móra spóirt agus cultúir ar fud na cathrach, agus in éineacht leis sin, leanamar lenár príomhobair, sráideanna na cathrach a ghlanadh. I measc na bhféilte móra ar freastalaíodh orthu le linn na bliana, bhí an Fhéile Bhríóid, Féile Pádraig, An Pheil Mheiriceánach, gach mórchluiche CLG, cluichí Rugbaí agus Sacair, Maratón Bhaile Átha Cliath agus Maratón na mBan.

Chuaigh Oifig Comhordaithe na Cathrach i mbun na ríochta poiblí a fheabhsú le linn na bliana, agus bhí Sráid Thalbóid ar an gcéad cheantar chun cuma nua a fháil. Bhí áthas orm freisin nuair a ceapadh foireann deartha dár dtionscadal suaitheanta d'Fhaiche an Choláiste/Sráid an Dáma.

Bliain ghnóthach eile ab í 2024 maidir le hiarratais phleanála, agus tháinig roinnt tograí Forbartha Bonneagair Straitéisigh isteach, an chéad chéim de na feirmeacha gaoithe móra eischósta a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála, san áireamh. Cuireadh an t-ullmhúchán do Mháistirphlean Bhaile Bogáin do na tailte tionsclaíocha i nGlas Naíon ar aghaidh i rith na bliana, plean a forbraíodh le hionchur láidir ón bpobal agus Comhaltaí Tofa agus le dlúthchomhairliúchán leo. Leanadh freisin le hobair ar chuspóirí Phlean Forbartha Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh.

Chuir ár gComhairleoir Geilleagair Oíche tús le plean chun an geilleagar oíche a athbheochan. Sheolamar straitéis ladrann freisin agus chuireamar aonad ladrann tiomnaithe ar bun. Tabharfaidh sé léargas iomlán nua dúinn ar chúrsaí!

Ba chúis áthais dom le linn na bliana freastal ar sheoladh scéim siúlóide agus Rothaíochta Chluain Tarbh go Lár na Cathrach, an tionscadal is suaitheanta go dtí seo inár Líonra Taistil Ghníomhaigh. Chuir an Chomhairle 5.2km den Líonra i gcrích i mbliana.

Agus sinn ag caint ar chúrsaí taistil, in 2024 cuireadh 'Plean Taistil Lár Bhaile Átha Cliath' i bhfeidhm Ó cuireadh i bhfeidhm é, tá laghdú suntasach tar éis teacht ar uimhreacha tráchta chomh maith le fad na dturas ar iompar poiblí.

Mar is gnách, bhí an tóir ar ár leabharlanna agus páirceanna mar áiteanna sosa agus faoisimh. Seans go mbeadh suim ag na daoine is fuinniúla inar measc inár gcéad Phlean Spóirt, 'Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice'.

D'éirigh leis an gComhairle 'Baile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de, 2030' a ghlacadh in 2024, plean gníomhaithe ar son na haeráide an Údaráis Áitiúil do 2024 go 2029. Déarfainn gur fíor a rá, ó thaobh gníomhaithe ar son na hAeráide de, gur féidir linn ar fad níos mó a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ardmhéara agus lenár gComhairleoirí Cathrach ar fad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann thiomanta freisin, a dhéanann a ndícheall gach lá chun cathair iontach a dhéanamh den chathair seo do mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Grianghraf ardtaifigh le cur isteach

**Richard Shakespeare**
Chief Executive

Dul chun cinn i dtreo

# Spriocanna Corparáideacha



# Sprioc 1

## Oibriú i dtreo cathair ghlas ísealcharbóin a bhaint amach

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 1.1 Éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i bhfoirgnimh agus oibríochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus cathair níos athléimní ó thaobh na hAeráide de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil saoránaigh rannpháirteacha agus eolacha | 1.1.1 Plean Gníomhaithe Athraithe Aeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm | Glacadh Baile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Údarás Áitiúil 2024-2029 de chuid Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra, 2024. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó ECFE chun cur chuige dúshlánbhunaithe a thabhairt isteach leis an mbéim thosaigh ar Ghluaiseacht Páistí tríd an gCathair.<br><br>Timpeall 300m de chosaintí tuilte curtha i gcrích ar Abhainn na Dothra mar chuid de Ghlasbhealach na Dothra.<br><br>Oibreacha ar siúl go leanúnach ar 214 km de Líonra Taistil Ghníomhaigh Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích. 6 thionscadal á dtógáil faoi láthair agus 45 tionscadal arna sannadh d'fhoirne deartha.<br><br>Monatóireacht déanta ar ardú ar Leibhéal na Farraige agus é mar bhonn eolais do na cosaintí tuilte.<br>• Céim 2 de Scéim Maolaithe Tuilte na Dothra, ó Dhroichead Nua go Domhnach Broc, curtha i gcrích.<br>• Scéim Maolaithe Tuilte na Síreanna Campa Theas, ó Dhroichead na Comhdhála go Lána Chairdif, i bhfeidhm anois.<br>• SMT an Phoitéil, tús curtha le tógáil.<br><br>Teagmháil á déanamh leis na húdaráis áitiúla in aice láimhe agus le OOP, Met Éireann, BSL, An Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile (CEFT) i ndáil le rabhaidh tuilte fheabhsaithe. |
| | 1.1.2 Córais choinneála agus chóireála uisce dromchla "ghlasa" nó nádúrbhunaithe a chur isteach i ngach tionscadal ríochta poiblí sa todhchaí, i gcás gurb indéanta, agus spreagadh cleachtais den chineál céanna a ghlacadh i bhforbraíochtaí príobháideacha | Le tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach cuireadh na straitéisí nádúrbhunaithe seo a leanas i bhfeidhm:<br>• Cuireadh limistéir Coinneála Bitheolaíochta ar fáil a chlúdaigh beagnach 1% d'achar na scéime.<br>• Cuireadh clais reatha ar thaobh an bhóthair a raibh 235M² d'achar inti<br>• Cosnaíodh an tírdhreach a bhí ann cheana, 157 crann abaí san áireamh<br>• Cuireadh beagnach 1450m² de limistéir nua phlandála ar fáil, soláthar 135 crann nua feadh an bhealaigh ina measc. |

# Sprioc 1

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá coinneáil uisce nádúrbhunaithe in úsáid sa chuid is mó de thionscadail ríochta poiblí agus tá sé á leagan síos mar choinníoll trí phróiseas Chuid 8.<br>Cuireadh Treoirthionscadail Ríochta Poiblí i gcrích, na Páirceanna ag Cearnóg an Diamaint, Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada agus Cnoc an Arbhair; limistéar nua glas ar Shráid Chorcaí. Sonraíochtaí Nua maidir le SuDS (Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe) glactha ag an gComhairle Cathrach.<br><br>Trí thionscadal SuDS á gcur chun cinn:<br>• Tá tionscadal trialach SuDS (Rainscapes) ag céim na tógála agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é in R1, 2025.<br>• Tá dearadh an SuDs i bPáirc Herzog críochnaithe; tá na doiciméid chonartha á n ullmhú (Ag súil go gcuirfear tús le céim na tógála in R1, 2025).<br>• Tá tionscadal SuDs Lána an Óir agus Chnoc na Sailchuach (Beart 70 Phlean Bainistíochta Abhantraí, á mhaoiniú ag RTRÁO) ag céim na tógála (Ag súil go gcuirfear tús le céim na tógála in R1, 2025).<br><br>Fuair an Chomhairle Cathrach maoiniú trí Chlár Píolótacha Cathracha Neodracha chun tacú lenár dTithíocht atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh a mbeidh léiriú ar réitigh nádúrbhunaithe i lár na cathrach i seanchlós páirceála mar chuid de. |
| 1.2 | Obair i gcomhar le húdaráis in aice láimhe agus le páirtithe leasmhara ábhartha, chun bithéagsúlacht Chathair Bhaile Átha Cliath a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn | 1.2.1 | Plean Gníomhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath um Bithéagsúlacht, 2015-2020, agus Plean Gníomhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath um Speicis Ionracha, 2016-2020, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú | Cuireadh tús le Plean Gníomhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath um Bithéagsúlacht, 2021-2025, i mBealtaine 2024.<br>Tá 28 tionscadal agus suirbhé ar siúl nó le cur i gcrích in 2024.<br><br>2 thionscadal i gcomhar le UCD - Sionnaigh agus Cuileanna Bhealtaine<br>2 thionscadal i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann<br><br>Dámhadh maoiniú do 9 dtionscadal nó dámhadh |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | maoiniú páirteach dóibh faoin gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil, 2024:<br>• Cóireáil SCI (Speicis Choimhthíocha Ionracha) ar Oileán an Bhulla<br>• Staidéir thionchair ar Anaclann Dúlra Oileán an Bhulla<br>• Éin Chreiche sa Chathair<br>• Clár Maoirseachta Bithéagsúlachta<br>• Suirbhé Ialtóg ar Pháirc San Anna<br>• Gabhláin Ghaoithe sa Chathair<br>• An Chuil Bhealtaine a Taifeadadh – stádas caomhantais a dhéanamh amach<br>• Suirbhé ar Phobal Dobharchúnna Bhaile Átha Cliath<br>• Rialú SCI i bPáirc Ghleann na Tulchann, Baile Átha Cliath<br>D'fhéadfadh 15 Iarratas Pleanála agus Mórthionscadal Bonneagair tionchar a imirt ar speicis agus gnáthóga faoi chosaint. |
| | 1.2.2 Straitéis Crann Bhaile Átha Cliath 2016-2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú | Foireann Suirbhéireachta curtha ar bun agus iad i mbun iarratais chigireachta/oibreacha crann a fuarthas trí Mhol na Saoránach; Réitíodh 1400 iarratas ó mhí na Bealtaine, 2024.<br><br>Cúrsa AIC (Amharc-Iniúchadh Crann) curtha ar fáil do 70 ball foirne.<br><br>Déanfar suirbhéireacht ar timpeall 6,000 crann, agus taifeadfar iad i sna bogearraí fardail dhigitigh agus bainistíochta crann in 2024. Cuireadh suirbhéanna ar Pháirc Hoirbeaird, Cearnóg Dartmouth, agus Páirc Choláiste Ailbhe agus an tríú céim d'fhardal crann Pháirc San Anna i gcrích in 2024.<br><br>Mar thoradh ar na measúnachtaí crann taifeadta bliantúla:<br>• Rinneadh prúnáil ar 1,250 crann, agus baineadh 137 crann<br>• Críochnaíodh agus foilsíodh Plean Bainistíochta Coillearnaí Pháirc na dTor<br>• Foilsíodh Clár Oibreacha Crann |

# Sprioc 1

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 1.2.3 Leanúint orainn ceannaireacht a dhéanamh ar Chomhpháirtíocht Bhithsféir EOECNA Chuan Bhaile Átha Cliath chun cuspóirí caomhantais a bhaint amach | Níl aon tuairisc chun dáta |
| 1.3 Ceannaireacht láidir a chur ar fáil chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus trí thiomantas d'athrú a léiriú inár gcleachtais féin | 1.3.1 Ár ngealltanais faoi Chairt Aeráide d'Údaráis Áitiúla a chomhlíonadh chun dícharbónú, forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht ó thaobh aeráide a dhaingniú i ngach gné den obair atá ar siúl againn | I gcomhréir le cuspóirí iomlána ár gCairte Aeráide, d'ullmhaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus í mar Phríomhchomhairle do Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre agus i gcomhar leis an dá Réigiún Dramhaíola eile, Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach, 2024-2030, thar ceann na 31 Údarás Áitiúil in Éirinn.<br><br>Bíonn Oifig Cosanta na nDobharlach (OCD) i dteagmháil rialta le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA).<br><br>Tá athbhreithniú ar Chairt Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil ar siúl.<br><br>Leanann an Chomhairle Cathrach uirthi ag aistriú a bhfeithiclí bardasacha éagsúla agus a bhfeithiclí tráchtála éadroma (FTÉ) go feithiclí leictreacha (FL) i gcás gur féidir agus gurb inmharthana déanamh amhlaidh. Faoi láthair, tá 62 Feithicil Leictreach i bhflít na Comhairle agus tá cúig cinn sa breis le cur leis go luath. |
| | 1.3.2 Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm chun Gníomhú ar son na hAeráide a threorú agus a chomhordú ar fud na Comhairle Cathrach | Tá an Fhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide i bhfeidhm; Tá Grúpa Stiúrtha Ardbhainistíochta á chur ar bun chun comhoibriú agus cur chun feidhme idirdhisciplíneach Bhaile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de, 2030, a chinntiú.<br><br>I ndiaidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí i mí Aibreáin, 2024, cuireadh Plean Gníomhaíochta in Aghaidh Torainn do cheirtleán Bhaile Átha Cliath, 2024-2028, i bhfeidhm le spriocdhátaí reachtúla. Sainaithníodh |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | sa Phlean roinnt ceantar ina bhfuil nochtadh torainn timpeallachta níos airde agus Ceantair Chiúine Iarrthóra, a ndéanfar measúnú orthu mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean. Tá staidéar leantach ar siúl go leanúnach chun ceann de na ceantair seo a mheasúnú in 2024. |
| | 1.3.3 Tacú le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus dul i gcomhar le húdaráis in aice láimhe chun a chinntiú go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir | D’oibrigh ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath go dlúth lena chéile chun Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2024 a reáchtáil.<br><br>Tá tuilleadh malartú faisnéise ar siúl go leanúnach mar gheall ar straitéis PFInna (Pobail Fuinnimh inmharthana), CD (Criosanna Dícharbónaithe) agus Feithiclí Leictreacha (FL). |
| | A chur ar chumas pobal freagracht a ghlacadh as a dtimpeallachtaí áitiúil trí chláir ar nós na mBailte Slachtmhara agus Dhámhachtainí Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath | Thacaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le breis is 5,000 glantachán pobail trí threalamh agus málaí a chur ar fáil. Bhí ceiliúradh i bPáirc an Chrócaigh chun 20 bliain de Dhámhachtainí Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath a chomóradh, áit inar bhronn an tArdmhéara duaiseanna ar bhreis is 70 grúpa. Ainmníodh ceithre ghrúpa le haghaidh Dámhachtainí Tús Áite CÁCÉ in 2024.<br><br>Mar chuid de thionscadal Athshlánaithe Abhainn Sheantraibh, chuathas i dteagmháil le grúpa Bhailte Slachtmhara Ráth Eanaigh agus le heagraíochtaí pobail eile in Abhantrach Sheantraibh.<br><br>In 2024, chuaigh an Chomhairle i mbun cumarsáide le pobail maidir le gníomhú ar son na hAeráide trí Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath, SoCircular, Féile Eat the Streets, agus ceardlanna ar ghníomhú ar son na haeráide. Tá an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide ag maoiniú 49 grúpa ar fud na cathrach chun tionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide a chur i bhfeidhm. Leis na criosanna dícharbónaithe atá againn, táimid ag tacú le pobail dul i mbun gnímh ar bhonn áitiúil. |

# Sprioc 2

## Comharsanachtaí sábháilte, bisiúla a thógáil

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 2.1 Bailte ardcháilíochta a chur ar fáil ar an scála atá ag teastáil | 2.1.1 Ár spriocanna bliantúla a chomhlíonadh maidir le haonaid tithíochta sóisialta a chur ar fáil | Tógadh 322 aonad sna suímh seo a leanas: Cúirt Chorr na Móna (61), Bóthar Bhun Raite (78), Sráid Bonham (57), Sráid Chorcaí (55), agus Gleann an Tobair (71).<br><br>Ina theannta sin, tá an Chomhairle Cathrach i gceannas ar CCTanna (Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) agus ag dul i bpáirt leo, trí CPPanna (Comhpháirtíochta Poiblí Príobháideacha), agus ag obair le GFT (An Ghníomhaireacht Forbartha Talún) agus i gcomhar le forbróirí príobháideacha, agus mar thoradh tá 2,991 teach sóisialta ar láithreán, 500 ag an gcéim chonartha, agus timpeall 6,000 sa phróiseas pleanála agus deartha. |
| | 2.1.2 An Soláthar Tithíochta atá ann faoi láthair a athnuachan agus a athghiniúint ar bhonn sceidealaithe | Rinneadh athchóiriú ar 644 réadmhaoine sa chéad trí ráithe de 2024. Réadmhaoine a bhí i seilbh na Comhairle cheana féin ab ea 562 acu agus réadmhaoine dara láimhe a ceannaíodh ar an margadh oscailte ab ea 82 acu (71 a ceannaíodh agus 11 a ceannaíodh agus a athchóiríodh).<br><br>Rinneadh cigireacht ar 104 réadmhaoine maidir le fadhbanna taise, agus cuireadh bearta i bhfeidhm in 82 réadmhaoin chun dul i ngleic le taise.<br><br>Tá fuinneoga á n-uasghrádú mar chuid dár gClár Tithe Folmha agus trí Iosta Ghort na Silíní.<br><br>Cuireadh breis is 420 Oiriúnú Rochtana ar fáil do thionóntaí seanbhunaithe i bhfoirm Cithfholcadán (240), Síntí (21), Cathaoireacha Staighre (47) Rampaí (33) Eile (Ráillí Láimhe, Athruithe ar Sheomraí Folctha-93) |
| | 2.1.3 Le Córas Rialaithe Foirgneamh géar a chur i bhfeidhm don chathair, a chinntiú go bhfuil na tithe agus foirgnimh nua atá curtha ar fáil i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha | • Fuarthas 1716 fógra maidir le tús á chur le hobair thógála.<br>• Fuarthas 353 Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Iarratas ar TRDM Athbhreithnithe.<br>• Rinneadh 1,148 cigireacht ar obair thógála ghníomhach lena n-áirítear 333 a bhí dírithe ar Chuid B (Sábháilteacht ar Dhóiteán). |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | • 68% d'fhoirgnimh nua dul chun cinn bliain go dáta a bhfuil cigireacht á déanamh orthu mar chéatadáin de na foirgnimh nua a fógraíodh<br>• Eisíodh 344 iarratas ar fhaisnéis chomhlíontachta<br>• Eisíodh 7 litir rabhaidh.<br><br>Tá an-fhuadar faoi ghníomhaíocht foirgníochta fós, agus tá castacht agus scála na hoibre ag méadú i gcónaí. Tá tús áite á thabhairt go fóill do thionscadail chónaithe ilaonaid maidir le cigireacht, go háirithe oibreacha a úsáideann modhanna tógála ar nós réamhdhéanaimh agus creatadhmad. Tá forfheidhmiú réamhghníomhach, láidir agus éifeachtach i gcónaí. |
| | 2.1.4 Ós sinne an Príomhúdarás Áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta, cultúr comhlíonta rialachán foirgneamh a chur chun cinn trí oideachas agus scéim cigireachta neartaithe | Rialú Foirgníochta<br>3 imeacht hibrideacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí<br>• Modhanna Nua-aimseartha Tógála Cuid D<br>• Cuid C taise agus radón<br>• Cuid B Treoirdhoiciméid Tógála (TT) nua<br><br>Comhchigireachtaí (foireann Oifigeach Rialaithe Foirgníochta (ORF) a oiliúint): 25<br>Ceisteanna tacaíochta Rialaithe Foirgníochta Freshdesk: 156<br>Ceisteanna tacaíochta an Chórais Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta (CBRF) 2,804<br><br>Faireachán Margaidh ar Tháirgí Tógála<br>• Gearáin a bhaineann le táirgí tógála: 4<br>• Cigireachtaí frithghníomhacha a rinneadh de bhun gearáin: 11<br>• Cigireachtaí féintionscanta ar an láthair: 38<br>• Cigireachtaí féintionscanta deisce: 72<br>• Tástálacha a rinneadh i saotharlanna: 89<br>• Seiceálacha ar tháirgí agus/nó cáipéisíocht: 49<br>• Cigireachtaí an Chórais Faisnéise agus Cumarsáide um Fhaireachán Margaidh (CFCFM) taifeadta: 49<br>• Iarratais ar Fhaisnéis faoi Alt 12(3) de AE(Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)) 2013: 21<br>• Fógraí chuig Údarás Faireacháin Margaidh Bhallstáit AE eile: 2 atreorú ó OPSS sa RA. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 2.1.5 Caighdeán na cóiríochta príobháidí ar cíos a choinneáil trí chigireacht réamhghníomhach agus forfheidhmiú rialachán | In 2024, leanadh le cigireachtaí mórscála ar chóiríocht phríobháideach ar cíos faoi úinéireacht CCTanna agus cóiríocht mac léinn a tógadh le sainchuspóir.<br><br>Gníomhartha forfheidhmithe fós á leanúint le hionchúiseamh tugtha os comhair na gcúirteanna as mainneachtain 'Fógraí Feabhsúcháin' a chomhlíonadh. Go dtí deireadh R1, 2024, rinneadh 3,985 cigireacht san iomlán ar 3,515 áit chónaithe ina raibh 4,942 tionóntacht. Ag deireadh R2, 2024, eisíodh 1,866 Litir Feabhsúcháin, 685 Fógra Feabhsúchán agus 72 Fógra Dianchoisc, agus moladh caingean dlí in aon chás amháin.<br><br>Ní thacaíonn RTRÁO a thuilleadh le cigireachtaí fíorúla mar mhodh chun a chinntiú an bhfuil nó nach bhfuil na rialacháin íoschaighdeáin á gcomhlíonadh. |
| | 2.1.6 Na faighteoirí forlíonta cíosa atá fágtha a aistriú chuig Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | Aistríodh 59 cliant forlíonta cíosa ó Eanáir- Lúnasa 2024 agus 1028 fágtha fós le haistriú. |
| 2.2 Comharsanachtaí measctha a bhfuil rogha ann maidir le cineálacha tithe agus tionachtaí a chruthú | 2.2.1 Beartas géar sa Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm a thacaíonn le comharsanachtaí measctha a chruthú, le raon cineálacha tithe, saoráidí agus seirbhísí oiriúnacha | Cuirtear beartas an Phlean Forbartha i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha, agus le tionscadail forbartha atá faoi stiúir na comhairle go díreach.<br>• Fuarthas 2,832 iarratas pleanála<br>• Reáchtáladh 94 comhairliúchán réamhiarratais<br>• Eisíodh 155 Deimhniú Díolúine Tithíochta Sóisialta<br>• Eisíodh 239 Fógra Alt 5<br>• Thug an tÚdarás Pleanála faoi 8 gcomhairliúchán réamhiarratas Alt 247 le haghaidh Forbairtí Cónaithe Mórscála (FCM)<br>• 10 gcruinniú ag céim na tuairime agus eisíodh 8 dtuairim |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 2.2.2 Raon cineálacha tithíochta sóisialta oiriúnacha a chur ar fáil agus a éascú a thacaíonn le daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu | In 2024, tá an Chomhairle Cathrach ag obair le CCTanna agus le comhpháirtithe eile chun cineálacha tithíochta sóisialta oiriúnacha a chur ar fáil chun tacú le daoine le riachtanais ar leith.<br>Faoi láthair tá 6 fhorbraíocht tithíochta ar láithreán ar fud na cathrach a chuirfidh 198 áras ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanas ar leith acu agus tá níos mó scéimeanna den chineál céanna ag an gcéim phleanála agus dheartha.<br><br>Amhail deireadh mhí Lúnasa 2024, tá áit chónaithe curtha ar fáil do thart ar 260 duine faoi mhíchumas. |
| | 2.2.3 An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019– 2024 a chur i bhfeidhm | Cuireadh athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2019-2024, i gcrích in R2, 2024, agus ghlac an Chomhairle Cathrach leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2025-2029 i mí na Samhna, 2024.<br>• Dáta críochnaithe don Chlós Súgartha i bPáirc Labré, R4, 2024<br>• 10 gcarbhán curtha ar fáil do thionóntaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoin Scéim Carbhán Éigeandála<br>• Síneadh liachta curtha le háit chónaithe i bPáirc Mhuire, dáta críochnaithe R4, 2024<br>• Deisiúcháin shuntasacha ar chóras draenála i bPáirc Iósaif agus Páirc Mhuire curtha i gcrích<br>• Fuarthas 6 áit chónaithe don Lucht Siúil go sonrach (tithíocht chaighdeánach).<br>• Athchóiríodh aonad amháin i bPáirc an Charad lena chur amach ar cíos in R4, 2024 |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 2.2.4 Raon tacaíochtaí tithíochta a chur ar fáil chun cur ar chumas daoine fanacht i dtithíocht a oireann dá riachtanais nó tithíocht dá leithéid a fháil | Deontais íoctha R1-R3, 2024:<br>• Deontais Oiriúnaithe Tithíochta: 610<br>• Deontas Áiseanna Soghluaisteachta: 63<br>• Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Aosta: 340<br><br>Iasachtaí Tithíochta an Údaráis Áitiúil, 2024:<br>• Iasachtaí Tí faofa: 53<br>• Iasachtaí Tí tugtha: 26<br>• Líon reatha Cuntas Iasachta: 2,148<br>• Leabhar Iasachta Reatha: €226 milliún<br><br>Scéim Ceannaigh Incrimintigh Tionóntaí, 2016:<br>• Iasachtaí Ceannaigh Tionóntaí tugtha, 2016 – 2024: 225<br>• Iasachtaí Ceannaigh Tionóntaí tugtha, 2024: 8<br><br>D'fhreagair an Rannóg Oibre Sóisialta 2,680 Glao Dualgais Oibre Sóisialta idir R1 agus R3, 2024 Iarratais ar an Scéim Foras Sóisialta Eisceachtúil: 889 Phléigh an tseirbhís Idirghabhála le hatreorú amháin |
| 2.3 Cabhrú go héifeachtach chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne | 2.3.1 Comhoibriú le ranna rialtais agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun samhail tithíochta ar cíos de réir costais a fhorbairt | Tá teagmháil chuiditheach ar siúl le RTRÁO, CCTanna agus páirtithe leasmhara eile i dtaca le tograí i gcomhair Scéimeanna Cíosa Costais<br><br>Tá forbraíocht bheartaithe Bhóthar Emmet, ar a bhfuil 578 aonad ar aonaid ar cíos de réir costais iad 441 acu, ag dul ar aghaidh. Dearadh mionsonraithe curtha i gcrích agus cuireadh tús leis an gcéim thairisceana in 2024. Conradh Cumasaithe Oibreacha le dámhachtain in R4, 2024. Foilsíodh an Príomhcheistneoir Measúnachta Oiriúnachta (CMO) in R3, 2024.<br><br>I dteannta obair na Comhairle Cathrach chun Cíos Costais a chur chun cinn ar scéim Bhóthar Emmet, tá an Chomhairle Cathrach ag obair le GFT agus CCTanna chun tacú leo lena gcuid oibre chun cíos costais a chur ar fáil agus faoi láthair tá 3,327 áit chónaithe ar cíos de réir costais ar láithreán, nó á thógáil, nó sna céimeanna pleanála agus deartha ar fud na Cathrach. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 2.3.2 Straitéis Tithíochta a fhorbairt a bhfuil Measúnú Éilimh Riachtanais Tithíochta (MERT) mar bhonn eolais fúithi mar chuid den chéad Phlean Forbartha eile | Tá Straitéis Tithíochta, a bhfuil MERT mar bhonn eolais fúithi i dtaca le soláthar tithíochta, lena n-áirítear an cion de thithíocht shóisialta atá a dhíth agus an gá atá le tionachtaí éagsúla agus méideanna éagsúla tithe, arna hullmhú mar chuid den Phlean Forbartha. Déanfar athbhreithniú uirthi seo mar chuid den chéad Phlean Forbartha eile, chun athruithe déimeagrafacha agus beartais a chur san áireamh inti. |
| 2.4 Dul i ngleic le heaspa dídine trí thrí mhór-réimse oibríochta – cosc, cosaint, agus cur chun cinn | 2.4.1 Creatphlean Gníomhaíochta do Bhaile Átha Cliath "Plean Gnó do Dhaoine gan Dídean 2019 – 2021" a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil | Rinne an Grúpa Bainistíochta Reachtúil agus Comhfhóram Comhairliúcháin Easpa Dídine Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar an bPlean Gnó do 2024. |
| | 2.4.2 Luath-idirghabháil a sholáthar do dhaoine atá gan dídean nó atá i mbaol easpa dídine | Ní raibh ar 1384 (766 teaghlach agus 617 duine singil) dul isteach i gcóiríocht éigeandála sa chéad 8 mí de 2024, mar gheall ar an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) (917), Tithíocht Shóisialta (467) nó cóiríocht fhadtéarmach. Tá an líon seo sa bhreis ar na tionóntachtaí atá faoi chosaint ag Seirbhísí Cosanta Tionóntachta Fheidhmeannacht Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath (FRDDBÁC) agus Threshold. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 2.4.3 Daoine gan dídean a chosaint trí chóiríocht éigeandála agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil | Leanadh le hiarrachtaí chun úsáid óstán le haghaidh cóiríocht teaghlaigh a laghdú, agus 413 teaghlach ag cur fúthu in óstáin tráchtála ag deireadh mhí Lúnasa, i gcomparáid le 871 i mí an Mhárta, 2017.<br><br>Fuair cónaitheoirí i moil teaghlaigh tacaíocht ar an láthair agus fuair teaghlaigh i saoráidí éigeandála atá á riar go príobháideach (Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach - CEPanna) comhairle tithíochta agus tacaíocht shóisialta ó fhoirne Tithíochta ENR/FRDDBÁC chomh maith le tacaíocht rochtana dírí ó FSS agus TUSLA. Faigheann daoine singil in CEPanna tacaíocht anois ó fhoireann bainistíochta cásanna Uirlise Comhlíontachta Measúnaithe Soláthair (UCMS) FSS, le béim mhéadaithe ar sheirbhísí sláinte agus andúile a chuirtear ar fáil ar bhonn rochtana dírí. Tá bainisteoirí cásanna ó Thionscadal Drugaí Ana Liffey, Cúil Mhín agus Focus Ireland mar bhaill den fhoireann.<br><br>Tugann na hOifigigh Tacaíochta Tithíochta cuairt ar gach saoráid CEP ar bhonn rochtana dírí. Tá níos mó rochtana ar thacaíochtaí soghluaiste ar fud gach CEP, rud a chuireann de réir a chéile leis na deiseanna atá ann d’idirghabhálacha sláinte nó tithíochta agus bainistíocht cásanna. |
| | 2.4.4 Conairí chuig réitigh thithíochta fhadtéarmacha a aithint agus a chumasú, ina measc, réitigh le haghaidh daoine a chodlaíonn amuigh trí chlár Tithíocht ar dTús | Tá 1018 teaghlach (458 clann agus 560 duine aonair) i ndiaidh cóiríocht éigeandála a fhágáil sna chéad ocht mí de 2024, tríd Scéim ÍCT (303) agus Tithíocht Shóisialta (715) lena n-áirítear Tithíocht Fhadtéarmach.<br>Idir mí Eanáir agus mí Lúnasa, 2024, cruthaíodh 78 tionóntacht nua Tithíocht ar dTús. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|---|---|
| 2.5 | Ról a imirt maidir le sábháilteacht a chinntiú do dhaoine ina dtithe agus sa ríocht phoiblí | 2.5.1 | Seirbhísí Dóiteáin, Tarrthála agus Otharchairr Éigeandála a chur ar fáil do phobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus contaetha Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas, agus Dhún Laoghaire Ráth an Dúin | • In 73.6% de theagmhais dóiteáin, bhí an tseirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad; In 99% díobh, ar an láthair laistigh de 20 nóiméad.<br>• Neamhthine (Seirbhís Speisialta): In 68.7% díobh, ar an láthair laistigh de 10 nóiméad 96.2% laistigh de 20 nóiméad. |
| | | 2.5.2 | Ag obair i gcomhar leis an nGarda Síochána agus an Comhchoiste Póilíneachta (CP) chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus ceisteanna sábháilteachta pobail | Cuireann Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána (AGS) agus Bainisteoir Feidhmeannais na Comhairle a bhfuil freagracht aige/aici as CPanna tuairiscí faoi bhráid gach cruinnithe.<br><br>Rinneadh cur i láthair agus/nó tugadh tuairiscí chun dáta ar na hábhair seo a leanas ó 2023 go dtí an lá inniu:<br>• Oiliúint Cleachtais Thrámabhunaithe, ag díriú ar Bhainistíocht Eastát, Sábháilteacht Pobail agus oiliúint foirne; Treochtaí maidir le Drugaí sa Chathair,<br>• Leathnú amach Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil (An Roinn Dlí is Cirt)<br>• Líonra na gCathracha Láidre<br>• Cur i láthair le hionadaithe ó chuideachtaí iompair, Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Bus Bhaile Átha Cliath, LUAS, agus Iarnród Éireann. |
| | | 2.5.3 | Coimpléisc agus eastáit tithíochta na comhairle cathrach a bhainistiú go héifeachtach | Chuir an tAonad Bainistíochta Eastát Lárnach oiliúint ar fáil do gach ball foirne i mBainistíocht Eastát in R4, 2023, agus reáchtálfar tuilleadh oiliúint reachtúil in R1, 2025. D'eagraigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roinnt cruinnithe le CCTanna i dtaca leis an Straitéis Bainistíochta Eastát agus an próiseas le haghaidh forfheidhmiú cuí. |

# Sprioc 2

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
| --- | --- | --- |
| | 2.5.4 Forbairt timpeallachta tógtha agus spásanna poiblí a chur chun cinn atá deartha le haghaidh coirpeacht agus iompar frithshóisialta a dhíspreagadh, rud a chuireann sábháilteacht chun cinn agus a thagann le prionsabail an dearaidh uilíoch | Leanann an Tionscadal Aonad Cumhachtoibritthe (ACO) air ag déanamh cigireachta agus measúnachta riosca ar na haonaid atá faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach agus obair dheisiúcháin a chur i bhfeidhm orthu. Amhail mí Dheireadh Fómhair, 2024, tá cigireacht déanta ar bhreis is 700 aonad agus cuireadh comhaid sábháilteachta ar fáil le haghaidh 333 aonad d'úinéirí aonad éagsúla.<br><br>Tá conradh oibreacha deisiúcháin le haghaidh cothabháil tithíochta curtha i gcrích agus tá conradh oibreacha nua do gach aonad Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (BDBÁC) tosaithe.<br><br>Tá cuspóirí an Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha chun a chinntiú go gcuirtear prionsabail dea-chleachtais sa dearadh uilíoch agus sa chosc ar choireacht trí dhearadh timpeallachta san áireamh san Iarratas Pleanála agus sa phróiseas Chuid 8. Le hinfheistíocht sa ríocht phoiblí (An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) san áireamh), leantar le heispéireas coisithe agus gníomhaíocht geilleagair a fheabhsú, rud a chuireann tréscaoilteacht agus sábháilteacht chun cinn trí fhaireachán neamhghníomhach méadaithe. |
| | 2.5.5 Tacú le rannpháirtíocht phobail i sábháilteacht agus slándáil trí na cláir oideachais agus feasachta dóiteáin, uisce agus sábháilteachta ar bhóithre | Forbraíodh Feachtas Sábháilteachta ó Dhóiteán a raibh feachtas ar na meáin mar chuid de. Foilsíodh an teachtaireacht sábháilteachta ó dhóiteán ar na meáin thraidisiúnta, ar líne, agus shóisialta.<br><br>Foilsíodh comhairle sábháilteachta ó dhóiteáin chuig earnálacha éagsúla chun sábháilteacht ó dhóiteán a fheabhsú agus a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha.<br><br>Dáileadh 1500 aláram dóiteáin. Dáileadh aonaid bhreacbhodhaire ar eagraíochtaí spriocdhírithe freisin in 2024 chun tacú le sábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile.<br><br>Próiseáladh 100% de na hiarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán laistigh de na teorainneacha |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | ama ábhartha chun comhlíontacht a chinntiú agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt ag an am céanna.<br><br>Córas Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta (CBRF) curtha i bhfeidhm agus 99% de gach iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán ar CBRF.<br><br>Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóthar i bhfeidhm agus tagann an grúpa páirtithe leasmhara le chéile go rialta. Tá dhá scáileán chliste tugtha isteach ag Oifig Cosanta na nDobharlach (OCD), ceann amháin ag Cnocán Doirinne agus ceann eile ag Dumhach Thrá, is tá siad go hiomlán féinchumhachtaithe, ó fhuinneamh gaoithe agus painéal gréine. Léiríonn na scáileáin chliste faisnéis faoin Uisce Snámha, faisnéis agus feasacht sábháilteachta do lucht snámha agus pobail.<br><br>Leanadh le leathnú amach an chórais rianaire baoithe tarrthála GPS. |
| | 2.5.6 Ullmhú d'fhreagra comhordaithe idirghníomhaireachta ar mhóréigeandálaí ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, agus é a dhéanamh, i gcomhréir leis an gCreat um Móréigeandálaí | Lean Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath lena teagmháil le:<br>• Grúpa Oibre agus Foghrúpaí Bhainistíocht Móréigeandála Réigiún an Oirthir: Rannpháirtíocht i dtrí fhreachnamh BMÉ idirghníomhaireachta le linn 2024.<br>• Comhlíonadh iomlán Rialacháin Rialaithe Guaiseacha Mórthionóiscí (RGM) ÚSS/ Seveso, rinneadh an 5 fhreachnamh Idir-Ghníomhaireachta Seveso a bhí le déanamh, agus tástáladh Pleananna Éigeandála Seachtracha ar 5 shuíomh le linn 2024.<br>• Cosaint Shibhialta Bhailte Átha Cliath: Oifigigh<br>• CS rannpháirteach i gcruinnithe agus freachnaimh Ghrúpaí Oibre agus Fhoghrúpaí BMÉ Réigiún an Oirthir. Tugadh tacaíocht do Fhreachnaimh Ollbháis, Aslonnaithe agus Ionad Faoisimh na nÚdarás Áitiúil. Bogadh go dtí Ceanncheathrú CS Bhaile Átha Cliath nua i nGort na Silíní i mí Mheán Fómhair<br>• D'éascaigh Foghrúpa Oiliúna agus Freachnaimh Réigiún an Oirthir 3 Chúrsa Bainistíochta Faisnéise. |

# Sprioc 3

## Chun geilleagar láidir agus éagsúil a shaothrú

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 3.1 Tacú go réamhghníomhach le micrifhiontraíochtaí, fiontraíochtaí beaga agus meánmhéide a chruthú agus a láidriú sa chathair | 3.1.1 Raon tacaíochtaí a chur ar fáil, lena n-áirítear Ionad Ilfhreastail agus Clár Cúrsaí Oibre, do ghnólachtaí nuathionscanta agus i mbéal forbartha | D'éirigh le hOifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath a raon iomlán seirbhísí a chur ar fáil agus na méaduithe seo a leanas ó R3, 2024, bunaithe ar R3, 2023:<br>• Glaonna: 1,770- méadú de 143<br>• Ríomhphoist: 4,391 - méadú de 733<br>• Uaireanta Meantóireachta: 1,172 - méadú de 218<br>• Clinicí Comhairle Gnó: 40 - méadú de 1<br>• Rannpháirtithe: 806 - méadú de 157<br>• Cúrsaí Oiliúna: 214 - méadú de 52<br>• Rannpháirtithe Oiliúna: 4,087 - méadú de 158<br><br>Reáchtáladh clár earraigh Cúrsaí Oibre ag an Leabharlann agus an clár Fómhair faoi lánseol.<br><br>Reáchtáladh 31 imeacht le linn Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla<br><br>Cuireadh 3 ghrodchúrsa Tosaigh do Ghnólacht Féin ar fáil |
| | 3.1.2 Tacaíocht a thabhairt d'earnálacha eacnamaíochta aitheanta:<br>• Teicneolaíocht<br>• Fiontraíocht Shóisialta<br>• Gnó glas / geilleagar ciorclach<br>• Turasóireacht<br>• Margaí<br>• Bia<br>• Dearadh | In 2024, bhí Gradaim Fiontraíocht Sóisialta Bhaile Átha Cliath deich mbliana ar an bhfód. Go dtí seo bronnadh gradaim ar 58 fiontraíocht shóisialta agus tugadh tacaíocht dóibh.<br><br>Tá oiliúint Gheilleagar Ciorclach MODOS fós á tabhairt i gcomhar le hOifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre.<br><br>Seoladh Straitéis Geilleagair Oíche.<br><br>D'éirigh le Cathair Bhaile Cliath ina iarratas ar a bheith ar Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste, 2024.<br><br>• Faoin bplean Fiontraíochta, faomhadh 49 deontas ar luach díreach os cionn €1,118,466 le tacú le 85 deis fostaíochta i ngeilleagar Chathair Bhaile Átha Cliath (80% den sprioc bhliantúil bainte amach go dtí seo) |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | • Tá an Oifig Fiontair Áitiúil ag obair in éineacht le Fiontraíocht Éireann chun raon táirgí a chur ar fáil agus sháraigh sí a sprioc sa chatagóir soláthair tacaíochta seo.<br>• Tá an Táirge Trádáil ar Líne i ndiaidh tacú le raon earnálacha gnó chun a láithreacht ar líne a mhéadú trí ghnó a dhéanamh ar líne ar luach sa bhreis ar €269,666 (gnáthluach deontais €2,300).<br>• Mar chuid de chomórtas Gradam Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, roghnaigh OFÁ Drink Botanical chun ionadaíocht a dhéanamh ar son Chathair Bhaile Átha Cliath sa Ghradam Fiontraíochta Náisiúnta i mí na Bealtaine, 2024, áit ar bhuaigh siad gradam 'Coinnigh Súil Orthu'.<br>• Digiteach le Gnó: 5 chuideachta.<br>• Glas le Gnó: 43 cuideachta a fuair gradam 15 sa bhreis ar sprioc 2024.<br>• Barainneach le Gnó: 17 gcuideachta a fuair gradam<br>• Clár Luathaithe Onnmhairí: 9 gcuideachta rannpháirteach faoi láthair. 4 cinn sa bhreis ar an sprioc. |
| | 3.1.3 Suímh a aithint agus soláthar raoin cóiríochta oiriúnaí a éascú d'fhorbairt gnó lena n-áirítear moil fiontraíochta agus spásanna oibre comhionaid | Tá google map éiceachórais bheo de mhoil fiontraíochta á óstáil ar láithreáin ghréasáin OFÁ Bhaile Átha Cliath agus Branda Dublin Place agus déantar nuashonrú air gach bliain.<br><br>Cuireadh staidéar féidearthachta i gcrích in 2024, a dhírigh ar riachtanais na mol fiontraíochta chun tacú le geilleagar ciorclach nasctha idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. |
| 3.2 Fás eacnamaíochta na cathrach a phleanáil agus tacú leis trí threochtaí nua eacnamaíochta a thuiscint agus freagairt dóibh | 3.2.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar Cathair Bhaile Átha Cliath: Forbairt Eacnamaíochta a chur chun cinn, 2018 – 2021 | Cuirtear an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta: Forbairt Eacnamaíochta a Stiúradh, 2022-2024 i bhfeidhm trí phleananna gníomhaíochta bliantúla a nuashonraítear gach ráithe chun dul chun cinn a rianú. |

# Sprioc 3

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 3.2.2 Fóram Eacnamaíochta Inmheánach a chruthú chun míreanna a aithint lena gcur faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontair agus tionscadail taighde d'institiúidí tríú leibhéal | Tá comhoibriú leanúnach ar siúl le gach Ollscoil i mBaile Átha Cliath trí ENFUSE agus teagmháil bhreise le OT Bhaile Átha Cliath chun páipéir thaighde ghairide a sholáthar ar dhúshláin oiriúnacha atá roimh an gcathair. |
| | 3.2.3 Monatóir Geilleagrach Bhaile Átha Cliath Ráithiúil a Fhoilsiú | • Le 12 mhí anuas, tá méadú 19%, go 397, tagtha ar na síntiúis liosta seolta<br>• Reáchtáladh imeacht Turasóireachta Inbhuanaithe in R1 le tarlú san am céanna inar ainmníodh Baile Átha Cliath mar Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste, 2024<br>• Foilsíodh 3 fhíseán cloigne cainte agus 16 alt léargais ar www.dublineconomy.ie<br>• Foilsíodh agus cuireadh chun cinn trí 3 MGBÁC, 3 Innéacs na mBainisteoirí Ceannaigh (IBCanna), 3 Chuisle Caithimh agus 3 ráiteas IDC |
| 3.3 Acmhainn iomaíochta Réigiún na Cathrach a láidriú trí chomhoibriú leanúnach leis na húdaráis áitiúla ina aice linn agus cur lenár naisc idirnáisiúnta | 3.3.1 An chathair a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar áit ar féidir infheistíocht a dhéanamh inti, cuairt a thabhairt uirthi agus maireachtáil inti trí Dublin.ie | Forbraíodh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta chun tacú le treo Bhranda Dublin Place amach anseo.<br><br>Cuireadh feachtas 'Always Brighter Stories' 2024 i bhfeidhm i gcomhar leis an Ardmhéara inar taispeánadh cineáltas agus inchuimsitheacht ar fud Bhaile Átha Cliath.<br><br>Cur chuige comhoibritheach a bheidh sa chéad fheachtas eile a chomhaontófar le gach údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus pleananna ann chun ábhar an fheachtais a fhorbairt in R4, 2024 agus an feachtas a sheoladh in R1, 2025.<br><br>Forbraíodh leathanach LinkedIn chun cur leis na bealaí sóisialta eile atá in úsáid ag foireann Bhranda Dublin Place. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 3.3.2 Naisc lenár gComhchathracha reatha a neartú trí thionscnaimh agus malairtí comhthairbhe agus gníomhú mar chéad phointe teagmhála do thoscairí cuairte ó chathracha, gnólachtaí agus rialtais | Bhí Ardmhéara Bhailte Átha Cliath i gceannas ar Thoscaireacht na Comhairle Cathrach chuig San José i mí Feabhra, 2024, agus chuir sé fáilte roimh thoscairí ó San José, Denver, Cathair Incheon, Súl, Nanjing, An Mholdóiv agus Vítneam.<br><br>Chuir Baile Átha Cliath, agus é mar óstach ar sheoladh Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste, fáilte roimh 100 ionadaí, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, Comhairle Cathrach Sevilla, agus Cathair Valencia. Bhronn an Coimisiún Eorpach gradam “Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste” do 2024 ar an Ardmhéara.<br><br>Síneadh Comhaontú Cairdis 4 bliana le Cathair Ramallah, an Phalaistín ar an 2 Nollaig, 2023. |
| | 3.3.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (PFRBÁC) go dtí 2020 | Tá an Chomhairle Cathrach i gceannas ar 20 de na 26 beart PFRBÁC trí thuairiscí chun dáta a chur le fáil, Grúpaí Oibre a óstáil agus freastal ar chruinnithe na nGrúpaí Stiúrtha agus tuairisciú dóibh. |
| | 3.3.4 Leanúint orainn ceannaireacht a dhéanamh ar Chomhpháirtíocht Bhithsféir EOECNA Chuan Bhaile Átha Cliath chun cuspóirí éiceathurasóireachta agus forbartha a bhaint amach | Níl aon tuairisc chun dáta |

# Sprioc 4

## Dlúthfhás a chur chun cinn le bonneagar nasctha

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 4.1 Ról ceannaireacht a ghlacadh maidir le comhoibriú le comhpháirtithe cathrach chun córas iompair phoiblí níos comhtháite a mhéadú agus a thógáil sa chathair | 4.1.1 Obair le Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun MetroLink a chur chun cinn agus tionscadal Bus Connects a éascú | Bíonn Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh i dteagmháil go rialta le BIÉ agus ÚNI faoi áiteanna ina bhfuil trasnú idir an Líonra agus tionscadail Metrolinks agus Bus Connects. Cuirfidh clár Bus Connects 90km de Líonra Taistil Ghníomhaigh Bhaile Átha Cliath ar fáil chun teacht leis an 314km eile de.<br><br>Le linn 2024, chuaigh Pleanáil Iompair i dteagmháil go rialta le BIÉ agus ÚNI chun a n ionchur ar an bpróiseas bainistíochta forbartha a chinntiú, le go mbeadh aird ag láithreáin forbartha ar fud na cathrach ar thionscadail Bus Connects agus Metrolink, agus le go gcuirfidís spás i leataobh dóibh.<br><br>Leanadh le hobair ar dhearadh láithreáin oibreacha Metrolink agus ar bhainistíocht tráchta timpeall gach láithreáin. 5/8ú d'athdhearadh líonra Bus Connects curtha i gcrích agus roinnt idirghabhálacha déanta ag an gComhairle Cathrach ar fud na Cathrach. |
| | 4.1.2 Bonneagar Rothaíochta a chur ar fáil mar chuid de Bus Connects agus chun é a cheangal le MetroLink | Tá aighneachtaí déanta ar gach conair Bus Connects agus leanann Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh uirthi ag déanamh teagmhála le ÚNI i dtaca leis an trasnú idir an Líonra Taistil Ghníomhaigh agus conairí Bus Connects. |
| | 4.1.3 Staidéar Iompair Lár Bhaile Átha Cliath a chur ar fáil chun fás maidir le líon na bpaisinéirí iompair taistil agus modhanna gníomhacha taistil a chumasú | Leanann Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh uirthi ag obair go dlúth leis an Rannóg Tráchta agus ÚNI chun comhtháthú iomlán a chinntiú le Tionscadail Taistil Ghníomhaigh ag áiteanna ar leith ar nós Phlás Beresford, Ché Éidin agus Ché Aston. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 4.2 Raon roghanna taistil malartacha agus atá ag teacht chun cinn a sholáthar agus tacú leo, le béim ar leith ar rothaíocht agus siúl | 4.2.1 Moltaí Chathair Bhaile Átha Cliath ó líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm | Tá an Líonra Taistil Ghníomhaigh méadaithe go 32.8km. Tá 6 thionscadal á dtógáil agus 2 thionscadal eile le tosú roimh dheireadh 2024 agus 45 tionscadal ag céimeanna éagsúla pleanála agus deartha.<br><br>Le linn 2024, chinntigh Pleanáil Iompair gur cuireadh spás i leataobh ar láithreáin forbartha phríobháideacha ar fud na cathrach le haghaidh tionscadail rothaíochta le linn an phróisis bainistíochta forbartha. |
| | 4.2.2 An méid spáis atá ar fáil do choisithe i lár na cathrach a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil sé d’ardchaighdeán | I measc na dtionscadal atá á dtógáil faoi láthair lena gcuirfear bonneagar cathaoireacha rothaí, siúil, agus rothaíochta ar fáil tá:<br>• Céim 1 de Chonair an Chósta Thoir<br>• Cill Mhaighneann go Sráid Thomáis<br>• Cluain Tarbh go Lár na Cathrach (CTLC)<br>• Céim 3 de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga<br>• Feabhsúcháin ar Acomhal na Canálach Móire<br>• Cé Aston go Cé Sheoirse<br><br>Le linn 2024, chinntigh Pleanáil Iompair gur chuir forbraíochtaí príobháideacha ar fud na cathrach spás méadaithe do choisithe agus ríocht phoiblí d’ardchaighdeán ar fáil mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha.<br><br>Mar chuid de Phlean Iompair Lár na Cathrach, tá sé beartaithe níos mó limistéar do choisithe a chruthú i roinnt láithreacha sa chathair. Tá foireann tionscadal ceaptha anois i gcomhair Thionscadal Fhaiche an Choláiste/Shráid an Dáma. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 4.2.3 Úsáid mol soghluaisteachta a chur chun cinn agus gach modh taistil inbhuanaithe a chomhtháthú i gcomhaontú Soghluaisteachta mar Sheirbhís | Le linn 2024, d'fhorbair Pleanáil Iompair straitéisí comhtháite i gcomhar le forbróirí le haghaidh láithreáin mhóra forbraíochta/ceathrúna cathrach ar fud limistéar na Comhairle Cathrach. San áireamh sna straitéisí seo bhí soláthar mol soghluaisteachta a chuireann sraith seirbhísí chomhtháite ar fáil, scéimeanna comhroinnte carr agus rothar, luchtú FL agus rothar leictreach ina measc. |
| | 4.2.4 Leanúint lenár gcórais iompair chliste a fhorbairt agus úsáid a bhaint as cinnteoireacht shonraíbhunaithe le haghaidh pleanáil iompair, agus ionsamhlú cathrach fíor-ama, córais tosaíochta busanna agus SCATS (Córas Tráchta Oiriúnaitheach Comhordaithe Sydney) a bheith mar chuid de | Tá obair ar bun chun an córas tosaíochta busanna a uasghrádú go dtí an chéad ghlúin eile de shonraíochtaí an Uathchórais Aimsithe Feithicle (UAF).<br>Tá córas SCATS á uasghrádú agus tá Cloch Choirnéil (Cornerstone) á cur leis.<br>Tá athdhearadh déanta ar chóras ceadanna FET (Feithicil Earraí Troma) agus foilseofar é le córas nua go luath. |
| 4.3 Treoir agus fís a chur ar fáil i dtaca le soláthar bonneagair dhigitigh chun cur ar chumas na cathrach leas a bhaint as na deiseanna a chuireann teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn ar fáil | 4.3.1 Teileachumarsáid agus bonneagar TFC in áiteanna oiriúnacha ar fud na cathrach a spreagadh agus a éascú mar mhodh chun iomaíochas eacnamaíochta a fheabhsú agus bealach chun cur le gluaiseacht inbhuanaithe tríd an ngá atá le taisteal a laghdú | Leanann an tAonad Teileachumarsáide air ag dul i dteagmháil agus ag cabhrú le tionscal agus Oibreoirí Líonraí Soghluaiste chun féachaint le leathanbhanda agus clúdach líonraí soghluaiste a fheabhsú ar fud na cathrach.<br><br>Tá an obair thógála a bhaineann leis an mBonneagar Teileachumarsáide ar dhíon Ionad Pobail Bhaile Bocht curtha i gcrích. Tá athbhreithniú ar chárta Rátála Teileachumarsáide críochnaithe agus tá mapáil ar Shonraí Foilsithe agus Sócmhainní fós ar siúl.<br>Tá obair curtha i gcrích ar fhíseáin Faisnéise Teileachumarsáide, atá dírithe ar an bpobal agus ionadaithe a chur ar an eolas faoi Shábháilteacht, Nascacht agus Líonra Teileachumarsáide. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | Foilsíodh an Coinníoll Pleanála agus an Treoir maidir le Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh chun rochtain oscailte a chinntiú d'Aonaid Ilchónaithe.<br><br>Faomhadh pleanáil agus tá tógáil le tosú ar an aonphol Teileachumarsáide i bPáirc Chill Bharróg. |
| | 4.3.2 Dugthailte Cliste a dhaingniú mar láthair thástála do thionscnaimh nua a bhaineann le teicneolaíocht | Leis an gclár nua ceantar cliste (Dugthailte Cliste, BÁC Cliste agus DCU Cliste), is láthair thástála é Baile Átha Cliath le haghaidh réitigh uirbeacha nuálacha rud a chuireann dlús le nuálaíocht uirbeach agus deiseanna teicneolaíochta cliste. Le linn 2024, mhéadaigh Dugthailte Cliste ar a chumarsáid le pobail áitiúla i dtaca le teicneolaíochtaí cliste, lena n áirítear ceardlanna, turais nuálaíochta, agus suirbhé rannpháirtíochta pobail le breis is 400 aighneacht. Chuir sé seo bonn eolais faoi Thionscadail Gairm ar Threoirthionscadail a chuireann teicneolaíochtaí cliste i bhfeidhm (41 feidhmchlár agus 4 réiteach á gcur i ngníomh).<br><br>Chuaigh Academy for the Near Future i dteagmháil le breis is 400 mac léinn le linn na bliana mar chuid de mhonatóireacht eolaíochta saoránach, agus chomh maith leis sin reáchtáil sé clár 'Dear do Chathair sa Todhchaí' agus chuir sé clár nua ar fáil faoi Nascacht i gCathracha darb ainm Connective Detective. |
| | 4.3.3 Úsáid a bhaint as bonneagar nua agus atá ann cheana féin chun a chinntiú go bhfuil na príomhchonairí isteach sa chathair á n-oibriú ar bhealach nasctha CIC (Córas Iompair Cliste) chun conairí bainistithe a chur ar fáil do bhusanna agus chun sábháilteacht agus gluaiseacht éifeachtach a chinntiú | Cuirfear obair ar líonra snáthoptaice i gcrích ar an gcéad chonair Bus connects ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach go luath, agus bainfear úsáid as an tsonraíocht seo i gconairí eile.<br><br>SFF (Samhaltú Faisnéise Foirgnimh) a fhorbairt ar gach tionscadal tógála tuilte nua. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 4.3.4 Foinse dhigiteach iontaofa a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí nasctha agus uathrialaitheacha agus a chinntiú go bhfuil mapáil dhigiteach d'ardchaighdeán i láthair | Páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre na Roinne Iompair ar fheithiclí nasctha agus uathrialaitheacha, agus freastal ar Chruinniú Ardleibhéil AE in Gent ar an ábhar seo chun coinneáil cothrom chun dáta maidir le riachtanais. |
| 4.4 Dlúis inbhuanaithe agus an úsáid is fearr as talamh thearcúsáidte, fholamh agus athfhorbraíochta a spreagadh agus a éascú | 4.4.1 Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath agus Pleananna Ceantar Áitiúil a ghabhann leis a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as talamh na cathrach d'fhorbairt amach anseo | Tá Plean Forbartha, 2022–2028, Criosanna Forbartha Straitéisí, agus Pleananna Ceantar Áitiúil á gcur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha agus trí Mhaoiniú Athghiniúna agus Forbartha Uirbí. Tá Pleananna Ceantar Áitiúil Bhaile Munna agus Ghort na Silíní fós á gcur i bhfeidhm trí obair trasrannóige a dhéanamh chun na cuspóirí a bhaint amach de réir mar atá a thagann forbairt chun cinn.<br><br>In 2024, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath obair ar thionscadal 'Imeall na Cathrach' chun suímh agus ceantair thosaigh a aithint le haghaidh athghiniúint uirbí. |
| | 4.4.2 Athfhorbairt Chrios Forbartha Straitéisí na nDugthailte, Athfhorbairt Ceantar Forbartha agus Athghiniúna Straitéisí agus athfhorbairt oiriúnach cúlsoláthar talún tionsclaíoch á éascú agus a bhrú chun cinn | Tá Crios Forbartha Straitéisí na nDugthailte á chur ar fáil tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha. Ag cruinniú na Comhairle i mí Feabhra, chinn na comhaltaí Leagan Uimh. 4 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2028, agus rinneadh Máistirphlean Bhaile Shéamais Fhionnghlaise a chur isteach mar chuid den phlean. Rinneadh dul chun cinn ar phlean Bhaile an Bhogáin le linn 2024, agus reáchtáladh comhairliúcháin le comhaltaí tofa, úinéirí talún agus grúpaí pobail. Beidh an dréachtphlean réidh le haghaidh comhairliúcháin phoiblí go luath in 2025.<br><br>Ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair, chinn na Comhaltaí Tofa, síneadh ama a chur le Plean Ceantar Áitiúil (PCA) 2019 na Páirce Thiar-Ghort na Silíní ar feadh cúig bliana eile. Tagann an PCA reatha le croístraitéis Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | Cliath, 2022-2028, agus, leis an bhforbairt fós ar feitheamh i dtaca le roinnt láithreáin thábhachtacha, leis an síneadh ama, éascófar cuspóirí an PCA, nár baineadh amach go fóill, a bhaint amach. |
| | 4.4.3 An úsáid is fearr talún agus foirgneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear láithreáin thábhachtacha faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, trí chuir chuige bainistíochta talún ghníomhacha agus bainistíocht éifeachtach ar phunann réadmhaoine tráchtála na Comhairle Cathrach | Tá dréachtphróiseas na n-aighneachtaí don Cháin Talún Criosaithe Cónaithe (CTCC) dúnta don bhliain 2024.<br><br>As na 51 úinéir talún agus tríú páirtithe a rinne aighneachtaí chun dúshlán a thabhairt faoi thalamh a cuireadh san áireamh nó as an áireamh, rinne 25 acu achomharc leis an mBord Pleanála (ABP). Cuireadh gach ceann ar aghaidh chuig an Aonad Bainistíochta Talún Gníomhaí chun tuilleadh faisnéise/soiléiriú a iarraidh rud a próiseáladh agus tugadh iad ar ais do ABP laistigh den spriocdháta a éilíodh.<br><br>Fuarthas ceithre iarratas ar athchriosú, agus tá sé beartaithe athrú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022 – 2028, i dtaca le ceann amháin de na trí aighneacht seo – Tailte ag Uimhir 1 Teach na Canálach Ríoga, Páirc na Canálach Ríoga, Baile Pheiléid, Baile Átha Cliath 15.<br><br>Tháinig an Grúpa Stiúrtha Bainistíochta Talún Gníomhaí le chéile go rialta le linn 2024.<br><br>Rinneadh 30 Athbhreithniú Cíosa, 30 Diúscairt Feo Simplí, 13 Dhiúscairt Ceadúnais agus 8 nDiúscairt Léasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024. Sa mhullach ar sin, bhí 1 Chíos Gearrthéarmach agus 1 Mhalartú Tailte/Ceart Aeir.<br><br>Leanann Aonad na Láithreán Tréigthe air ag déanamh cigireachta agus monatóireachta ar láithreáin agus leanadh le straitéis fála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Amhail deireadh Mhí Mheán Fómhair bhí 128 réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe. |

# Sprioc 4

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 4.4.4 Daoine a spreagadh chun cónaí i lár na cathrach trí chónaí in árasáin d'ardchaighdeán a chur chun cinn | Tá tacaíocht ghníomhach á chur ar fáil don Tionscnamh na Cathrach Beo agus do thograí eile a chuireann úsáid na n-urlár uachtarach chun críocha cónaithe i bhfoirgnimh thráchtála i lár na cathrach chun cinn. Ó cuireadh tús leis an tionscnamh, faomhadh 225 iarratas - 128 acu ó úinéirí lonnaitheacha agus bhain 97 acu le hiarratais chónaithe cíosa. |
| 4.5 Ár ríocht phoiblí a chothabháil agus a fheabhsú chun sraithe de spásanna agus naisc phoiblí d'ardchaighdeán atá nasctha agus inrochtana do chách a chur ar fáil | 4.5.1 Bonneagar sráide agus cosáin, soilsiú poiblí agus troscán sráide na cathrach a chothabháil agus a bhainistiú, chun ríocht phoiblí sábháilte, inrochtana agus d'ardchaighdeán a chinntiú do chách | Bhí iarracht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar sprioc maidir le Clár Oibreacha Bliantúla €20 milliún a chur i gcrích in 2024. Leis seo, bainfear amach 35km d'achoimriú/nó atógáil carrbhealaí agus 30km de chosáin a dheiseofar nó a athnuafar. Bhí ar Rannóg ar sprioc freisin chun 5,500 locht agus guais ar an líonra bóithre a dheisiú/ a dhéanamh slán.<br><br>Tá Treoirlínte Nua Rialachais Tionscadail á bhforbairt agus tá le cur i bhfeidhm agus le leathnú amach le linn R4, 2024.<br><br>Leanann Oifig Tacaíochta Tionscadal Corparáideach uirthi ag tuairisciú ar dhul chun cinn an Chláir Caipitil agus tionscadal don Bhord Rialachas Clár Caipitil, agus tugtar achoimre ar thart ar 100 tuairisc chun dáta gach ráithe don Bhord agus breithníodh breis is 33 faomhadh tionscadal faoi R3, 2024.<br><br>Cuireadh comhordú na Tuairisce Dearbhaithe Cáilíochta 2023 don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) i gcrích go rathúil, agus foilsíodh an tuarascáil i mí na Bealtaine.<br><br>Forbraíodh Straitéis Bainistíochta Dramhaíola bunaithe ar na Trí Théama seo: Feabhsúcháin Oibríochta; Forfheidhmiú agus Athrú Rialachán; Feasacht agus Cosc ar Bhruscar.<br><br>Cumraíodh an Córas Bainistíochta Sócmhainní Iompair (TAMS) chun tacú le hoibriú agus cothabháil Dhroichead Samuel Beckett ag an gConraitheoir nua Oibríochta agus Cothabhála (O&C). Tá obair leanúnach ar siúl chun comhtháthú a chríochnú idir CBL (Córas Bainistíochta |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | Lárnach) do Shoilsiú Pobail agus an córas náisiúnta ceadúnais oscailte bóithre, MRL. Cumraíodh an córas freisin lena úsáid ag Rialú Oibreacha Bóithre i gcomhair ceadúnú agus bainistíocht scipeanna bruscair, clársconsaí agus crann tógála, agus i gcomhair dúnta bóithre agus ualaí as an ngnáth.<br><br>Tá an bonneagar Soilsithe Phoiblí á uasghrádú ar fud na cathrach anois. |
| | 4.5.2 An clár tionscadal céimnithe i Máistirphlean Ríochta Poiblí Lár na Cathrach 2016 – 2034 a chur i bhfeidhm | Oibreacha Feabhsúcháin Shráid na Life agus Cearnóg Bharra an Teampaill: Oibreacha tógála sceidealaithe lena gcur i gcrích roimh dheireadh 2024<br><br>Sráid Chathail Brugha: Cuirfear iarratas ar Chuid 8 isteach i mí na Samhna, 2024<br><br>Sráid Suffolk: Cuirfear tús le hoibreacha ar an Tionscadal arís in R4, 2024 |
| | 4.5.3 Tograí athbhreithnithe do Phlás Fhaiche an Choláiste a chur chun cinn | Níl aon tuairisc chun dáta |
| | 4.5.4 Bheith i gceannas ar na próisis choincheapa agus deartha do mhórthionscadail bonneagair droichid | Chuir Pleanáil Iompair comhairle pleanála agus ionchur ar fáil do Dhearadh agus Tógáil Bóithre le linn 2024 maidir le mórthionscadail droichid. |
| 4.6 I gcomhar le hUisce Éireann, bonneagar Seirbhísí Uisce a bhainistiú agus a fheabhsú | 4.6.1 An Comhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann a bhainistiú agus an clár comhaontaithe oibre a chur i bhfeidhm | Ó mhí Mheán Fómhair, 2023, tá freagracht iomlán glactha ag Uisce Éireann as Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a chur ar fáil. Shínigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta le hUisce Éireann, ina mionsonraítear na tacaíochtaí a chuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil go dtí deireadh 2026, faoi réir an mhaoinithe riachtanaigh ó Uisce Éireann. |

# Sprioc 5

## Tacú le pobail ghníomhacha, ionchuimsithe agus iad a mhealladh

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 5.1 An deis a chur ar fáil do dhaoine chun rochtain a fháil ar áineas allamuigh agus timpeallachtaí nádúrtha trínár líonra páirceanna agus spásanna glasa a fheabhsú agus a leathnú | 5.1.1 Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2017 – 2022 a chur i bhfeidhm | Bhain Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Gradam Páirce Brataí Glaise, an caighdeán idirnáisiúnta maidir le cáilíocht, amach do 12 Pháirc.<br><br>Tionscadail in 2024:<br>• Páirc San Anna, Cliathán Thuaidh Red Stables, athchóiriú críochnaithe agus díon nua curtha air<br>• Páirc Lár Bhaile Munna, tosaithe ar an láithreán dáta críochnaithe socraithe do R2, 2025<br>• Páirc Chill Dónáin Fionnghlais - Páirc Uile-Aimsire curtha i gcrích<br>• Páirc Chuan Portobello - Cuid 8 ar siúl |
| | 5.1.2 Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rochtain inbhuanaithe ar na sléibhte a bhaint amach do shaoránaigh agus cuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath | Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rochtain ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath a fheabhsú do chuairteoirí agus do Thionscadal Athmhaisithe Shléibhte Bhaile Átha Cliath atá ag cur clár ilbhliantúil athphlandaithe speiceas buaircíneach i bhfeidhm le speicis atá níos fearr don bhithéagsúlacht. |
| 5.2 Saoránacht Ghníomhach a éascú i bpobail na cathrach agus teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara | 5.2.1 Tionscnaimh forbartha agus ionchuimsithe shóisialta áitiúil a fhorbairt tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil | Is ionann luach an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) don tréimhse 2024-2028 agus €48,716,466. Dáileadh maoiniú CCSGP do dhaoine nua ar na 5 Chuideachta Forbartha Áitiúla agus b'ionann an maoiniú sin agus €604,840 do 2024.<br><br>Tá na cinn seo a leanas i measc cláir eile a cuireadh i bhfeidhm in 2024 tríd an CFPÁ, maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP), nó cómhaoinithe ag RFTP agus an Chomhairle Cathrach le €2,855,266:<br>• An Clár Cumhachtaithe Pobal (4 thionscadal)<br>• An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (71 tionscadal)<br>• An Clár Forbartha Pobail (2 thionscadal)<br>• Making Cherry Orchard Better<br>• Ionad Eachaí Ghort na Silíní<br>• Clár Seirbhísí Pobail Lár na Cathrach<br>• Feachtas Drugaí Ar Fud na Cathrach |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | • Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil Áitiúla (3 thionscadal)<br>• Cistiú na gCuntas Díomhaoin le haghaidh tionscnaimh LADTA (2 thionscadal) |
| | 5.2.2 Tacú le gníomhartha agus obair a aithint lena chur chun cinn faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021 agus plean nua a fhorbairt atá le tosú in 2022 | Glacadh le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath (PÁEP), 2024-2029, i mí Mheán Fómhair 2024.<br><br>Forbraíodh 6 chuspóir ardleibhéil, 18 gcuspóir agus toradh inmhianaithe léiríonn creat 6 bliana uileghabhálach an PÁEP. Tá na gníomhartha sonracha a chabhróidh leis na cuspóirí, spriocanna agus torthaí a bhaint amach san áireamh i bplean cur chun feidhme solúbtha a athbhreithneofar gach 2 bhliain. Plean comhroinnte agus comhtháite is ea an PÁEP lena n-éileofar ionchuir ní hamháin ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ach ó raon mórpháirtithe leasmhara chun a bhfuil leagtha amach ann a bhaint amach. |
| | 5.2.3 Rannpháirtíocht a láidriú trí Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus Comhairle na nÓg a fhorbairt | LRP: Timpeall 800 grúpa ballraíochta gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath. Chuir an LRP aighneacht i scríbhinn ar fáil mar chuid den chomhairliúchán PÁEP is déanaí, agus spreag sé baill chun páirt a ghlacadh sa phróiseas.<br><br>Comhairle na nÓg i mBaile Átha Cliath: 63 Comhalta Tofa idir 11 agus 17 mbliana d’aois. Bhí bliain rathúil ag Comhairle na nÓg CBÁC ó thaobh rannpháirtíochta agus forbartha de faoina théama 2024 ar Mhí-Úsáid Substaintí, inar díríodh ar Mhearghás.<br><br>I measc na mbuaicphointí le haghaidh 2024 bhí:<br>• Plé Painéil Saineolaithe ar ábhar an téama<br>• Díospóireacht Painéil Saineolaithe ina dhiaidh sin i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath<br>• Bréagchruinniú Comhairle i Halla na Cathrach leis an Ardmhéara, Daithí De Róiste<br>• Cuairteanna ó thoscaireacht Sheapánach agus cuireadh go Tóiceo ina dhiaidh sin<br>• Dáil na nÓg ag Teach Laighean |

# Sprioc 5

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 5.2.4 Forbairt pobail áitiúil a chumhachtú agus a neartú trínár gcláir forbartha agus rannpháirtíochta pobail | Cuirtear raon leathan clár, tionscnamh agus imeachtaí ar fáil ar fud na cathrach trí na rudaí seo a leanas:<br>• Trí Scéim Deontais: Maoiniú Deontas Pobail, Oideachais d'Aosaigh Neamhfhoirmiúil, agus Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh do 736 grúpa ar luach €617,530.<br>• Tionscadail samhraidh: timpeall 50 campa do pháistí agus daoine óga le linn mhí Iúil le béim mhéadaithe in 2024 ar ghníomhaíochtaí áitiúla.<br>• Foirne Pobail Ceantair: leithdháileadh maoiniú ar gach Foireann Toghlimistéir Áitiúil chun raon leathan gníomhaíochtaí a chur ar fáil le linn na bliana mar chuid de Chláir Phobail agus Forbartha Sóisialta.<br>• Clár Pobal Sláintiúil Sláintecare curtha i bhfeidhm i gceithre cheantar faoi mhíbhuntáiste.<br>• Clár píolótach Éire Shláintiúil agus Cathair agus Contae Sláintiúil ag déanamh dul chun cinn i mBaile Formaid.<br>• Cuireadh an Clár Aoisbháúil i bhfeidhm ar fud na cathrach trí Alliance athbhunaithe, Comhairlí Daoine Scothaosta na gceantar áitiúil, Bainisteoirí an Chláir Aoisbháúil, mar chuid d'Fhoirne Pobail Ceantair agus an Tionscnamh um Thithe Aoisbháúla.<br>• Imeachtaí ionchuimsithe sóisialta atá dírithe ar ghrúpaí ilchultúrtha, LADTA+, Néara-Éagsúla, agus tionscadal suaitheanta Chathair Bhaile Átha Cliath, an tSeachtain Ionchuimsithe agus Lánpháirtíochta, 11 go 17 Samhain, 2024.<br>• Ciste Aitheantais Pobail 2023, €2.4m |
| | 5.2.5 Ár gcomhairliúcháin phoiblí go léir a chur ar fáil ar mhol comhairliúcháin ar líne na Comhairle Cathrach, agus i bhformáidí traidisiúnta | Seoladh ardán nua comhairliúcháin dhigiteach na Comhairle Cathrach, 'Engage', i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus úsáideadh í go rathúil chun dul i mbun comhairle le baill foirne, Comhairleoirí agus leis an bpobal ar ár nDréachtphlean Corparáideach, 2025-2029. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 5.2.6 Ardán Your Dublin, Your Voice a bhainistiú chun tuairimí daoine a fháil ar raon ceisteanna | Trí shuirbhé curtha i gcrích, anailís déanta orthu, agus scaipthe bliain go dáta ar ábhar a bhaineann le Soghluaisteacht Lapadán agus Cúramóirí; Miondíol agus Fáilteachas agus athbhreithniú Meántéarma ar Oifig Tacaíochta Cláir an Aontais Eorpaigh.<br><br>Is ionann líon phainéal YDYV anois agus 5,300 duine, sin méadú 15% bliain i ndiaidh bliana. |
| 5.3 Ionchuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a chur chun cinn trí obair le grúpaí ó gach earnáil sa phobal agus iad a chumhachtú | 5.3.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéisí Ionchuimsithe Shóisialta, Lánpháirtíochta agus Aoisbháúla | • Cuireadh tús le Tascfhórsa an Ardmhéara le haghaidh Lánpháirtíochta i mí Dheireadh Fómhair, 2024<br>• Tuilleadh forbartha ar Thionscnamh Cathair a Thacaíonn le Daoine Néara-Éagsúla<br>• Bunófar Foireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil roimh dheireadh 2024, arna maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.<br>• Sceidealaíodh comhairliúchán Straitéis Aoisbháúil Chathair Bhaile Átha Cliath do R4, 2024 |

# Sprioc 5

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 5.3.2 Spásanna fáilteacha agus ionchuimsitheacha a chur ar fáil do chách ar fud líonra na leabharlann poiblí | • Tosaíodh pleanáil chun dhá láithreán eile Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil i Leabharlanna Dhroim Conrach agus Bhaile Bhailcín<br>• Obair ar siúl chun a bhfuil ar fáil i leabharlann Inse Chór, Beairic Richmond a mhéadú faoi dheireadh 2024<br>• Pleananna ar siúl chun an díon atá ar Leabharlann Mheal Charleville a athsholáthar, obair le tosú roimh dheireadh 2024<br>• Cead Chuid 8 bronnta chun síneadh a chur le Leabharlann na Rinne/í a athchóiriú<br>• Pleanáil ar siúl chun leabharlann nua a chur ar fáil do Dhroimeanach ar Bhóthar Chromghlinne<br>• Iarratas Chuid 8 le cur isteach le haghaidh leabharlann nua i dTír an Iúir roimh dheireadh 2024<br>• Obair ar siúl chun an leabharlann do pháistí i Ráth Maoinis a athdhearadh chun spás soláimhsithe agus fáilteach a chruthú d'úsáideoirí leabharlainne óga<br>• Tionscadal ar siúl chun spás criosaithe tiomnaithe a chruthú do dhéagóirí i leabharlann Bhaile Formaid |
| | 5.3.3 Leanúint orainn ag cur láithreáin agus foirgnimh oiriúnacha ar fáil lena n úsáid ag an bpobal | Leanann Bainistíocht Réadmhaoine uirthi ag cur saoráidí oiriúnacha ar fáil lena n-úsáid ag an bpobal i gcomhairle leis na hOifigí Ceantar agus Rannóga eile.<br><br>Tá breis is 275 foirgneamh pobail tugtha do raon éagsúla grúpaí chun seirbhísí a chur ar fáil trí chomhaontuithe léasa agus ceadúnais. Cuireann gach ceann de na grúpaí seo seirbhísí ar fáil don phobal agus baineann sin le réimsí éagsúla amhail, ealaíona, sláinte agus folláine, naíolanna/cúram leanaí, eagraíochtaí reiligiúnacha agus carthanachta agus grúpaí spóirt. Áirítear sa teagmháil a dhéantar leis na grúpaí seo ar bhonn rialta, deisiúcháin tiarna talún ar a bhfoirgnimh, athnuachan léasanna/ceadúnas agus athbhreithnithe ar chíos. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 5.4 Sláinte agus folláine pobal trasna na cathrach a fheabhsú trí rochtain ar rannpháirtíocht i spórt, áineas agus gníomhaíocht shláintiúil a mhéadú | 5.4.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar STRIDE: 2017–2020, Straitéis Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath | Ghlac an Chomhairle Cathrach le Plean Spóirt nua Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2024 - 2029) i mí an Mheithimh, 2024. Déanfar rianú ar dhul chun cinn de réir 3 théama:<br>• An Bonneagar<br>• Clárú<br>• Eagraíocht |
| | 5.4.2 Straitéis nua Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm | Foilsíodh Plean Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2027, in 2023. |

# Sprioc 6

## Saol cultúrtha beoga a chothú

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 6.1 Stair, cultúr agus traidisiúin liteartha na cathrach a cheiliúradh agus a chur chun cinn chun a luach d'fhéiniúlacht na cathrach, don tsochaí agus don gheilleagar a mhéadú | 6.1.1 Leabharlanna gan Teorainn a chur i bhfeidhm: Treoir Straitéiseach do Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath 2019-2023 | Táthar ag dul ar aghaidh lena chur i bhfeidhm le béim ar uasghráduithe agus athchóirithe craobhacha, rochtain a mhéadú ar theicneolaíochtaí nua, seirbhísí céadfacha a fheabhsú agus rochtain ár ngníomhaíochta for-rochtana a mhéadú. Cuireadh comhairliúchán poiblí don chéad phlean forbartha leabharlann eile i gcrích in 2024, d'fhonn plean nua a dhréachtú in 2025. |
| | 6.1.2 Plean Straitéiseach Nua Cathair Litríochta EOECNA 2020 – 2022 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Ba é an scríbhneoir Rómánach, Mircea Cărtărescu agus an tAistritheoir, Sean Cotter, a bhuaigh Gradam Liteartha Bhaile Átha Cliath in 2024, leis an úrscéal, Solenoid. In 2024, bhí an líon is mó daoine a taifeadadh riamh i láthair do Shearmanas Bronnta agus imeacht Winner in Conversation Ghradam Liteartha Bhaile Átha Cliath ag Féile Litríochta Éireannaí Bhaile Átha Cliath, agus lucht féachana de 2,827 ann.<br><br>Reáchtáladh feachtas One Dublin, One Book rud a chuir chun cinn Snowflake le Louise Nealon. Eagraíodh 24 imeacht do mhí Aibreáin agus d'fhreastail 1,331 duine ar imeachtaí timpeall cheantar Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh an t-imeacht suaitheanta in Amharclann Samuel Beckett, Coláiste na Tríonóide áit inar chuir Rick O'Shea agallamh ar Louise.<br><br>Ó thosach na bliana, léigh 3,000 duine in Éirinn an leabhar Snowflake agus bhí 2,000 de na léitheoirí sin lonnaithe i mBaile Átha Cliath. |
| | 6.1.3 Feasacht ar an nGaeilge a chur chun cinn agus tacú léi agus a ról agus a tionchar ar éagsúlacht chultúrtha na cathrach a aithint | I mí Aibreáin, reáchtáil an Chomhairle Cathrach a céad chruinniú go hiomlán i nGaeilge don chéad uair.<br><br>Reáchtáladh dhá shraith de ranganna Gaeilge do bhaill foirne in 2024 agus 203 i láthair sna leibhéil éagsúla. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 6.1.4 Ár gClár Forbartha Ealaíon a chur i bhfeidhm | • Leithdháileadh €250,000 breise de dheontais ealaíon forbartha pobail in 2024<br>• Cuireadh Treoirthionscadal Urban95 i bhfeidhm do chathair Bhaile Átha Cliath - tionscadal taighde gníomhaíochta cultúrbhunaithe chun an chathair a fheabhsú do naíonáin, lapadáin agus cúramóirí<br>• Chuathas i mbun coimeádaíochta ar chlár taispeántais do ghailearaí LAB<br>• Féile Litríochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath - féile shuaitheanta 9-lá a reáchtáladh i gCearnóg Mhuirfean<br>• Cuireann Glúin an Cheoil Bhaile Átha Cliath oideachas taibhléirithe ceoil ar fáil in 60 ionad |
| | 6.1.5 Oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus dea-chleachtas caomhantais a chur chun cinn, athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh stairiúil san áireamh | Tugadh cúnamh deontais do 59 tionscadal san iomlán as 113 iarratas ar an Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (SIOT) le maoiniú iomlán de €492,400. Faomhadh trí thionscadal le haghaidh Chiste na Struchtúr Stairiúil (CSS) le maoiniú iomlán de €271,000.<br><br>Tá obair ag dul ar aghaidh ar an dá Limistéar Caomhantais Ailtireachta ag Na Crainn Triomaithe agus Gairdíní Uíbh Eachach.<br><br>Rinneadh measúnú ar 121 iarratas Alt 5 (astu siúd ba Shaoráil Faisnéise (SF) iad 19 acu), 235 a bhain le comhlíontacht, 516 iarratas pleanála (SFanna ab ea 118 acu). |
| | 6.1.6 Leanúint le stair agus oidhreacht uathúil Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí fheasacht a mhéadú ar ár seandálaíocht Lochlannach agus Mheánaoiseach, Deich mBliana na gComórtha | Dul i mbun caomhnú agus deisiúcháin ar shéadchomharthaí faoi úinéireacht na Comhairle, monatóireacht a dhéanamh ar thaighde orthu agus iad a chur chun cinn, ina measc Ballaí na Cathrach ag an gCé Adhmaid, Sráid na gCócairí agus Sráid na gCaorach.<br><br>I measc na mbuaicphointí le haghaidh 2024 bhí:<br>• Podchraoladh stairiúil a coimisiúnaíodh do Shéipéal Cainnigh i bhFionnghlas<br>• Tionscadal seandálaíochta timpeallachta i mBarra |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | Céad Bliain, tionscadail dhigiteacha agus imeachtaí, foilseacháin agus tionscadail chomhpháirtíochta eile | an Teampaill Thiar a forbraíodh i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha<br>• Tionscadal Seandálaíochta Pobail San Anna curtha i bhfeidhm<br>• Imeacht Lochlannach Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath le NUI agus Ambasáid Ríoga na hIorua<br>• Tugadh cur i láthair Shiompóisiam Chairde Bhaile Átha Cliath na Meánaoise ar an 5 Meán Fómhair, 2024<br>• Páirt a ghlacadh in Destination Viking. Cumarsáid leanúnach le saineolaithe ó na Críocha Lochlannacha agus ó RA chun Seandálaíocht Lochlannach Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh i dtionscadal AE ar uirbiú faoi stiúir Ollscoil Aarhus. |
| | 6.1.7 Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath nua 2020-2025 a fhorbairt | Tá Plean Oidhreachta Straitéiseach Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 curtha i gcrích, Measúnacht Straitéiseach Timpeallacht agus Measúnacht Chuí san áireamh |
| | 6.1.8 An clár taispeántais saothar ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta den chéad scoth i nDánlann Hugh Lane a choinneáil | Reáchtáil Dánlann Hugh Lane ceithre thaispeántas a raibh suntas Éireannach agus idirnáisiúnta leo.<br><br>• Andy Warhol Three Times Out - molta ar fud an domhain mar thaispeántas uathúil na bliana, ba é an taispeántas Warhol ba mhó riamh in Éirinn agus an chéad cheann dá chineál. Thóg sé cúig bliana chun é a chur i dtoll a chéile, bhí breis is 400 saothar ann ar iasacht ó 27 músaem agus bailiúchán príobháideach i SAM, Ceanada, an Eoraip, agus ó Mhúsaem Warhol in Pittsburgh. Bhí líon na gcuairteoirí a thug cuairt ar an Dánlann níos mó ná mar a bhí riamh, 135,000 cuairteoir laistigh de 4 mhí, agus d'fhreastail an líon is mó 41,000 i mí Eanáir, 2024.<br>• Cheiliúir Ár nIontaobhas Dílis: Tabhartais agus a Lorg oidhreacht Dhánlann Hugh Lane maidir le tabhartais agus luadh bronntanais shuntasacha ó 1908 go 2024.<br>• Déanann Treise Leat: Sarah Purser – Fórsa in Ealaín na hÉireann ar Sarah Purser (1848 – 1943), |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | duine a raibh tionchar mór aici ar dhreamanna ealaíonta Éireannacha i dtreo dheireadh an 19ú haois agus go luath san 20ú haois, mar ealaíontóir agus mar eagraí.<br>• La Grande Illusion: tá an taispeántas seo struchtúrtha agus comhdhlúthaithe ar bhealaí a nochtann conas a léirigh an t-ealaíontóir, Brian Maguire, leochaileacht chearta an duine, agus conas a d'fhreagair sé gan stad gan staonadh d'éagóir shóisialta agus an lorg a fhágann siad. Tá clár iomlán cainteanna agus imeachtaí gaolmhara ar siúl in éineacht le La Grande Illusion. Taistealóidh an taispeántas seo chun ár n-ionaid comhpháirtíochta i Músaem Ealaíne Comhaimseartha Ollscoil Dheisceart Florida, Tampa, SAM idir mí Lúnasa agus mí na Nollag, 2025.<br><br>I measc na dtaispeántas eile a reáchtáladh, bhí: Físithe Óga, clár nua a thugann an deis do dhaltaí Idirbhliana foghlaim faoi chleachtas coimeádaíochta agus obair mhúsaeim agus Ionchais Arda, mar ar oibrigh ealaíontóir cónaithe le teaghlaigh le páistí óga i rith na bliana agus an taispeántas seo mar thoradh air. |
| | 6.1.9 A chinntiú go mbainistítear ár bhfoirgnimh shibhialta, phoiblí agus oibríochta ar bhealach a gcuireann na saoráidí is airde caighdeáin ar fáil don phobal a ndéanann cothabháil ar fhoirgnimh stairiúla thábhachtacha ar a son | Bhain an-chuid dár saoráidí spóirt Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta Éire Ghníomhach amach, agus bhain gach ceann acu an leibhéal is airde agus is féidir amach.<br><br>Tugtar faoin ngradam gach bliain. Cuirfidh tuilleadh oibre i bhfeidhm chun líon na saoráidí a bhaineann an caighdeán creidiúnaithe náisiúnta sin amach a mhéadú. |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 6.2 Éagsúlacht a chumasú maidir le rochtain ar ealaín agus cultúr chun an deis a thabhairt do gach duine a bheith rannpháirteach | 6.2.1 Éagsúlacht i gcláir reatha a aithint agus a dhoiciméadú agus na deiseanna méadaithe rochtana agus éagsúlachta a liostú | Choimisiúnaigh Dánlann Hugh Lane agus Create ealaíontóir atá rannpháirteach go sóisialta agus scannánóir Jijo Sebastian chun díriú ar fhorbairt pobail idirchultúrtha le rannpháirtithe ó chúlraí éagsúla. Is é toradh poiblí an chláir 18 mí sin a raibh rannpháirtithe ó 16 náisiúntacht éagsúla ann ná taispeántas agus scannán fada, atá ag oscailt ar an 2 Samhain i nDánlann Hugh Lane.<br><br>Is clár ilteangacha idirghabhála cultúir é an clár leanúnach 'Make and Be';<br>• A bhí faoi stiúir ealaíontóir Nigéarach ó 28 Márta-17 Bealtaine i gcomhair teaghlach ó chúlra Afracach<br>• A bhí faoi stiúir ealaíontóir Úcránach ó 16 Iúil - 25 Meán Fómhair i gcomhair teaghlach ón bpobal Úcránach<br>• I mí na Samhna tá clár Gaeilge á reáchtáil againn do theaghlaigh ó gach cúlra cultúrtha, faoi stiúir ealaíontóir atá líofa sa Ghaeilge<br><br>Cur Síos Fuaime Beo Ar Líne agus turais ar an láthair do Dhaoine a bhfuil Lagú Amhairc orthu tá turais fhuaimchuidithe agus turais le hateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ann dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu agus don phobal bodhar.<br><br>'Néara-spiagaí!' clár ceardlainne cruthaithí is ea é do theaghlaigh ina bhfuil páiste amháin nó níos mó a bhfuil Neamhord de Chuid Speictream an Uathachais orthu.<br>Tá ár gclár bunscoile uile-chathrach 'Zooom' don bhliain acadúil 2024-2025 dírithe ar obair le scoileanna do pháistí a bhfuil raon riachtanas speisialta agus tacaíochta acu, amhail míchumais intleachta, moilleanna forbartha agus páistí néara-éagsúla.<br><br>• Dráma ab ea 'In the Dark' a forbraíodh leo siúd a bhfuil lagú radhairc orthu, do lucht féachana measctha, agus taibhléiríodh é faoi dhó ag an dánlann i mí an Mhárta, 2024. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 6.2.2 Sceideal tionscadal agus clár oideachais rannpháirteach a chur ar fáil a spreagann rannpháirtíocht sna hamharcealaíona i measc raon spriocghrúpaí | Cuireadh Straitéisí Amharcsmaointeoireachta ar fáil do nach mó ná 500 páiste in 2024 ag sé thaispeántas agus ceithre ghrúpa in aghaidh gach taispeántais.<br><br>I measc na gclár Oideachais agus For-rochtana Pobail bhí:<br>• Maidineacha Staidéir, Comhrá Caife agus cainteanna seachtainiúla an Chlub Cultúir, cúrsaí tuisceana ealaíne, scannánú míosúil scannán, agus ‘Bunchainteanna’ Míosúla<br>• Cláir Idirbhliana, turais threoraithe, Féile Ealaín faoin Aer, clár Oíche Chultúir<br>• Cláir do pháistí de gach aois, Turais Tuismitheoirí agus Naíonán, Sceitseáil an Domhnaigh do theaghlaigh, cúrsaí punainne, scoil samhradh, ceardlanna agus cúrsaí ealaíne, agus Club Straitéisí Amharcsmaointeoireachta “Féachaint ar Ealaín”<br>• Comhoibriú le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann ar chritic ealaíne chomhaimseartha agus cúrsaí scríbhneoireachta; Cúrsaí filíochta<br>• ‘Anocht an Mháirt’: taispeántas tráthnóna úrnua spreagtha ag taispeántas Treise Leat Sarah Purser, arna chruthú ag an ealaíontóir, Isadora Epstein<br>• Clár Luathbhlianta Cruthaí Beaga do pháistí faoi bhun 5 bliana, ó naíolanna, naíonraí agus grúpaí tuismitheoirí agus lapadán i gCathair Bhaile Átha Cliath<br>• Ionchais Arda: Cónaitheacht Luathbhlianta leis an ealaíontóir, Helen Barry, i gcomhar le Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (LCTT) agus Teach Ozanam<br>• Saineolaithe Ealaíne: clár iarscoile seachtainiúil leanúnach le daltaí ó scoileanna áitiúla<br>• Cláir a phléann le healaín agus gníomhaíochas, chun teacht le téamaí thaispeántas Brian Maguire<br>• Mar chuid de chlár Andy Warhol, san imeacht tráthnóna Silver Night tugadh ceol, faisean agus taispeántais damhsa le chéile i Halla Dealbhóireachta na dánlainne, le haghaidh atmaisféir ilchineálach ina raibh mothú “iardhioscó” le brath |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 6.2.3 Cuireadh clár dírithe agus cruthaitheach ar fáil do gach bunscoil i mBaile Átha Cliath le gur féidir leo teagmháil dhíreach a dhéanamh le bailiúchán ealaíne na cathrach | Don bhliain acadúil 2024-2025, tá clár bunscoile uilechathrach Dhánlann Hugh Lane ag díriú ar obair le scoileanna do pháistí a bhfuil raon riachtanas breise agus tacaíochta acu.<br><br>Trí obair go pearsanta le daltaí, múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) agus painéal Ealaíontóirí DHL forbrófar an clár seo. Is cuid lárnach é den bhealach a nuálaimid modhanna for-rochtana do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu an fhiosracht atá orainn faoi bhuanna agus suimeanna gach páiste. |
| | 6.2.4 Beocht a chur i spásanna leabharlainne le clár éagsúil agus ionchuimsithe imeachtaí | Leanadh orainn ag cur Clárú Leabharlann ar fáil (lena n-áirítear soláthar áitiúil chlár náisiúnta na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA)) ar fud na bliana agus trasna na cathrach do gach duine sa phobal, daoine scothaosta, páistí, dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu ina measc, agus ar raon topaicí ar nós na Gaeilge, na n ealaíon, na léitheoireachta agus na litearthachta, gníomhaithe ar son na haeráide agus déantúsaíochta.<br>Mar chuid dár gclár salóin uilechathrach, rachaidh ealaíontóirí proifisiúnta ó Dhánlann Hugh Lane amach ag obair i spásanna pobail, leabharlanna ina measc, ar chláir, idir sheisiúin aonuaire agus sheachtainiúla, atá faoi anáil shalóin mhíosúla an ealaíontóra, Sarah Purser, lenar tugadh cuireadh do chuairteoirí iad féin a chur i bhfriotal ar bhealach saoráideach, cruthaitheach agus intleachtúil. |
| 6.3 Deiseanna oideachais a éascú trí chláir agus maoiniú | 6.3.1 Clár éagsúil a chur ar fáil trasna líonra craobhacha na leabharlainne le béim ar inniúlacht dhigiteach a chur chun cinn agus tacú le gluaiseacht na ndéantóirí | • Seisiúin Inniúlachta Digití d'aosaigh i naoi gcraobh<br>• Tugadh Táibléid Aoisbhháula Acorn lena bhfáil ar iasacht ar fud líonra na gcraobhacha<br>• Reáchtáladh Clinicí Digiteacha i gcraobhacha chun acmhainní ar líne Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn<br>• Cuireadh Seirbhísí Inniúlachta Digití agus acmhainní chun cinn le linn chlár 'Lá Idirnáisiúnta na Litearthachta i do Leabharlann' |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 6.4 Beocht a chur i spásanna na cathrach trí raon imeachtaí, féilte agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun ceiliúradh agus teacht le chéile agus tacú leo | 6.4.1 Raon éagsúil imeachtaí, féilte agus imeachtaí páirce a fhorbairt, a mhaoiniú agus tacú leo | In 2024, thacaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le mórimeachtaí i lár na cathrach lena n-áirítear:<br>• Féile Pádraig<br>• Bród Bhaile Átha Cliath<br>• Mionmharatón na mBan<br>• Peil Mheiriceánach Choláiste<br>• Féile Bram Stoker Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Nollaig ag an gCaisleán<br>• Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath.<br><br>In 2024, lean Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath air ag forbairt imeachtaí nua dírithe ar theaghlaigh i lár na cathrach agus i bpáirceanna lena n-áirítear:<br>• Sensoria Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>• Féile Luke Kelly<br>• Taispeántas Hip Hap<br>• Funtropolis<br>• Fleadh Mhargadh na Feirme<br>• Ceol Tíre<br>• Imeachtaí Teachta Abhaile (beartaíodh an chéad imeacht teacht abhaile riamh d’Fhoireann Oilimpeacha Éireannach in 2024 agus cuireadh i gcrích é)<br><br>Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bainistíocht ar chúig mhargadh i bpáirceanna ar fud na cathrach agus reáchtáil siad 430 imeacht go dtí seo in 2024. Tugann na himeachtaí seo luach as cuimse do shaoránach Bhaile Átha Cliath agus cumasaíonn siad éagsúlacht agus ionchuimsiú cultúrtha agus sóisialta.<br><br>In 2024, phleanáil Dánlann Hugh Lane is chuaigh siad i mbun coimeádaíochta ar fhéile theaghlaigh 2 lá, Ealaín faoin Aer le linn dheireadh seachtaine saoire bainc mhí Lúnasa mheall sé 4,700 cuairteoir. |

# Sprioc 6

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | I measc an raoin imeachtaí ina raibh béim ar fhorbairt eacnamaíochta, bhí:<br>• Grodchúrsa Techfoundher<br>• SoCircular<br>• Imeacht Bliantúil Mhonatóir Geilleagrach Bhaile Átha Cliath<br>• Tarraing le Poncanna<br>• Féile Déantóirí Bhaile Átha Cliath<br>• Cluichí Ceannais Enfuse<br>• Gradaim Fiontraíocht Sóisialta Bhaile Átha Cliath<br>• Oíche Chultúir dhéanach |
| | | 6.4.2 | Margaí sráide, corrthrádáil agus taibhléiriú sráide na cathrach a cheadúnú ar bhealach a fheabhsaíonn eispéireas na ndaoine ar an gcathair | R1-R3, 2024<br>• Eisíodh 486 Cead Taibheoirí Sráide<br>• Eisíodh 2,278 ceadúnas corrthrádála |
| 6.5 | Tacú le soláthar saoráidí ealaíon agus cultúrtha agus é a spreagadh chun a chinntiú go bhfuil spás ag saol cultúrtha na cathrach chun teacht faoi bhláth | 6.5.1 | Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe | Le tionscadal Chearnóg Parnell, cuirfear Leabharlann Cathrach 5,500 méadar cearnach ar fáil do Bhaile Átha Cliath.<br>Tá Céim 1 den Tionscadal fós ar siúl. Cuireadh scartáil na hAmharclainne ar chúl na bhfoirgneamh Seoirseacha i gcrích in 2023. Lonnófar an Leabharlann Cathrach nua ar an suíomh seo. Tá Céim 2b curtha i gcrích anois agus bhog an tionscadal ar aghaidh chuig Céim 2c (dearadh le cur amach ar tairiscint). Tá an chéim seo le cur i gcrích i mí an Mhárta, 2025.<br><br>Tá an t-iarratas pleanála i bhfeidhm do thionscadal Chearnóg Parnell (Cuid 8), a mbeidh obair shuntasach i gceist leis i gcuid 1930idí de Dhánlann Hugh Lane, le nasc nua trí spás stiúideo Harry Clarke. Tá staidéar féidearthachta le haghaidh 20/21 Cearnóg Parnell curtha i gcrích agus costáilte. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 6.5.2 Iniúchadh a dhéanamh ar spásanna oibre ealaíontóirí chun easnaimh agus deiseanna a aithint chun foirgnimh a aistriú le go mbainfear úsáid chultúrtha astu /go mbeidís mar spásanna oibre | Foilsíodh ‘Cultúr Foirgníochta - Sraith Straitéisí do Bhonneagar Cultúrtha’ agus dáileadh é trí chruinnithe seimineáir agus forbróirí.<br>Sa tsraith straitéisí tá:<br>• Nóta Treorach 1: Próiseas Forbartha Bonneagair Chultúrtha<br>• Nóta Treorach 2: Measúnuithe Bonneagair Chultúrtha (Iniúchtaí Cultúrtha san áireamh)<br>• Acmhainn Sraithe Straitéisí 1: Cuir Chuige Comhdhearaidh<br>• Acmhainn Sraithe Straitéisí 2: Tíopeolaíochtaí agus Sonraíochtaí Foirme Ealaíne<br>• Acmhainn Sraithe Straitéisí 3: Rialachas agus Inseachadtacht<br><br>Spásanna Oibre Ealaíontóirí:<br>• Réamh-Chuid 8 ar siúl do Shéipéal Werburgh<br>• Conradh leis an bhfoireann dearaidh do 8-9 Cé na gCeannaithe á thabhairt chun críche. |
| | 6.5.3 Leanúint le staidéar féidearthachta ar láithreáin faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d’fhonn iad a úsáid mar spásanna oibre d’ealaíontóirí agus obair le forbróirí chun spásanna oibre ealaíon agus cultúir a dhaingniú ina bhforbraíochtaí nua | Cuireann Artane Studios spás oibre ar fáil do idir 10 agus 12 ealaíontóirí. Eagraíonn an Oifig Ealaíon cruinnithe comhairleacha le forbróirí ar láithreáin shuntasacha Forbairtí Mórscála Cónaithe (FMC) chun tacú le CUO25 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| | 6.5.4 Dánlann Hugh Lane a mhéadú chun go mbeadh cliathán nua ann i mBarra an Teampaill le haghaidh spás gailearaí agus cláraithe | Tá 20/21 Cearnóg Parnell anois mar chuid de Dhánlann Hugh Lane. Tá an réadmhaoin i mBarra an Teampaill in úsáid anois chun críocha cultúrtha eile. Déanfar 20/21 Cearnóg Parnell a fhorbairt i gcomhréir le molta an staidéir féidearthachta chríochnaithe. Úsáidfear na foirgnimh seo mar spás gailearaí breise agus le haghaidh cláir phobail. Tá Lána Fhreidric in úsáid faoi láthair le haghaidh stóráil saothar ealaíne. Tá iniúchadh á dhéanamh ar na deiseanna chun ceardlanna a mhéadú agus a reáchtáil agus do spás oifige ar an gcéad urlár. |

# Sprioc 7

## Comhairle Cathrach níos freagrúla agus níos nuálaí a bheith ionainn

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 7.1 Tacú le cultúr nuálaíochta, oiliúna agus forbartha | 7.1.1 A chinntiú go bhfuil ár ndearadh agus struchtúr eagrúchán oiriúnach chun ár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha a bhaint amach, i gcomhréir leis an Straitéis Daoine Údarás Áitiúil | Líon na gcomórtas a reáchtáil CCBÁC go dtí R3 i mbliana = 74<br>Líon na gcomórtas a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) thar ceann CCBÁC = 8<br>Líon iomlán na gceapachán go dtí R3, i mbliana, = 628 ceapachán (436 seachtrach agus 192 inmheánach)<br><br>Cuireadh tús le próiseas Pleanála Fórsa Oibre Straitéisigh Chathair Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2025 - 2029, in R3, 2024. Reáchtáladh Ceardlanna Fórsa Oibre Straitéisigh laistigh de gach Rannóg le linn mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair 2024. Reáchtálfar cruinnithe comhoibritheacha leantacha aonair le gach Roinn. Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Cúnta (PFC) agus Bainisteoir Feidhmeach (BF) athbhreithniú ar fhaisnéis soláthair foirne reatha, agus ullmhóidh siad a bPlean Fórsa Oibre Roinne agus cuirfidh siad le chéile é i gcomhréir lena gCuspóirí Pleanála Corparáidí agus Soláthair Seirbhíse. |
| | 7.1.2 Timpeallacht feabhsaithe agus forbartha leanúnaí a chothú do gach ball foirne atá againn | • Ghlac 1785 fostaí páirt in 130 cúrsa go dtí seo in 2024.<br>• Tá 105 fostaí ag baint leasa as na scéimeanna maoinithe scoláireachta corparáidí agus oideachais roinne.<br>• Cuireadh 34 cúrsaí Micridhintiúr nua ar fáil tríd an scéim scoláireachta nua.<br><br>I measc na gClár Nua a tugadh isteach in 2024, tá:<br>• Scileanna Agallaimh d'fhostaithe Allamuigh<br>• Scileanna Idirghabhála agus Coimhlinte<br>• Seimineáir maidir le do Thodhchaí a Phleanáil<br><br>Cláir Nua Bhreise le tabhairt isteach in 2024:<br>• Clár Microsoft Office d'fhostaithe Allamuigh<br>• Ceannairí ag Teacht chun Cinn (clár forbartha ghrád 5)<br><br>In 2024, bhí comhoibriú ar siúl le rannóg na gCathaoireacha Cliste ar thionscadail amhail Macasamhail Dhigiteach agus Bloomberg, agus freastalaíodh ar chomhdhálacha idirnáisiúnta amhail |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | Velo City agus an Airéine um thaighde iompair agus glacadh páirt iontu.<br><br>Le linn 2024, tugadh dhá Bhunchúrsa bainistíochta Tionscadal dhá lá ar an láthair leis an bhForas Riaracháin (RA) le hionchur ó fhoireann na hOifige Tacaíochta Clár Corparáideach (OTCC).<br><br>Rinne an Ardbhainistíocht cúrsaí proifisiúnta ar Mheasúnú Riosca agus tá rannpháirtíocht leanúnach sa chúrsa Mná i gCeannas.<br><br>Reáchtáil an fhoireann gníomhaithe ar son na haeráide dhá Chomórtas Scéalaíochta Bhaile Átha Cliath ar théama an “Athrú” chun tacú le cultúr nuálaíochta.<br><br>Éascaíodh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus baineadh amach é do chuid mhór gairmithe ar fud na heagraíochta.<br><br>Tá foireann Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (BDBÁC) ag baint leas as Scéim Cúnaimh CCBÁC le haghaidh roinnt clár agus cúrsaí acadúla agus forbartha, a chuimsíonn réimsí ar nós bainistíocht seirbhísí éigeandála, eolaíocht agus cleachtas sábháilteachta ó dhóiteáin agus sláinte agus sábháilteachta.<br><br>Tá gach ball foirne sa rannóg Córas Faisnéise (C.F.) i ndiaidh oiliúint a fháil go leibhéal teastais sa Mhodheolaíocht Bainistíochta Seirbhíse Idirnáisiúnta darb ainm ITIL.<br><br>Tá an Rannóg Airgeadais, i gcomhar le FA, ag obair faoi láthair ar chlár nua a fhorbairt ar Rialachas Airgeadais atá le seoladh in R2, 2025. Beidh sé dírithe ar shealbhóirí buiséad agus Ardbhainisteoirí. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 7.1.3 Cur ar chumas ball foirne cuir chuige nuálacha a ghlacadh maidir lena gcuid oibre trí fhorbairt leanúnach tionscnamh bainistíochta athraithe ar nós BETA CCBÁC | Tá roinnt tionscadal Beta ar siúl:<br>• Beta Iarta - triail ar siúl i bPáirc Hoirbeaird<br>• Comhroinnt Rothar Lastais - triail ar siúl in Portobello<br>• Glais Chliste - triail ar siúl i bPáirc Hoirbeaird<br><br>Reáchtáladh Seachtain an Bhunathraithe ar an 21 go dtí an 25 Deireadh Fómhair. Sheol an tAire Pascal Donoghue an clár náisiúnta imeachta in iosta Oibríochtaí na Cathrach Thuaidh, Baile Munna, rud a thug an deis don Chomhairle an tsaoráid úrscothach a thaispeáint. Reáchtáladh dhá lá d'imeachtaí san Atrium in Oifigí na Cathrach agus bhí deis ag na baill foirne breathnú air go cianda más rud é nach raibh siad in ann freastal air ar an láthair.<br><br>Thug gradaim foirne CCBÁC aitheantas do roinnt baill foirne a ghlac réitigh nuálacha |
| 7.2 Ár bhfís, éachtaí agus seirbhísí a chur chun cinn trí chumarsáid fheabhsaithe, réamhghníomhach | 7.2.1 Suíomh idirlín na Comhairle Cathrach a athdhearadh le go bhfeidhmeoidh sé mar thairseach ar líne agus acmhainn faisnéise soláimhsithe | Tá obair ar siúl idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Big Motive (cuideachta dhearaidh) agus Annertech / Ennovation (forbróirí) chun athruithe dearaidh a dhéanamh ar ár láithreán tástála chun athruithe ar bhainistíocht a léiriú agus chun aiseolas a bhailiú. Táthar ag ceapadh go dtarlóidh sé seo roimh dheireadh na bliana. |
| | 7.2.2 Leas a bhaint as an rochtain agus na deiseanna a chuireann na meáin shóisialta ar fáil chun cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal a leathnú | Is í 2024 an chéad bhliain inar chraolamar na Vótaí beo agus an dara bliain inar chraolamar Seachtain an Bhunathraithe is againn. D'earcaíomar Físghrafadóir nua i mbliana a chruthaigh roinnt gearrfhíseán a roinneamar ar ár n-ardán meán sóisialta agus chomh maith leis sin a thaifid roinnt scannánaíochta is féidir a úsáid le haghaidh tionscadal amach anseo. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 7.2.3 Uirlisí le haghaidh cumarsáid idirlín a fheabhsú le gur féidir le baill foirne fanacht ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí | Lean ardán CitiDesk air ag fás. Tá an áis trínar féidir le baill foirne rochtain a fháil ar ábhar ar a bhfóin, i ndiaidh feabhas a chur ar ár gcumas faisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne ar bhealach níos solúbtha. Tá cúig phobal phoiblí curtha ar bun le haghaidh ábhar níos neamhfhoirmiúla: Nuacht Foirne; Díol agus Ceannach; Ionduchtú Fostaithe; Sláinte agus Folláine agus Fórsa. Chuir Rannóga roinnt pobail phríobháideacha ar bun a éascaíonn cumarsáid agus comhroinnt faisnéise.<br><br>Aontaíodh Straitéis Chumarsáide 2025-2029 nua, agus cuirfear tús lena chur i bhfeidhm in 2025.<br><br>Tosaíodh ag taifeadadh sraith nua podchraoltaí, Aon Scéal, a Bhaile Átha Cliath?’ agus seolfar é in R4, 2025. |
| 7.3 Ár ról ceannaireachta sibhialta a neartú agus comhoibriú a dhéanamh ina ghné bhunúsach den bhealach ina n-oibrímid | 7.3.1 Córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú le Comhaltaí Tofa ina róil | Cuireadh tús le Céim 1 de thionscadal Tairsí Comhairleoirí agus Ceisteanna agus Rúin á thriail ar bhonn píolótach do Chruinniú Choiste an Cheantair Láir i mí na Nollag.<br>Tá an Córas Comhdhála hibrideach uasghrádaithe i bhfeidhm i Seomra Halla na Cathrach ó mhí Dheireadh Fómhair.<br>Cuireadh Ionduchtú nua na Comhairle Cathrach i bhfeidhm i mí Iúil. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | 7.3.2 Comhfhiontair éifeachtach a chruthú le húdaráis áitiúla eile agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí, lucht acadúil, saoránaigh agus comhpháirtithe idirnáisiúnta | Is é Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an príomhúdarás don earnáil rialtais áitiúil ar roinnt clár, lena n-áirítear, an Córas Náisiúnta Rialachais Foirgníochta, an Córas Náisiúnta Cláraithe Toghcháin, Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre agus an Córas Náisiúnta Bainistíochta Leabharlann. Is rannpháirtí gníomhach í an Chomhairle Cathrach maidir le líonraí, coistí agus cláir thaighde earnála, réigiúnacha agus náisiúnta, agus comhoibríonn sí le comhghleacaithe ar fud na hearnála poiblí.<br><br>Rinne an Chomhairle Cathrach teagmháil le comhlachtaí acadúla agus SOLAS chun deiseanna intéirneachta agus printíseachta a fhorbairt. Forbraíodh comhpháirtíochtaí le lucht acadúil agus comhlachtaí eile freisin chun obair ar thionscadail tuilte agus rabhaidh tuilte; chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí sa Chathair; bainistíocht dramhaíola pobail shláintiúla Bainistíocht Móréigeandálaí folús agus úsáid oiriúnaitheach; athghiniúint cathrach, forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide.<br><br>Tá raon de bhallraíochtaí agus comhpháirtíochtaí oideachais i bhfeidhm chun foghlaim agus forbairt a chur chun cinn ar mhaithe lenár bhfoireann. |
| | 7.3.3 Ár n-obair a shuíomh laistigh den chreat domhanda níos leithne trí theagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe agus cláir idirnáisiúnta a chuireann ár spriocanna don chathair chun cinn | Glacann an Chomhairle páirt i raon fóram AE agus idirnáisiúnta, amhail:<br>• An Clár Comhoibrithe Idirnáisiúnta Uirbeach agus Réigiúnach<br>• Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta<br>• Clár Cultúrtha na gCathracha Domhanda<br>• Líonra Ullmhachta Idirnáisiúnta Frithsceimhlitheoireachta.<br>• Eurocities<br>• Líonra na gCathracha Láidre<br>• Comhghuaillíocht na gCathracha le hAghaidh Cearta Digiteacha |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| | | Bronnadh Príomhchathair Eorpach na Teicneolaíochta Cliste ar Bhaile Átha Cliath in 2024.<br>Bhí comhoibriú leanúnach ar siúl le Comhchathracha Bhaile Átha Cliath le cuairteanna ó San José agus Súl. Bhuail Príomhfheidhmeannaigh Bhaile Átha Cliath agus Ramallah le chéile chun clár oibre ceithre bliana a fhorbairt. |
| 7.4 Leanúint le béim a chur ar Sheirbhís do Chustaiméirí d'Ardchaighdeán a chur ar fáil chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a thabhairt do shaoránaigh agus custaiméirí | 7.4.1 An Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a Chur i bhFeidhm agus a Athnuachan | Cuireadh foireann ar bun chun Plean Gníomhaíochta um Chustaiméirí a athdhréachtú i gcomhar leis an gComhordaitheoir Eispéiris Custaiméirí |
| | 7.4.2 Bealaí teagmhála custaiméirí a fheabhsú agus a chuíchóiriú le go mbeadh sé níos éasca don phobal rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí, san am is áisiúil dóibh, san áit is áisiúil dóibh agus sa bhealach is áisiúil dóibh | I measc na dtionscnamh chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, bhí:<br>• Feidhmchlár aistriúcháin Samanta a thabhairt isteach mar threoirthionscadal<br>• Coinní féinfhreastail ar líne don oifig airgid thirim<br>• Cuntas nua "X" le haghaidh seirbhíse do chustaiméirí |
| | 7.4.3 Ról an Ionaid Seirbhísí do Chustaiméirí a fheabhsú agus a mhéadú mar an príomhphointe teagmhála do chustaiméirí atá againn nuair atá siad ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí | • Córas teileafóin na Leithdháiltí Tithíochta a Chuíchóiriú chun gur féidir freagraí níos praise a thabhairt do chustaiméirí.<br>• Cruthúnas Coincheapa IS a chur i gcrích chun faisnéis níos fearr a sholáthar agus chun pleananna oiliúna agus CCnna a fheabhsú do bhaill foirne chun ceisteanna ón bpobal a fhreagairt. |

# Sprioc 7

## ar lean

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 7.5 An úsáid a bhainimid as teicneolaíocht agus sonraí maidir le cinnteoireacht agus soláthar seirbhísí a athrú ó bhun | 7.5.1 Straitéis Dhigiteach a Fhorbairt don Chathair, agus ár raon seirbhísí digiteacha agus ar líne a mhéadú mar chuid di | Cuireadh dréachtstraitéis Bunathraithe Digití i gcrích agus tá Bord Cur chun Feidhme Dhigitigh curtha ar bun. Tá clár oibre á ullmhú. |
| | 7.5.2 Leanúint le Tionscnamh na Cathrach Cliste a leathnú chun teicneolaíochtaí nua a bhaineann lenár soláthar seirbhísí a fhiosrú agus iad a thriail ar bhonn píolótach | Leanadh le Clár na Cathrach Cliste a mhéadú agus gníomhaíochtaí laistigh den eagraíocht a phríomhshruthú. Cruthaíodh Straitéis Soghluaisteachta Aeir Uirbigh, 2024-2029, cuireadh Aonad Ladrann ar bun agus bunaíodh comhpháirtíocht nuálaíochta le FEÉ (Fondúireacht Eolaíocht Éireann), Údarás Eitlíochta na hÉireann agus Ollscoil Mhá Nuad (trí LERO).<br><br>Suiteáladh Tairseach Bhaile Átha Cliath - Nua-Eabhrac (dealbh ealaíne digití) ar Shráid an Iarla Thuaidh rud a mheall breis is 350,000 cuairteoir ó mhí na Bealtaine go dtí mí an Mheithimh agus a ndearnadh breis is 20 billiún taispeáint di ar líne. Bunaíodh grúpa oibre IS giniúnach don Chomhairle Cathrach chun deiseanna nua don eagraíocht a threorú. Obair maidir leis na macasamhlacha digiteacha a mhéadú de réir scála, trí chomhpháirtíochtaí acadúla, tionscail agus Eorpacha. |
| | 7.5.3 Straitéis Bainistíochta Sonraí a fhorbairt don eagraíocht a fheabhsaíonn an chaoi ina mbainistítear, ina n-úsáidtear agus ina n-athúsáidtear ár sonraí, agus go bhfeabhsaítear cáilíocht na seirbhíse de réir mar a úsáidtear í | Rinneadh grinniú ar an gcás gnó d'ardán sonraí láraithe trí leaganacha éagsúla de. Déanfaidh an Bord Straitéiseach athbhreithniú ar an gcás gnó.<br><br>Tá dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíochtaí Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an mBord Oirbheartaíochta mar chuid dár dtionscnaimh um bainistíocht sonraí agus rialachais.<br><br>Mar chuid de na hiarrachtaí sin, chuireadh uirlis rialachais sonraí, Dataedo, i bhfeidhm agus sheolamar treoirthionscadal le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath chun catalóg sonraí a líonadh dá mbunachair sonraí. |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA | DUL CHUN CINN IN 2024 |
|---|---|---|
| 7.6 Obair chun cearta daonna agus comhionannas a chur i gcroílár an bhealaigh ina gcomhlíonaimid ár gcuid feidhmeanna | 7.6.1 Ár bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo | Cuireadh Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('An Dualgas') i bhfeidhm sna rannóga seo a leanas in 2024:<br>• Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh agus Dlí<br>• Cultúr, Áineas, agus Seirbhísí Eacnamaíochta<br><br>Leis na rannóga breise seo, is ionann líon iomlán na rannóg a bhfuil Pleananna Cur Chun Feidhme um Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus a cúig, rud a léiríonn ár dtiomantas leanúnach chun ár gcroíluacha agus ár dtiomantas do chearta an duine a dhaingniú ar fud na comhairle.<br><br>Le linn na bliana, aithníodh roinnt straitéisí agus pleananna éagsúla a bhí le cur isteach i bpróiseas Dhualgas na hEarnála Poiblí. |
| | 7.6.2 Na gníomhartha a chur chun cinn sa Phlean Cur chun Feidhme do Dhaoine faoi Mhíchumas | Leanadh le tionscadal chun próiseas comhairliúcháin agus teagmhála a athdhearadh in éineacht le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas in 2024.<br>Tá céim 2 den tionscadal anois ag na céimeanna eagarthóireachta deiridh sula gcuirfear i láthair agus i bhfeidhm é laistigh den eagraíocht. I dteannta an Phlean Cur Chun Feidhme Corparáideacha, cruthaíodh modúil oiliúna iomadúla agus leathnófar amach iad do gach ball foirne san eagraíocht ar bhonn céimnithe<br><br>Cuireann an Oifig Náisiúnta Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh (ONRFFM) comhlíontacht Rialachán Foirgníochta Chuid M (Rochtain agus Úsáid) chun cinn chomh maith le ballraíocht Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais um Threoirlínte Dearaidh Uilíoch maidir le Seomraí Gléasta agus Leithreas, a dhearann na treoirlínte agus a dhéanann maoirseacht ar a gcur chun feidhme. |

# Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí

## an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBS) agus Comhchoistí Póilíneachta

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh

### Liosta Comhaltaí

**Cathaoirleach:** **An tArdmhéara Daithí De Róiste**
**An tArdmhéara James Geoghegan**

An Clr. Séamas McGrattan – CBS Airgeadais
An Clr. Janet Horner – CBS Tráchta agus Iompair/ CBS Soghluaisteachta agus Ríochta Poiblí
An Clr. Cat O'Driscoll – CBS Pleanála agus Foirme Uirbí / CBS Pleanála agus Athghiniúna Uirbí
An Clr. Racheal Batten – CBS Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta
An Clr. Deirdre Heney – CBS Tithíochta/ Tithíochta agus Ionchuimsiú Sóisialta
An Clr. Declan Flanagan – CBS Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh
An Clr. Darragh Moriarty – CBS Ealaíne, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa /CBS Pobail, Gaeilge, Spóirt, Ealaín agus Cultúir

***Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:***
*An Comhairleoir Claire Byrne*
*An Comhairleoir Alison Gilliland*
*An Comhairleoir Ray McAdam*
*An Comhairleoir Tom Brabazon*
*An Comhairleoir Noeleen Reilly*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU |
|---|---|
| 26/01/2024 | Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil, Tuairiscí chun Dáta ó Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha |
| 22/03/2024 | Tuairiscí chun Dáta ó Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha |
| 30/08/2024 | Ról an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus Cathaoirligh CBS, Tuairisc chun Dáta ar fhorbairt Scéim Coiste um Beartais Straitéiseacha Nua, Plean Corparáideach, 2024-2029, agus Forbhreathnú ar Phróiseas an Bhuiséid |
| 25/10/2024 | Athbhreithniú ar Sholáthar Seirbhísí, Tuairisc chun Dáta ar an bPlean Corparáideach, Próiseas Ainmniúcháin an Choiste Iniúchta, Tuairisc chun dáta ar an gCoiste um Beartas Straitéiseacha |

# An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht agus Ionchuimsiú Sóisialta (Roimhe seo ba é seo an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht)

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Deirdre Heney, FF
An Clr. Janice Boylan, SF
An Clr. Christy Burke, Neamh-Pháirtí
An Clr. Mary Callaghan, DS
An Clr. Hazel Chu, CG
Leas-Ardmhéara Donna Cooney, CG
An Clr. Ray Cunningham, CG
An Clr. Hazel de Nortúin, PRB
An Clr. Daithí Doolan, SF
An Clr. Pat Dunne, Neamhspleáigh ar son an Athraithe (NA)
An Clr. Alison Field, LO
An Clr. Ray McAdam, FG
An Clr. Clodagh Ní Mhuirí, FG
An Clr. Colm O'Rourke, FG
An Clr. Cieran Perry, Neamh-Pháirtí
An Clr. Aishling Silke, DS
An Clr. John Stephens, FF

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Racheal Batten, FF*
*An Clr. Kevin Donoghue, LO*
*An Clr. James Geoghegan, FG*
*An Clr. Alison Gilliland, LO*
*An Clr. Briege MacOscar, FF*
*An Clr. Eimer McCormack, FF*
*An Clr. Catherine Stocker, DS*
*An Clr. Máire Devine, SF*

## Leasanna Earnála

Mike Allen, Focus Ireland
Hazel Cryan, KPMG
Joe Duffy, Cumann Múinteoirí Éireann
Matt Gallagher, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
Jonny McKenna, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
Ailbhe McLoughlin, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
Sinéad Murphy, Meeting Place Club
Oisín O'Reilly, Ionad LADTA Outhouse
Alan Robinson, Fóram Gnó na nDugthailte

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Dr. Kevin Byrne, Líonra Rannpháirtíochta Pobail*
*Pat Greene, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath*
*Mick O'Reilly, Comhdháil na gCeardchumann*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU |
|---|---|
| 17 Eanáir 2024 | • Plean Oibre CBS Tithíochta Eanáir - Bealtaine, 2024<br>• Forbhreathnú do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Iasachtaí Deontais agus Oiriúnuithe<br>• Forbhreathnú ar an Rannóg Pobail agus Forbartha Sóisialta agus tosaíochtaí le haghaidh 2024 |
| 14 Feabhra, 2024 | • Forbraíochtaí Tithíochta Inacmhainne<br>• Tuairiscí chun Dáta ar:<br>i. Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí<br>ii. Coiste Comhairliúcháin maidir le Cóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil<br>iii. Coiste Speisialta um Easpa Dídine<br>iv. Grúpa Oibre um Sheanóirí<br>v. Coiste Maoirseachta um Cheisteanna Leasa Ainmhithe<br>vi. Grúpa Stiúrtha um Thithíocht Míchumais |
| 13 Márta 2024 | • Bainistíocht Talún Ghníomhach<br>• Cóiríocht don Lucht Siúil |
| 17 Aibreán 2024 | • Cur Chuige Geilleagair Chiorclaigh maidir le Cothabháil Tithíochta agus Clárú Tithe: Deiseanna agus Dúshláin - Arna éascú ag an gComhairle Éireannach um Fhoirgníocht Ghlas<br>• Plé agus baint le Cothabháil agus Athghiniúint Tithíochta CCBÁC |
| 8 Bealtaine 2024 | • Soláthar Tithíochta 2019-2024<br>• Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean 2019-2024<br>• Leithdháiltí Tithíochta 2019-2024<br>• Cóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024<br>• Cothabháil agus Tacaíocht Tithíochta 2019-2024 |
| 18 Samhain 2024 | • Cuspóirí an CBS Tithíochta<br>• Cur i láthair: Cruinniú Faisnéise ar gach Sruth Oibreacha na Rannóige Tithíochta |

# Coiste um Beartais Straitéiseacha na Soghluaisteachta agus na Ríochta Poiblí (Roimhe seo ba é seo an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Trácht agus Iompar)

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Janet Horner, CG
An tArdmhéara Emma Blain, FG
An Clr. Hazel Chu, CG
An Clr. Anthony Connaghan, SF
An Clr. Fiona Connelly, LO
An Clr. Keith Connolly, FF
An Clr. Daniel Ennis, DS
An Clr. Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí
An Clr. Feljin Jose, CG
An Clr. Micheál MacDonncha, SF
An Clr. Ray McAdam, FG
An Clr. Paddy Monahan, DS

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Daniel Céitinn, SF*
*An Clr. Caroline Conroy, CG*
*An Clr. Deirdre Conroy, FF*
*An Clr. Anne Feeney, FG*
*An Clr. Jane Horgan Jones, LO*
*An Clr. Paddy McCartan, FG*
*An Clr. Larry O'Toole, SF*
*An Clr. Michael Pidgeon, CG*
*An Clr. Noeleen Reilly*

## Leasanna Earnála

An Dr. Caoimhe Clarke, Dochtúirí Éireannacha ar son an Chomhshaoil
Jason Cullen, Comhghuaillíocht Chomaitéirí Bhaile Átha Cliath
Richard Guiney, Dublin Town
Siobhán McNamara, Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath
Emmet Ó Briain, Cumann Áitritheoirí Cheantar Bhóthar Berkeley/ LRP
An Dr. Robbie Sinnott, Voice of Vision Impairment.

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Stephen Browne, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath*
*Keith Gavin, Cumann Páirceála na hÉireann*
*Martin Hoey, Crann Taca Pobail LRP*
*Gary Kearney, Headway, Crann Taca Ionchuimsithe Shóisialta LRP*
*Colm Ryder, Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU |
|---|---|
| 7 Feabhra, 2024 | • Córas bus scoile do dhaltaí laistigh de cheantar Bhaile Átha Cliath<br>• Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath - tuairisc ar Chomhairliúchán Poiblí<br>• Fodhlíthe Scipe CCBÁC<br>• Forfheidhmiú Páirceála<br>• An Clár Taistil Ghníomhaigh – tuairisc chun dáta ar Thionscadail<br>• Tuairisc ar Thrasrianta Coisithe |
| 4 Nollaig 2024 | • Cur i láthair ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)<br>• Tuairisc chun dáta ar an gClár Taistil Ghníomhaigh<br>• Tuairisc chun dáta ar an ríocht phoiblí |

# Coiste um Beartais Straitéiseacha Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Athléimneachta Uirbí

## (Roimhe seo ba é seo an Coiste um Beartais Straitéiseacha Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Chomhshaoil agus Beartais Straitéisigh Fuinnimh)

### Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Declan Flanagan, FG
An Clr. Daryl Barron, FF
An Clr. Janice Boylan, SF
An Clr. Kevin Breen, Neamh-Pháirtí
An Clr. Claire Byrne, CG
An Clr. Lesley Byrne, DS
An Clr. Deirdre Heney, FF
An Clr. Carolyn Moore, CG
An Clr. Edel Moran, SF
An Clr. Clodagh Ní Mhuirí, FG

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Deborah Byrne, LO*
*An Clr. Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí*
*An Clr. Darcy Lonergan, CG*
*An Clr. John Lyons, Neamh-Pháirtí*
*An Clr. Naoise Ó Muirí, FG*
*Leas-Ardmhéara Claire O'Connor, FF*
*An Clr. Catherine Stocker, DS*
*An Clr. Michael Watters, FF*

### Leasanna Earnála

Ann Canning, Fóram Comhairliúcháin Thionscadal Dhún Uabhair
David Kelly, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
Keenan Stack, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ)
Sally Starbuck, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ)
Áine Wellard, Blind Rights Ireland

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Paul Boylan, Vivid Edge*
*Trevor Clowry, Glantachán Pobail Chromghlinne*
*Bernie Guinan, Cumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann (CICÉ)*
*Robert Moss, Pobail Ghlasa de chuid an Taisce*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU |
|---|---|
| 10 Eanáir 2024 | • Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Aighneachtaí a Fuarthas don Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 - Baile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de<br>• Dréachtphlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 - 2024 |
| 31 Eanáir 2024 | • Plean Gníomhaíochta Torainn<br>• Bainistíocht Bruscair<br>• Málaí Bruscair<br>• Braiteoirí Bruscair<br>• Tuarascáil Thionscadal na mBraiteoirí Bruscair - Tionscadal Trialach 2023<br>• Tuairisc chun Dáta ar an bPlean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta<br>• Scéim éarlaise agus aisíoca |
| 27 Márta 2024 | • Plean Gníomhaíochta Torainn 2024 – 2028<br>• Inbhuanaitheacht agus an earnáil imeachtaí<br>• Cáilíocht Uisce Snámha<br>• Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cathracha Neodracha ó thaobh na hAeráide de<br>• Dearbhú Cathracha Ciorclacha agus Imeachtaí Ciorclacha<br>• Glanadh sráideanna agus earcaíocht<br>• Pléadh rún maidir le húsáid cupán aonúsáide a laghdú<br>• Beartas Fuinnimh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 |
| 29 Bealtaine 2024 | • Tuairisc chun Dáta ar Ghníomhú ar son na hAeráide<br>• Beartas Fuinnimh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024<br>• Straitéis Bia Inite, CCBÁC<br>• Tionscnaimh athchúrsála nuálacha sa Danmhairg<br>• Tuairisc chun Dáta ar Thorthaí an Teophointe Chiorclaigh<br>• Peirspictíochtaí Forbartha |

# Coiste um Beartas Straitéiseacha Pleanála agus Athghiniúna Uirbí (Coiste um Beartas Straitéiseacha Pleanála agus Foirme Uirbí roimhe seo)

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Catherine Stocker, DS
An Clr. Ammar Ali, FF
An Clr. David Coffey, FG
An Clr. Feljin Jose, CG
An Clr. Patrick Kinsella, FG
An Clr. Dermot Lacey, LO
An Clr. Aoibheann Mahon, FF
An Clr. Ciaran Ó Meachair, SF
An Clr. Cat O' Driscoll, DS
An Clr. Gavin Pepper, Neamh-Pháirtí
An Clr. Aishling Silke, DS

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Racheal Batten, FF*
*An Clr. Anthony Connaghan, SF*
*An Clr. Daithí de Róiste, FF*
*An Clr. Janet Horner, CG*
*An Clr. Ray McAdam, FG*
*An Clr. Declan Meenagh, LO*
*An Clr. Sophie Nicoullaud, RTC*
*An Clr. John Lyons, Neamh-Pháirtí*
*An Clr. Patricia Roe, DS*

## Leasanna Earnála

Fergal Butler. LRP, Comhshaol, Páirc Shráid Bhun Droichid
Máiréad Kenny, Institiúid Pleanála na hÉireann
Jonny McKenna, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
Aidan Sweeney, CGFA
Sebastian Vencken, LRP - Cumann Áitritheoirí Abhantrach na Cloiche Leithne

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Odran Reid, Seirbhís Cúraim Baile Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Pleanála na hÉireann*
*An Dr. Robbie Sinnott, Voice of Vision Impairment*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 20 Feabhra, 2024 | • Tuairisc chun Dáta ar Chúram Leanaí<br>• Tuairisc ar Ghlasú na Cathrach<br>• Na PCAnna (Plean Ceantair Áitiúil) agus tionchar an Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2023 |
| 16 Aibreán 2024 | • Cur i láthair - Deiseanna agus Dúshláin na nAonad Folamh ós cionn Siopaí le haghaidh Úsáid Chónaithe in Éirinn<br>• Cur i láthair - Tuairiscí chun Dáta ar Scéimeanna Deontais Caomhantais<br>• Tuairiscí chun Dáta ar Ghrúpa Oibre an Achta um Láithreáin Thréigthe |
| 26 Samhain 2024 | • Cur i Láthair - An Fheidhm Phleanála<br>• Cur i Láthair - An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024<br>• Cur i Láthair - Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028: Tuarascáil Dul Chun Cinn Dhá Bhliain 2024 |

# An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Racheal Batten, FF
An Clr. Ray Cunningham, CG
An Clr. Cian Farrell, DS
An Clr. Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí
An Clr. Rory Hogan, FF
An Clr. Leslie Kane, SF
An Clr. Colm O'Rourke, FG
An Clr. Gayle Ralph, FG
An Clr. Punam Rane, FG
An Clr. Nial Ring, Neamh-Pháirtí

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Tom Brabazon, FF*
*An Clr. Danny Byrne, FG*
*An Clr. Donna Cooney, CG*
*An Clr. Tara Deacy, DS*
*An Clr. Terence Flanagan, FG*
*An Clr. Alison Gilliland, LO*
*An Clr. Cat O'Driscoll, DS*

## Leasanna Earnála

Martin Harte, Cuideachta Bharra an Teampaill
Evanne Kilmurray, Fiontraíocht Lár na Cathrach
Adele O'Connor - Comhairle Forbartha na Cúlóige
Aideen Ó Dochartaigh, Not Here Not Anywhere
Pádraig Ryan, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Odran Reid, Seirbhís Cúraim Baile Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Pleanála na hÉireann*
*Aidan Sweeney, CGFA*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 23 Eanáir 2024 | • Oifig Tacaíochta Cláir an Aontais Eorpaigh agus Tuarascáil ar dhul chun cinn na gCaidreamh idirnáisiúnta - Tionscadail Mhaoinithe AE - Deiseanna in 2023/2024<br>• Tuairisc chun Dáta ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Tuairisc chun Dáta ar Chonair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste<br>• Tuarascáil ar Thorthaí an Chruinnithe Mullaigh Geilleagair Oíche<br>• Seachtain Fiontair Áitiúil 2024<br>• Plean Gníomhaíochta Bliantúil na hOifige Forbartha Eacnamaíochta 2024<br>• Tuarascálacha ar Fhorbairt Eacnamaíochta agus Bainistíocht Fiontair |
| 23 Aibreán 2024 | • Oifig Tacaíochta Cláir an Aontais Eorpaigh agus Tuarascáil ar dhul chun cinn na gCaidreamh idirnáisiúnta - Tionscadail Mhaoinithe AE - Deiseanna in 2023/2024<br>• Tuairisc chun Dáta ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Tuairisc chun Dáta ar Chonair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste<br>• Tuarascáil ar Thorthaí an Chruinnithe Mullaigh Geilleagair Oíche<br>• Staidéar Féidearthachta Oileán Comhroinnte ar Gheilleagar Ciorclach Nasctha - Tuairisc chun Dáta ar Thorthaí Ardleibhéil<br>• Tuarascálacha ar Fhorbairt Eacnamaíochta agus Bainistíocht Fiontair |
| 3 Nollaig 2024 | • Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) Bhaile Átha Cliath<br>• Conair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste<br>• Tuairisc chun Dáta ar Straitéis Geilleagair Oíche<br>• Forbhreathnú Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath<br>• Príomhchathair Eorpach na Teicneolaíochta Cliste<br>• Tuarascálacha ar Fhorbairt Eacnamaíochta agus Bainistíocht Fiontair<br>• Branda Dublin Place<br>• Oifig Tacaíochta Cláir an Aontais Eorpaigh agus Caidrimh Idirnáisiúnta |

# An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Darragh Moriarty, LO
An Clr. Ammar Ali, FF
An Clr. Kevin Breen, Neamh-Pháirtí
An Clr. Claire Byrne, CG
An Clr. Fiona Connelly, LO
Leas-Ardmhéara Donna Cooney, CG
An Clr. Daniel Ennis, DS
An Clr. Jesslyn Henry, DS
An Clr. Vincent Jackson, Neamh-Pháirtí
An Clr. Patrick Kinsella, FG
An Clr. John Lyons, Neamh-Pháirtí
An Clr. Micheál MacDonncha, SF
An Clr. Séamas McGrattan, SF
An Clr. Cat O' Driscoll, DS
An Clr. Conor Reddy, PRB
An Clr. Supriya Singh, FG

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Dearbháil Butler, CG*
*An Clr. Claire Byrne, CG*
*An Clr. Kelsey May Daly, PRB*
*An Clr. Anne Feeney, FG*
*An Clr. Declan Flanagan, FG*
*An Clr. Deirdre Heney, FF*
*An Clr. Darragh Moriarty, LO*
*An Clr. Damian O'Farrell, NS*
*An Clr. Patricia Roe, DS*

## Leasanna Earnála

Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge
Celene Dunne, Bord Seirbhíse Óige Chathair Bhaile Átha Cliath
Maria Fleming, Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon
Brian Greene, Teilifís Phobail Bhaile Átha Cliath
Sorcha Keane Axis Bhaile Munna
Therese Moloney, Ceardchumann Unite
Sinéad McNulty, Spórt Éireann
Sunil Sharpe, Give Us the Night

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Adekunle Gomez, An Tionscadal Cultúrtha Afracach*
*Ross Keane, Institiúid Scannán na hÉireann*
*Mary O'Connor, Cónaidhm Spóirt na hÉireann*
*Ciaran Taylor, White Cane Audio Theatre*
*Willie White (Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath)*

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 26 Feabhra, 2024 | • Cur i Láthair - Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2023– 2028<br>• Cur i Láthair - Féile Bram Stoker<br>• Dánlann Hugh Lane- Andy Warhol: Taispeántas Three Times Out<br>• Dréachtbheartas ar Imeachtaí Polaitiúla agus Agóide<br>• Tuairisc chun Dáta ar Chuideachta Chultúrtha CCBÁC<br>• Tuairisc chun Dáta ar Leabharlann na Cathrach<br>• Tuarascáil ar Iar-Scoil Cheoil Chatham Row<br>• Tuarascáil ar Axis Bhaile Munna<br>• Tuarascáil ar mhaoiniú Thionscadal 8 agus 9 Cé na gCeannaithe<br>• Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Maoirseachta Tionscadail ar 8 agus 9 Cé na gCeannaithe<br>• Tuairisc chun Dáta ar Bhainistíocht<br>• Miontuairiscí Faofa an Choiste Comórtha agus Ainmniúcháin dar dáta an 23 Samhain 2023<br>• Dréachtmhiontuairiscí Chruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Ealaíon agus Cultúrtha dar dáta an 29 Eanáir 2024 |

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 1 Bealtaine 2024 | • Cur i láthair - Ionad Pobail San Aignéas um Cheol agus Ealaíona<br>• Tuairisc chun Dáta ar Thionscadal Spaces to Create<br>• Tuairisc chun Dáta ar Thionscadal Little Amal<br>• Tuairisc chun Dáta ar Bhainistíocht<br>• Miontuairiscí Faofa an Choiste Comórtha agus Ainmniúcháin dar dáta an 25 Eanáir 2024<br>• Miontuairiscí Faofa Chruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Ealaíon agus Cultúrtha dar dáta an 29 Eanáir 2024<br>• Miontuairiscí Faofa Chruinniú an Bhoird Chomhairligh Comhpháirtíochta Spóirt agus Folláine dar dáta an 7 Feabhra 2024<br>• Miontuairiscí Faofa Chruinniú Bhord Comhairleach na Comhpháirtíochta Spóirt agus Folláine dar dáta an 9 Aibreán 2024 |
| 25 Samhain 2024 | • Cur i Láthair - Páirceanna, Bithéagsúlacht agus Seirbhísí Tírdhreacha - Leslie Moore<br>• Cur i Láthair - Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Cur i Láthair - Imeachtaí agus Scannánaíocht Bhaile Átha Cliath<br>• Cur i Láthair - Gaeilge 365<br>• Cur i Láthair - Forbairt Phobail agus Shóisialta<br>• Cur i Láthair - Intreoir do Sheirbhísí Spóirt agus Áineasa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>• Cur i Láthair - Forbhreathnú ar an Oifig Ealaíon;<br>• Cur i Láthair - Cuideachtaí Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: Intreoir dár gcuid oibre<br>• Cur i láthair - An Coiste Ainmníochta Comórtha<br>• Cur i Láthair - Dánlann Hugh Lane<br>• Cur i Láthair - Aonad Cathrach Cliste CCBÁC<br>• Cur i Láthair - Forbairt Eacnamaíochta<br>• Cur i Láthair - AE/Turasóireacht<br>• Cur i Láthair - An Oifig Fiontair Áitiúil |
| 16 Nollaig 2024 | • Cur i Láthair - Forbairt Phobail agus Shóisialta<br>• Tuairisc chun Dáta ar Bhainistíocht<br>• Dáta beartaithe le haghaidh 2025<br>• Comhdhéanamh agus Ainmniúcháin - Grúpa Oibre<br>• Dáta le haghaidh cuairte ar Shráid Henrietta<br>• Miontuairiscí faofa na Comhpháirtíochta Spóirt agus Folláine dar dáta an 1 Deireadh Fómhair, 2024 |

# An Coiste um Beartais Straitéiseacha Airgeadais

## Comhaltaí na Comhairle

**Cathaoirleach:** An Clr. Séamas McGrattan, SF
An Clr. Daryl Barron, FF
An Clr. Danny Byrne, FG
An Clr. Kourtney Kenny, SF
An Clr. Dermot Lacey, LO
An Clr. Michael Pidgeon, CG
An Clr. Punam Rane, FG
An Clr. Nial Ring, Neamh-Pháirtí
An Clr. Malachy Steenson, Neamh-Pháirtí
An Clr. John Stephens, FF
An Clr. Philip Sutcliffe, ÉN

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*An Clr. Christy Burke, Neamh-Pháirtí*
*An Clr. Mary Callaghan, DS*
*An Clr. Anthony Connaghan, SF*
*An Clr. Fiona Connelly, LO*
*An Clr. Daithí de Róiste, FF*
*An Clr. Darcy Lonergan, CG*
*An Clr. Paddy McCartan, FG*

## Leasanna Earnála

Eric Fleming, Comhdháil na gCeardchumann
Siobhán Guyatt, Imeachtaí Sóisialta Bhaile Munna (LRP)
Cathie Hynes, Néara-Éagsúlacht Dhumhach Thrá GLC (LRP)
Ciaran Leahy, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
Fergal McDonagh, An Tionscal Foirgníochta
Aidan Sweeney, CGFA

*Comhaltaí roimhe seo le linn 2024:*
*Sohini De, Bearing Point*
*An tOllamh Caroline McMullan, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath*
*Philip O'Callaghan, Líonra Rannpháirtíochta Pobail*
*Alan Robinson, Fóram Gnó na nDugthailte*

| DÁTAÍ CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 18 Eanáir 2024 | • Cur i Láthair - Bailiú Cíosa Tithíochta agus Aisghabháil Riaráistí<br>• Tuairisc chun dáta ar Fhorbairt Maoine Pobail (FMB) Céim 2<br>• Muirear Cóiríochta Cuairteora<br>• Tuarascáil ar Chíosanna Tithíochta agus Bainistíocht Riaráistí<br>• Infhaighteacht Ball Foirne agus an sruth faisnéise chuig Comhaltaí Tofa<br>• Scéim Cíosanna Difreálacha Náisiúnta<br>• Tuairisc chun Dáta maidir le Sluafhoinsiú Chathair Bhaile Átha Cliath |
| 21 Márta 2024 | • Maoin Phobail a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath - Tuairiscí chun dáta maidir le hEarcaíocht bunaithe ar luachanna<br>• Comhfhreagras - Muirear Cóiríochta Cuairteora<br>• Cur i Láthair - Achoimre ar Chlár Oibre CBS 2019-2024 |
| 21 Samhain 2024 | • Dréacht-Téarmaí Tagartha CBS Airgeadais SPC 2024-2029<br>• Dréachtchlár Oibre Bliantúil 2024-2029<br>• Comhfhreagras - Cáin Leapacha Óstáin |

# Comhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath

## Comhaltaí na Comhairle

An Clr. Danny Byrne, FG
An Clr. Deborah Byrne, LO
An Clr. Caroline Conroy, CG
An Clr. Daithí de Róiste, FF
An Clr. Tara Deacy, DS
An Clr. Daithí Doolan, SF
An Clr. Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí
An Clr. Deirdre Heney, FF
An Clr. Janet Horner, CG
An Clr. Dermot Lacey, LO
An Clr. Ray McAdam, FG
An Clr. Larry O'Toole, SF

## Leasanna Earnála

Adrian Cummins, Cumann Bialann na hÉireann
Joe Donohoe, Fatima Groups United
Tony Duffin, Tionscadal Drugaí Ana Liffey
Richard Guiney, Dublin Town
Orla Mannion, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 29 Eanáir 2024 | • Cruinniú faisnéise Merchants' Quay Ireland (MQI)<br>• Cur i láthair oiliúna ar Chleachtas Trámabhunaithe<br>• Páirc Fhionnradhairc<br>• Tuarascáil Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána<br>• Tuarascáil an Phríomhoifigigh Chúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>• Treochtaí maidir le Drugaí sa Chathair |
| 27 Márta 2024 | • Leathnú amach Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPÁ) – Forbhreathnú<br>• Tuarascáil Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána (AGS)<br>• Tuarascáil an Phríomhoifigigh Chúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| 27 Bealtaine 2024 | • Líonra na gCathracha Láidre<br>• Tuarascáil Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána (AGS)<br>• Tuarascáil an Phríomhoifigigh Chúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |

# Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath

### Comhaltaí ón Earnáil Phoiblí

An Clr. Carolyn Moore, CG
An Clr. Vincent Jackson, Neamh-Pháirtí
An Clr. Supriya Singh, FG
An Clr. Conor Reddy, PRB
Frank D'Arcy, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Greg Swift, Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)
Ellen O'Dea, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Caoimhe Kerins, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

### Comhaltaí ón Earnáil Phríobháideach

Rabia Tabassum, téama an Ionchuimsithe Shóisialta (LRP Chathair Bhaile Átha Cliath)
Scott Chiang, téama an Ionchuimsithe Shóisialta (LRP Chathair Bhaile Átha Cliath)
An Dr. Akim Omotayo Badmus, Téama an Phobail agus Deonach (LRP Chathair Bhaile Átha Cliath)
Kelley Bermingham, Téama an Phobail agus Deonach (LRP Chathair Bhaile Átha Cliath)
Claire Wheeler, Téama an Chomhshaoil (LRP Chathair Bhaile Átha Cliath)
Anne Fitzgerald Comhpháirtíocht Bhaile Formaid Shéipéal Iosóid
Paul Rogers, Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
An Dr. Deiric Ó Broin, NorDubCo
Claire Downey, Rediscovery Centre
Karen Smollen, CSTGT

| DÁTA CRUINNITHE 2024 | TÉAMAÍ / SAINCHEIST BHEARTAIS A PLÉADH |
|---|---|
| 31 Eanáir 2024 | • Srutha Maoinithe CFPÁ - CCSGP<br>• Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) CCBÁC |
| 15 Bealtaine 2024 | • Cur i Láthair ar Threoirthionscadail um Bochtaineacht Leanaí an Cheantair Áitiúil<br>• Comhaltas CFPÁ<br>• Srutha Maoinithe CFPÁ<br>i. CCSGP<br>ii. An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ)<br>iii. An Ciste Aitheantais Pobail<br>• Fochoistí CFPÁ- Sláinte agus Folláine<br>• Earcaíocht / Foireann<br>i. Foireann Imeasctha an Údaráis Áitiúil (FIÚÁ)<br>ii. Comhordaitheoir Éire Shláintiúil<br>iii. Acmhainní Breise Foirne<br>• Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) |
| 2 Deireadh Fómhair 2024 | • Dréacht-PÁEP 2024 - 2029 Faomhadh le CFPÁ agus Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar<br>• Cur i Láthair Fheidhm / Chuspóir CFPÁ<br>• Intreoracha ó gach Comhalta Tionchar an Róil ar CFPÁ san áireamh |
| 20 Samhain 2024 | • Cur i Láthair ar CCSGP<br>• Cur i Láthair ó Ann Fitzgerald POF - Comhpháirtíocht na Life<br>• An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ)<br>• Cistiú na gCuntas Díomhaoin<br>• PÁEP – Monatóireacht agus Meastóireacht<br>• Oiriúna na Scéime Brataí Corcra |

# Tuarascáil maidir le
# Príomhsheirbhísí

# Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Ceart vótála | Líon na dtoghthóirí a cláraíodh de réir catagóire ag deireadh 2024:<br>• Uachtarán – 352,768<br>• Dáil - 358,827<br>• Áitiúil – 380,433<br>• AE – 360,195<br>• Neamh-AE – 8,724<br><br>Líon na vótálaithe poist agus speisialta de réir catagóire<br>• Taidhleoirí – 188<br>• Gairm – 328<br>• Fórsaí Cosanta – 561<br>• Príosúnaigh – 80<br>• Anaithnid – 6<br>• Gardaí – 2<br>• Faoi Mhíchumas – 59<br>• I dTeach Altranais – 958<br><br>Líon iomlán na n-iarratas a próiseáladh: 63,636<br><br>% na ndátaí breithe, UPSP agus Éirchód bailithe<br>• DB - 342,740 = 90%<br>• UPSP - 96,460 = 25%<br>• Éirchóid – 368,723 = 97%<br><br>In 2024, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceithre mhórfheachtas toghcháin i gcrích: dhá Reifreann, Toghcháin Áitiúla, Toghcháin Eorpacha, agus an tOlltoghchán.<br>• Reifreann – 8 Márta 2024, cláraithe chun vóta a chaitheamh: 332,002<br>• Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin Eorpacha - 7 Meitheamh 2024, cláraithe chun vóta a chaitheamh: 364,448<br>• An tOlltoghchán – 29 Samhain 2024, cláraithe chun vóta a chaitheamh: 358,909<br><br>I ndiaidh gur cuireadh lámh leis an Eascaire chun toghchán a ghairm ar an 8 Samhain, fuarthas 17,036 iarratas chun vótála i ndiaidh gur dúnadh an clár toghthóirí ar 12 Samhain.<br><br>D'fhreastail an fhoireann ar Fhéile na Rósanna a mhair dhá lá chun béim a chur ar thábhacht na vótála agus chun an córas vótála ar líne, Voter.ie, a chur chun cinn<br><br>Le linn 2024, rinne an Rannóg Toghchórais 73,665 nuashonrú ar an gClár Toghthóirí. Áirítear leis seo, 25,102 eagarthóireacht (aistrithe san áireamh), 7,449 ainm a baineadh agus 41,114 ainm a cuireadh leis. Is é an líon iomlán atá cláraithe chun vótáil ná 356,112 |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Ionadaíocht Áitiúil / Ceannaireacht Chathartha | **An Tairseach Comhairleoirí**<br>Tá tástáil déanta anois ar an Tairseach Comhairleoirí nua agus tá an treoirthionscadal ar siúl, agus é mar aidhm aige ardán soláimhsithe a chur ar fáil do Chomhairleoirí mar ar féidir leo ceisteanna, aighneachtaí agus uiríll cruinnithe a chur faoi bhráid rannóg ar bhealach tapa agus éifeachtach. Beidh an tairseach seo ina taisclann le haghaidh Comhairleoirí chun míreanna a aighníodh agus freagraí a fuarthas a rianú. Cuirfidh an Tairseach ar chumas na gComhairleoirí rochtain a fháil ar an bhféilire cruinnithe, comhaltas na gcruinnithe éagsúla, eolaire fóin na mball foirne, foirmeacha ar líne agus naisc úsáideacha eile.<br><br>**Leathnú amach**<br>Céim 1 R4, 2024 – Aighniú ceisteanna agus rún Comhairleoirí le haghaidh cruinniú Comhairle agus Coiste Áitiúil<br>D'aontaigh Coiste an Cheantair Láir aighniú na gceisteanna agus na rún a thriail ar bhonn píolótach don Chruinniú na Comhairle i mí na Nollag, agus é mar aidhm aige é a leathnú amach chuig coistí Ceantair eile go luath in 2025 nó i lár 2025.<br><br>Beidh an Tairseach Comhairleoirí leathnaithe amach ina hiomláine faoi R4, 2025. Samhlaítear go dtiocfaidh an tairseach seo in ionad gach modha eile a bhí ann roimpi chun freagraí, rúin agus uiríll Comhairleoirí a fháil, chun caidrimh oibre níos fearr a fhorbairt idir Rannóga agus Comhairleoirí agus ár seirbhísí digiteacha a mhéadú ag an am céanna.<br><br>**Teacht Abhaile Fhoireann na hÉireann**<br>Ar an 12 Lúnasa 2024, reáchtáil an tArdmhéara, James Geoghegan, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Searmanas Sibhialta ar Shráid Uí Chonaill i gcomhar le Cónaidhm Oilimpeacha na hÉireann chun fáilte abhaile a chur roimh Fhoireann na hÉireann ó na Cluichí Oilimpeacha i bPáras.<br><br>**Gradam an Ardmhéara**<br>Reáchtáil an tArdmhéara, Daithí de Róiste, Gradam an Ardmhéara 2024 ar an 22 Márta 2024, chun aitheantas a thabhairt do na daoine agus na grúpaí seo a leanas as a gcuid oibre ar son Bhaile Átha Cliath agus a chuid saoránach.<br>• Comhaltas Bhaile Átha Cliath<br>• Michael Cardiff<br>• Julian de Spáinn<br>• Dean Rock<br>• Hannah Tyrrell<br>• AsIAm<br>• The Stone Soup Project<br>• Glen Hansard agus The Busk |

# Tuarascáil maidir le Príomhsheirbhísí ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Tacaíocht do Chomhaltaí Tofa** | Liúntas Taistil agus Cothaithe Bliantúil, Liúntas Ionadaíochta Áitiúil, Liúntas do Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus íocaíochtaí aisce a rinne le Comhairleoirí<br><br>**Clár Oiliúna Comhairleoirí**<br>D'fhorbair Rúnaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh Clár Oiliúna Cuimsitheach do Chomhairleoirí, a chuimsíonn réimsí ar nós na meán sóisialta agus a dtionchar, na Fógraíochta Meta agus Teachtaireachtaí Polaitiúla, Ionduchtaithe Comhairleoirí, Cathaoirleachta ar Chruinnithe agus Bainistithe Cásoibre agus Athléimneachta Pearsanta. Leis an gClár Oiliúna, cuirtear deiseanna ar fáil do Chomhairleoirí maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach ag Leibhéal 6 agus os a chionn.<br><br>**Coiste na mBan**<br>Tháinig Coiste na mBan le chéile le haghaidh dhá chruinniú, ar an 18 Eanáir 2024 agus an 14 Márta 2024.<br>Reáchtáladh dhá imeacht in 2024:<br>• Lá Idirnáisiúnta na mBan, an 8 Márta 2024<br>• Imeacht Geilleagair Oíche ar an 1 Bealtaine 2024 a dhírigh ar oibrithe tábhachtacha oíche agus a dtaithí ar shábháilteacht oíche sa Chathair.<br><br>Rinneadh meastóireacht deiridh téarma. Sa tuarascáil deiridh, rinneadh achoimre ar na príomhthorthaí, príomh-mholtaí agus príomhchonclúidí ón bpróiseas meastóireachta.<br><br>I ndiaidh gur éirigh le hiarratas ar mhaoiniú ón Roinn le haghaidh Méadú ar Rannpháirtíocht Ban agus ar Éagsúlacht sa Rialtas Áitiúil 2024, dámhadh maoiniú €10,000 don choiste i mí na Nollag 2024. Cuireadh maoiniú ar fáil do na tograí seo a leanas:<br><br>• Ceardlann Phleanála Choiste Ban CCBÁC<br>• Lá Idirnáisiúnta na mBan, 2025<br>• Oiliúint ar na Meáin Shóisialta<br>• Plé Painéil ar Phobail Imirceacha<br><br>Faoi dheireadh 2024 agus le cúnamh na tuarascála meastóireachta seo, cuireadh tús le hobair in éineacht le comhairleoirí ban nuathofa chun an coiste a athbhunú, mar fhochoiste prótacail, agus é mar aidhm aici an coiste a athbhunú in R1, 2025. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Córas Clárúcháin Toghthóirí an Rialtais Áitiúil (CCTRÁ)** | Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ós í an tÚdarás Clárúcháin Ainmnithe, freagrach as an gCóras Clárúcháin Toghthóirí an Rialtais Áitiúil (CCTRÁ) a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, agus a bhainistiú amach anseo. Is í aidhm an tionscadail seo ná córas clárúcháin nua-aimseartha, inrochtana, inscálaithe agus slán ar líne a chuireann faisnéis toghcháin chruinn ar fáil do vótálaithe agus daoine eile atá bainteach leis an bpróiseas toghcháin. Ní mór don chóras tacú le sláine an phróisis toghcháin, athruithe de chuid an Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022, a chur i bhfeidhm, agus a bheith riartha go héasca ag údaráis áitiúla. Is é an córas náisiúnta ná an córas athfhorbartha Voter.ie atá in úsáid i gCathair agus Contae Bhaile Átha Cliath le roinnt blianta anuas.<br><br>Tacaíonn an tionscadal freisin leis an Líonra um Athrú Toghcháin (LAT) ós rud é go bhfuil gach údarás freagrach as a shonraí féin a ghlanadh sula n-aistrítear iad go Voter.ie. Aistreofar gach údarás in 2026. Tá an chéim thionscadail á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is í an earnáil údarás áitiúil a mhaoineoidh an Córas Oibríochta. Bainisteoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Oifig Tacaíochta Clárúcháin Toghcháin (OTCT) le gur féidir leis an earnáil tacú leis an gcóras agus dul i mbun forbartha ar fheabhsúcháin amach anseo nuair a bheidh siad de dhíth. |

# An Rannóg Tithíochta agus Pobail

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Aonaid Tithíochta Údarás Áitiúil a Chothabháil agus a fheabhsú** | • Fuarthas 74,621 iarratas deisiúcháin in 2024.<br>• Stoc tithíochta a bhí folamh ag deireadh na bliana: 1.47%<br>• An meánmhéid ama a thógann sé idir an dáta a fholmhaítear an tseilbh agus an dáta a bhfuil an réadmhaoin ar fáil d'áitíocht: 26.96 seachtain<br>• Líon na n-aonad a athchóiríodh in 2024: 1,041<br>• Líon na n-oiriúnuithe tí a cuireadh i gcrích in 2024: 534<br>• Líon na síntí a rinneadh in 2024: 18<br>• Líon na gcoirí tí a deisíodh: 11,061<br>• Líon na gcoirí tí a athsholáthraíodh: 1,037<br>• Líon na n-iarfheistithe a críochnaíodh a raibh feabhsú Ráta Fuinnimh Foirgnimh (RFF) mar thoradh orthu: 424<br><br>Líon na n-iarratas in 2024<br>• Scéim Oiriúnaithe Tithíochta: 805<br>• Scéim Áiseanna Soghluaisteachta: 227<br>• Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta: 383<br>• % na gcigireachtaí tosaigh a cuireadh i gcrích faoi cheann 4 seachtaine i ndiaidh an t-iarratas a fháil: 48.25%<br><br>• Líon na dtionóntachtaí cláraithe, gach réadmhaoine Scéime Cóiríochta ar Cíos (SCC) agus ÍCT san áireamh: 8,637<br>• Líon na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu a bhí neamh-chomhlíontach i ndiaidh na chéad chigireachta: 3,210<br>• Líon na dteaghaisí a bhain comhlíontacht amach i rith na tréimhse: 3,479<br>• In 2024 faoin Scéim Ceannaigh agus Athnuachana, chuireamar 16 teach isteach i dTithíocht Shóisialta. |
| **Measúnú, leithdháileadh agus aistriú Tithíochta** | • Líon ar an liosta tithíochta: 13,728 ar an meán ar fud 2024<br>• Líon ar an Liosta Aistrithe Tithíochta: 16,125 ar an meán ar fud 2024<br>• Líon Iomlán ar tugadh tithíocht dóibh 2,836<br>• Leithdháiltí orthu siúd atá faoi mhíchumas sonraithe: 13.14 ar an meán ar fud 2024<br>• An méid ama a thógann sé chun measúnú a dhéanamh ar iarratais (idir tráth cláraithe an iarratais agus cruthú): 10.25 seachtain ar an meán ar fud 2024<br>• Ligin Bunaithe ar Rogha (LBR)<br>• % de dhaoine atá ar an liosta feithimh ag déanamh iarratais ar LBR: 33.23 ar an meán ar fud 2024<br>• Líon na réadmhaoine LBR a fógraíodh ar an Mol Saoránach: 1,615 san iomlán in 2024<br><br>Bhí méadú ar na ligin a rinneadh in 2024 de 600 go dtí 2,836. Baineadh é seo amach trí úsáid a bhaint as an tairseach Ligean Bunaithe ar Rogha. |
| **Bainistíochta Cíosa Tithíochta** | Bhí % na bhfáltas cíosa a fuarthas i gcoinne fiacha cíosa idir -4% in R1 go +0.5% in R4<br><br>Eisíodh 208 rabhadh tionóntachta in 2024 agus tionscnaíodh 100 caingean dlí mar thoradh.<br><br>Mhéadaigh íocaíochtaí ioncaim cíosa i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi 9.6% in 2024 go €109.6m |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Obair Shóisialta** | • Líon na ngairmeacha ar Dhualgas Oibre Sóisialta a freagraíodh: 3,331<br>• Líon na n-atreoraithe a leithdháileadh ar Sheirbhís Oibre Sóisialta: 499<br>• Líon na n-atreoruithe ar dhéileáil an tSeirbhís Idirghabhála leo: 1 |
| **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean** | • Líon na ndaoine nua a tháinig faoinár ndéin (teaghlaigh): 3,027<br>• Líon na n-uaireanta inar coisceadh easpa dídine (teaghlaigh): 2,242<br>• Líon Iomlán i gcóiríocht éigeandála (teaghlaigh ar an meán): 10,433<br>• Líon na n-atreoruithe chuig seirbhísí sláinte agus sóisialta: 1,630<br>• Líon na ndaoine a d'fhág cóiríocht éigeandála chun tairbhe a bhaint as tionóntacht: 1,529<br>• Tionóntaí le fógra foirceanta do dhíol tiarna talún arna meas le haghaidh scéim tionónta in situ: 277<br>Tacaíodh le Treoirthionscadal Tithíocht do Chách in 2024, agus mar thoradh chuir ochtar óg (idir 18-24) easpa dídine díobh chun dul isteach i dtithíocht thacaithe theoranta ó thaobh ama de, a bhfuil sé mar aidhm aici cur ar chumas an duine óig maireachtáil go neamhspleách. |
| **Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | Tithíocht do Chách: is í an sprioc thógála do 2024 faoin bplean seo ná 1,974. Líon iomlán na n-aonad nuathógtha a cuireadh ar fáil in 2024 ná 972<br><br>Athúsáid Oiriúnaitheach<br>Fuarthas trí réadmhaoin tráchtála lena n-athfhorbairt chun tithe sóisialta a chur ar fáil. Bunaíodh creat dearaidh ildisciplíneach de 9 bhfoireann deartha.<br><br>Clár Tionscnaimh Talún Tithíochta<br>Leanadh le hoibreacha ar láithreán nuair a tógadh 1,900 aonad cónaithe i meascán de thithe Sóisialta, Cíos Costais, Ceannaigh Inacmhainne agus Príobháideacha<br><br>Athnuachan<br>Cuireadh tús le hathghiniúint Árasáin Shráid Dorset, BÁC 11 ar láithreán i mí an Mheithimh 2024 agus nuair a chuirfear i gcrích é, cuirfidh sé 163 áras cónaithe nua agus spás pobail agus tráchtála ar fáil. Rinneadh dul chun cinn le dhá Thionscadal do Dhaoine Scothaosta ag Cúirt Fhionnbarra, Baile Átha Cliath 7 (46 áras cónaithe) agus Cúirt an Ghleanna, Baile Átha Cliath 17 (32 Áras cónaithe). Baineadh amach cead pleanála Chuid 8 chun Cúirt San Anna, BÁC 5 (102 áras cónaithe) agus cuireadh an tIarratas Chuid 8 isteach chun Cúirt San Aindrias a athfhorbairt, BÁC 2.<br><br>Bóthar Emmet<br>Chuaigh forbairt cíosa costais phíolótach na Comhairle, a bhfuil 578 áras cónaithe mar chuid de, is ar dámhadh cead pleanála dó in 2023, ar aghaidh go dtí an chéim soláthair conraitheora nuair a cuireadh na hoibreacha Cumasaithe agus an Príomhchonraitheoir ar tairiscint i gcaitheamh 2024.<br><br>GFT<br>Tógadh 689 áras cónaithe ag dhá shuíomh, Íosbhealach Chaisleán na Croma, rud ar cuireadh tús leis in 2024. Tugadh cead pleanála do Phointe Ghort na Silíní, a bhfuil 1072 áras cónaithe mar chuid de, i mí Iúil 2024, agus cuireadh dearadh na scéime ag an gCloigín Gorm le haghaidh breis is 400 áras cónaithe ar aghaidh go dtí an chéim réamhphleanála.<br><br>In 2024, seoladh ár gcéad scéim um árais ceannaigh inacmhainne ar díol ag Oileáin na Crannóige, Baile Munna agus Coillte Oscair Mhic Tréinir. Is cuid thábhachtach den chlár soláthair tithíochta í an Scéim Ceannaigh Inacmhainne a chabhraíonn le hiarrthóirí le háras cónaithe nua a cheannach ar lascaine óna luach margaidh. Tá sé mar aidhm aici cabhrú le daoine nach mbeidh in ann a n-áras cónaithe féin a cheannach murach í. |

# An Rannóg Tithíochta agus Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **SCC agus Clár Léasaithe Shóisialta** | Méadú ar an líon réadmhaoine atá ar fáil trí SCC agus Scéimeanna Léasaithe Shóisialta<br>• SCC: 4<br>• Aonaid Léasaithe a Críochnaíodh: 345<br><br>Méadaíodh ar an líon Aonad Léasaithe a críochnaíodh in 2024 le 68 aonad in 2023, is ionann é sin agus méadú 25% faoin gcéad. |
| **Iasachtaí Tithíochta agus Ceannach Tionónta** | Is ionann an Iasacht Tí ó Údarás Áitiúil agus morgáiste le taca Rialtais do cheannaitheoirí céaduaire agus iarrthóirí Tús Úr. Is le haghaidh réadmhaoine cónaithe nua nó dara lámh a cheannach nó áras féintógtha é Iasacht Tí ó Údarás Áitiúil. Chuir an Rannóg Iasachtaí, Díolachán agus Deontas 31 Iasacht Tí ó Údarás Áitiúil ar aghaidh le linn 2024. |
| **Deontais Tithíochta** | Sháraigh an Rannóg Deontas Oiriúnaithe Tithíochta, a thacaíonn leo siúd a bhfuil riachtanais míchumais, soghluaisteachta nó daoine scothaosta acu, a cuid spriocanna agus an buiséad a leag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta síos, agus bhain sé maoiniú €12.18m amach. Méadú 30% ar an leithdháileadh buiséadaithe bunaidh agus timpeall 1900 deontas dóibh siúd atá i gcóiríocht phríobháideach. |
| **Clár ÍCT** | • Líon na dtionóntachtaí nua ÍCT agus (ÍCT Príomhshruth agus Daoine gan Dídean le chéile): 2,684<br>• % de na 1,037 faighteoir forlíonta cíosa fágtha a aistríodh feitheamh chuig ÍCT: 8.64% san iomlán in 2024<br><br>Seoladh an tairseach ÍCT ar líne trí Ionad Seirbhíse Comhroinnte ÍCT agus cuireadh tús le hobair ar an Tairseach ÍCT a úsáid le haghaidh gach iarratas ar ÍCT Príomhshrutha. Fuair Seirbhís Aimsitheora Áite Fheidhmeannas do Dhaoine Gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath (FDGDRBÁC) 242 réadmhaoin in 2024, rud a chruthaigh 149 áit chónaithe mar thoradh. |
| **Forfheidhmiú Caighdeán san earnáil cíosa phríobháideach** | Rinne Rannóg Sláinte Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 7,299 cigireacht ar 5,853 teaghais ina raibh 8,638 tionóntacht, méadú ar 2023.<br><br>Maidir le forfheidhmiú, seirbheáladh níos mó Litreacha Feabhsúcháin, Fógra Feabhsúcháin agus Fógra dianchosc in 2024 ná mar a seirbheáladh sa bhliain roimhe agus d'éirigh le dhá chaingean dlí ós comhair na Cúirte Dúiche i dtaca le Tiarnaí Talún a mhainnigh Fógra Feabhsúcháin a chomhlíonadh. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Cóiríocht shonrach don Lucht Siúil** | Cuireann an tAonad Cóiríochta Lucht Siúil Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil ar fáil, agus bainistíonn sé í agus déanann sé cothabháil uirthi.<br>Mar chuid de na scéimeanna/láithreáin tá 277 aonad thar 7 láithreán Stad, 7 nGrúpscéim Tithíochta, agus 4 Láithreán Bunseirbhísí.<br><br>Clós súgartha nua a shuiteáil agus a oscailte i bPáirc Labré.<br><br>Clár Cóiríochta Lucht Siúil 2025-2029 a chur i bhfeidhm ina leagtar amach príomhspriocanna CCBÁC chun freastal ar riachtanais chóiríochta atá ag baill den Lucht Siúil anois agus a bheidh acu sa Todhchaí laistigh de limistéar riaracháin CCBÁC.<br><br>Creat Cothabhála a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go gcuirfear seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla ar fáil do thionóntaí/shealbhóirí ceadúnais ACL. 8 leantóir/gcarbhán a chinntiú d'áitritheoirí ACL faoi Scéim Éigeandála Leantóirí/Carbhán na Roinne. |
| **Ionchuimsiú agus Imeascadh Sóisialta** | • An tríú leagan den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail 2024 – 2028 (CCSGP) a chur i bhfeidhm<br>• Comhaontas Aoisbhá Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Seachtain Chineáltais an Ardmhéara Aibreán 2024 i gcomhar le 22 bunscoil<br>• Imeacht Lá na hAfraice ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann le beagnach 10,000 duine i láthair.<br>• Imeacht Belong To in Oifigí na Cathrach mar chuid de BRÓD<br>• Seoladh Tuarascáil Inniúlachta Sláinte Phobail Shláintiúla Sláintecare i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo, Ionad Insight le haghaidh Anailísíocht Sonraí agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Bunaíodh Tascfhórsa an Ardmhéara um Lánpháirtíocht<br>• Comhdháil Bhliantúil Chomhairle na nÓg le 220 duine óg i láthair sa Seomra Cruinn, Teach an Ardmhéara.<br>• Seachtain Ionchuimsithe agus Lánpháirtíochta 11 go 17 Samhain 2024 le 118 imeacht ar fud na cathrach.<br>• Seoladh Peirspictíochtaí Riachtanas agus Sócmhainní Sláinte Sláintecare i gCeantair Phobail Shláintiúla Sláintecare i mBaile Átha Cliath i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. |
| **Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, tagairt do chur chun feidhme agus / nó athbhreithniú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) Bhaile Átha Cliath san áireamh** | Seoladh an dara leagan den Phlean Áitiúil Eacnamaíocht agus Pobail 2024 – 2029 |

# An Rannóg Tithíochta agus Pobail ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna** | • Líon na nglaonna amach chuig foirgnimh chontúirteacha ar freastalaíodh orthu in 2024: 248<br>• Rinneadh cigireacht 100% de réadmhaoine in 2024 laistigh den sprioc uair a chloig<br><br>Leanann Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach uirthi ag comhlíonadh ceanglais reachtúla CCBÁC faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964. Tá an Creat FC le haghaidh Conraitheoirí Oibreacha Móréigeandála chun Foirgnimh a Dhéanamh Slán i bhfeidhm ón 18 Eanáir 2024, agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an 17 Eanáir, 2026 |
| **Leas agus Rialú Ainmhithe** | Méadú 25% ar ioncam ó cheadúnais madraí<br><br>Eisíodh 40 fíneáil madraí faoi Alt 27 den Acht um Rialú Madraí, 1986, agus 119 bhFógra 0 Lá chun cruthúnas ceadúnais a chur ar fáil |

# Seirbhísí Ceantair

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Seirbhísí Ceantair** | I measc bhuaicphointí Oifig Ceantair an Oirdheiscirt bhí limistéir a theorannú do choisithe ar Fhaiche Dhumhach Thrá; 11 bhinse poiblí nua suiteáilte ar Shráid Bhagóid Uachtarach; Suiteáladh soilsiú Nollag den chéad uair ar Shráid Bhagóid Íochtarach, Sráid Pheambróg Íochtarach agus Rae Mhuirfean. Rinneadh Cúirt Crampton a athdhromchlú le hasfalt dearg. Chabhraigh ár bhFoireann Ríochta Poiblí le binse a athchóiriú trí úsáid a bhaint as foireann printíseach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag Droichead Huband. Bhain ár bhFoireann Ríochta Poiblí 452 rothar tréigthe ar fud na Cathrach.<br><br>Rinne Oifig Ceantair Chromghlinne bainistíocht ar athchóirithe Fhoirgneamh Pobail Halla na Corónach Muire, a cuireadh i gcrích ag deireadh 2024. Beidh dhá ról ag an tSaoráid sa todhchaí. Cuirfidh sé seomraí gléasta ar fáil do Chlub Peile Chrois Araild agus spás ar fáil le haghaidh cuspóirí agus imeachtaí Pobail.<br><br>I measc na mbuaicphointí eile, rinneadh dul chun cinn ar Cháipéisíocht Tairisceana don chéim dheireanach de thionscadal SUDs do Pháirc Herzog lenár gcomhpháirtithe in Oifig Cosanta na nDobharlach. Rinne Oifig an Cheantair bainistíocht tionscadal ar roinnt mórfheabhsúcháin Ríochta Poiblí, lena n-áirítear síneadh starrach ag Crois Chamaí agus an Plás ag Swan Leisure a Ghlasú agus na hOileáin mhóra Tráchta Bóthar Chlochair/ Chill Dara.<br><br>Lean Oifig Ceantair an Láir Theas uirthi ag tacú le Tionscadail Chomhshaoil agus á gcur chun cinn i Lár na Cathrach Thiar Theas in 2024. I measc na dtionscadal, tá Scéim Feabhsúcháin Ríochta Poiblí Shráid na Mí, Bearta Feabhsaithe do Choisithe Eatramhacha an Mhargaidh Nua, tionscadail Ghlasaithe sa Cheantar, ina measc, plandú crann sa Charnán, Hall na gCarraeirí, Sráid Chorcaí/Ascaill Lúcáis, sna Crainn Triomaithe san áireamh, agus an tírdhreachú ar Bhóthar Emmet agus Ardán an Droichid Órga.<br><br>Chuir Oifig Ceantair Lár na Cathrach Thuaidh mórthionscadail chaipitil chun cinn le tógáil i lár chathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath nuair a rinneadh athchóiriú ar Scoil Shráid Rutland mar lárionad cathrach nua agus Ionad Spóirt Uisce na nDugthailte ar Ché Theach an Chustaim. Osclaíodh Scéim Taistil Ghníomhaigh Chluain Tarbh go Lár na Cathrach in 2024. Thacaigh Oifig Ceantair Lár na Cathrach Thuaidh le seoladh oifigiúil dhá scéim tógála nua i Halla Dhoiminic agus Sráid an Iarnróid. Rinneadh dul chun cinn ar fhorfheidhmiú dramhaíola ar bhonn leanúnach le linn 2024 agus tugadh faoi deara gur baineadh 341.44 tonna de dhumpáil neamhdhleathach.<br><br>I gCeantar an Iarthuaiscirt, leithdháileadh €1.7M ar Chiste Athghiniúna Sóisialta Bhaile Munna chun deontais a dhámhachtain in 2024 chun tacú leis an bpróiseas athghiniúna sóisialta sa cheantar, atá leagtha amach in Athghiniúint a Choinneáil – Plean Sóisialta do Bhaile Munna. Faomhadh maoiniú le haghaidh 20 eagraíocht / grúpa ag cruinniú Oifig Ceantair an Iarthuaiscirt i mí Feabhra, 2024.<br><br>Bunaíodh Bord Cur Chun Feidhme Bhaile Munna in 2024, arna reáchtáil ag Comhairle Cathracha Bhaile Átha Cliath agus tugadh na soláthraithe seirbhíse agus na Gardaí ábhartha le chéile chun obair leis an bPobal agus le ceannairí áitiúla gnó ar bhealach |

# Seirbhísí Ceantair ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | comhoibritheach agus éifeachtach. Díreoidh an bord ar ábhair imní arna sainaithint ag an bpobal áitiúil agus na cinn a sainaithníodh sa tuarascáil Baile Munna – Todhchaí Níos Gile.<br><br>In 2024, tháinig StartUp Bhaile Munna ar ais dá 11ú himeacht, Rise Up: Innovation Unleashed, a reáchtáladh ar an 25 Aibreán i Seomra na Comhairle, Lárionad Cathrach Bhaile Munna. Díríodh san imeacht ar fhiontraithe óga agus ar nuáil agus mealladh breis is 80 duine chun na láithreach. Roinn painéal de sheisear bunaitheoirí gnó a n-aistir fiontraíochtaí, agus bhí mórghníomhaireachtaí tacaíochta gnó ann chun tacú leo, ina measc an Oifig Fiontair Áitiúil, Fiontraíocht Éireann agus Comhpháirtíocht Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath.<br><br>Ina theannta sin, chuaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i bpáirt le Intreo chun dhá aonach fostaíochta a reáchtáil agus an Lárionad Cathrach, a mheall breis is 500 duine chun na láithreach. Bhí mórfhostóirí ar nós Aer Lingus, Amazon, Bhus Átha Cliath agus Iarnród Éireann páirteach ann, rud a chuir raon deiseanna poist ar fáil. Thacaigh Ionad Post Bhaile Munna leis na himeachtaí le ceardlanna ar Scríobh CVanna agus Scileanna Agallaimh.<br><br>Chuir Oifig Ceantair na Cabraí tús le Ligin Bunaithe ar Rogha in R4, 2024, agus chuir Foireann Thiomnaithe nua Scairdníocháin tús lena gcuid oibre sa cheantar.<br><br>Ar fud na cathrach, reáchtáil Seirbhísí Ceantair cláir fhorleathana imeachtaí, gníomhaíochtaí agus ócáidí pobail le linn na bliana, agus bhain siad méid ábhair tine cnámh nár taifeadadh riamh roimhe ag Oíche Shamhain. |
| **Ceadúnú Taibhithe Sráide** | Líon iomlán ceadanna taibheoirí a eisíodh: 606<br><br>Thug Oifig Comhordaithe na Cathrach córas iarratais/athnuachana ar líne agus ghlac 99% leis in 2024 |
| **Oibriú Margaí agus Corrthrádáil** | Líon iomlán ceadúnas corrthrádála a eisíodh: 2,844<br>Líon iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích: 5,817<br>Líon na ngníomhartha forfheidhmithe a cuireadh i gcrích: 599<br><br>Ba é 2024 comóradh 75 bliain ar Mhargaí Nollag Shráid Anraí/Shráid Mhuire agus rinne Oifig Comhordaithe na Cathrach é a cheiliúradh trí raon de ghníomhaíochtaí a eagrú lena n-áirítear seoladh margaidh, pluais Dhaidí na Nollag, agus tugadh isteach Mol Pobail. Bhí spiorad na Nollag níos saibhre fós mar gheall ar na cóir áitiúla, eagraíochtaí carthanachta agus imeachtaí breise sa Mhol Pobail. Taispeánadh pubaill agus bratacha speisialta rud a chruthaigh atmaisféar beoga do chuairteoirí. |

# Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Cosaint Shibhialta** | Cuireadh aistriú na Cosanta Sibhialta go dtí an cheanncheathrú nua i nGort na Silíní i gcrích in 2024<br>Tá cúltaca fós á sholáthar do Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha sna ceithre Údarás Áitiúla.<br><br>In 2024, bhaint Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath garspriocanna móra amach, an cheanncheathrú nua 1,800-méadar-cearnach a d'oscail an Tánaiste, Micheál Martin, san áireamh. Tacaíonn an tsaoráid nua aimseartha seo le breis is 200 oibrí deonach, an t-aonad is mó in Éirinn. Bhí ról mór ag an tseirbhís i mórimeachtaí ar nós na Féile Pádraig agus Mharatón Bhaile Átha Cliath, agus chuir sí clúdach leighis, sábháilteacht slua agus bainistíocht tráchta i bhfeidhm.<br><br>Forbairt mhór in 2024 ab ea cur i bhfeidhm an Chórais Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Imeachtaí (CBODI), a chuíchóiríonn comhordú, imscaradh, agus taifid oiliúna oibrithe deonacha, rud a fheabhsaíonn go mór éifeachtacht oibríochta i bhfreagairtí éigeandála áitiúla agus náisiúnta.<br><br>Caiteachas Iomlán: €1,452,113 |
| **Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin** | % na gcásanna, i ndáil le tine, ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair:<br>• laistigh de 10 nóiméad: 72.91%<br>• i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad: 24.67%<br>• i ndiaidh 20 nóiméad: 2.42%<br><br>% na gcásanna, i ndáil le gach éigeandáil eile, ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair<br>• laistigh de 10 nóiméad: 69.18%<br>• i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad: 26.87%<br>• i ndiaidh 20 nóiméad: 3.96%<br><br>Chuir 4 ball foirne oiliúint atá ag teastáil chun tacú le freagairt BMÉ i gcrích in 2024. Reáchtáladh dhá Fhreachnamh Móréigeandála Idirghníomhaireachta agus cuireadh i gcrích iad in R1 agus R4 in 2024. D'éirigh linn Rialacháin RGM I.R. 209 2015 á chomhlíonadh. Rinneadh athbhreithniú agus uasghrádú ar chúig phlean Éigeandála Seachtraí Suíomh in 2024. Rinneadh Freachnamh Idirghníomhaireachta Seveso le haghaidh 5 Shuíomh Sraithe Uachtaraí in 2024.<br><br>In 2024 láimhseáil Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 225,358 glao éigeandála 999/112. Rinneadh 81,435 slógadh seirbhísí míochaine éigeandála i gceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus 37,182 slógadh dóiteáin agus tarrthála.<br><br>Ba é an 31 Deireadh Fómhair (Oíche Shamhna) an lá ba ghnóthaí den bhliain toisc go bhfuarthas 1,391 glao éigeandála agus 1023 díobh siúd idir 4pm- 12am.<br>Ba í an Nollaig an mhí ba ghnóthaí den bhliain, toisc gur taifeadadh 21,828 glao agus ba é an príomhrud a spreag an ghníomhaíocht sin ná glaonna ar otharcharranna mar thoradh ar an ráig fliú luath agus gníomhaíocht a bhain le haimsir. |

# Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ LE LINN 2024 |
|---|---|
| | In 2024 rinne BDBÁC comhordú ar chruinnithe Ghrúpa Oibre um Bainistíocht Géarchéimeanna CCBÁC, mar chuid den obair rinneadh athbhreithniú ar Phlean Móréigeandálaí CCBÁC, 2022, agus rinneadh nuashonrú ar Phlean Adhaimsire agus Plean Tuilte 2024 CCBÁC. Chabhraigh BDBÁC le Freachnamh Móréigeandála agus oiliúint le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath eile agus reáchtáil sé Freachnamh Adhaimsire le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin, 2024, agus Freachnamh Mór-Shlua-Imeachta Idirghníomhaireachta do gach Príomhghníomhaireacht Freagartha i mí na Nollag, 2024. |
| **Cosc Dóiteáin** | • % na n-iarratas a fuair deimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a cinneadh faoi cheann dhá mhí i ndiaidh iad a fháil ná 32% agus le tréimhse shínithe 23.25%<br>• Próiseáladh 37% d'iarratas faoi reachtaíocht Substaintí Contúirteacha<br>• próiseáladh 1,700 deimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán agus cuireadh moltaí ar fáil do thart ar 1,500 forbraíocht.<br>• chuathas i ngleic leis an tóir mhéadaithe ar ghléasanna iompair leictreacha pearsanta, leithéidí scútar leictreach trí threoirlínte sábháilteachta agus dea-chleachtais a roinnt<br>• glacadh páirt i bhfeachtas feasachta an Chláir Náisiúnta Aláraim Deataigh, agus na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán, 2024<br>• baineadh úsáid as ardáin meán sóisialta chun feasacht sábháilteachta ó dhóiteán agus pobail a chur chun cinn, mar shampla "Máirt na Tástála", inar spreag BDBÁC dá lucht leanúna a gcuid aláram deataigh a thástáil go rialta cruthaíodh cuntas ar ardán Threads in R3 agus ar ardán TikTok in R4 in 2024. |

# An Rannóg Comhshaoil agus Iompair

**Cothabháil agus Feabhsú Bóithre**

Chuir Seirbhísí Cothabhála Bóithre Clár Oibreacha bliantúil ar luach timpeall €12.5 Milliún i bhfeidhm in 2024. Leis seo, bhíothas in ann timpeall 13km de charrbhealaí agus 32km de chosáin a uasghrádú.

Le linn 2024 freisin, réitíodh breis is 5,816 fiosrú ó chustaiméirí agus iarratais seirbhíse agus deisíodh breis is 5,630 locht agus guais ar an líonra bóithre agus/nó rinneadh slán iad. Sa bhreis air sin, deisíodh sa mheán 93.75% locht agus guais chriticiúil agus/nó rinneadh slán iad laistigh de 24 uair a chloig ó taifeadadh iad.

**Soilsiú Poiblí**

In 2024 lean an Rannóg Soilsithe Poiblí uirthi ag cur cothabhála agus seirbhísí dearaidh d'ardchaighdeán ar fáil i ndáil le 47,000 sócmhainn phoiblí de chuid na comhairle. LED is ea 36% den chóras soilsithe anois.

Ba é líon iomlán na bhfabhtanna a tuairiscíodh in 2024 ná 10,084. Freagraíodh 59.19% (sa mheán) d'fhabhtanna, ar chuir daoine den phobal sinn ar an eolas fúthu, laistigh de 5 lá oibre agus rinneadh 56.21% (sa mheán) de na deisiúcháin eile laistigh de 10 lá oibre.

Mar chuid de thionscadal idir-roinne, rinneadh an córas soilsithe iomlán ar Shráid Thalbóid a uasghrádú, comhdhlúthú an bhonneagair oidhreachta stairiúil san áireamh, rud a d'athraigh an soilsiú sa cheantar sin ó bhun, agus a d'fheabhsaigh an chuma agus braistint na sábháilteachta ar an tsráid.

Tá an Tionscadal Uasghrádaithe Soilsithe Phoiblí ar siúl anois le trí bliana. In 2024, chuir an chéad chonradh i gcrích inar tiontaíodh 9000 lóchrann go teicneolaíocht LED, chomh maith le 130 colún oidhreachta a shuiteáil.

# An Rannóg Comhshaoil agus Iompair ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Feabhsú Bainistíochta Tráchta | Líon iomlán iarratas seirbhíse an Ghrúpa Chomhairligh Tráchta (GrCT) a fuarthas in 2024 ná 2,270 agus cinneadh 2,270 acu 33.75% laistigh de cheithre mhí ó thráth déanta an iarratais. Deisíodh 93.56% d'fhabhtanna práinneacha le soilsí tráchta laistigh de 5 uair a chloig ón tuairisc ar fhabht a fháil agus deisíodh 95.14% d'fhabhtanna neamhphráinneacha le soilse tráchta laistigh de 24 uair a chloig.<br><br>Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath uirthi ag tacú le leathnú amach Athdhearadh Líonra BusConnects trí stadanna bus nua agus bearta tosaíochta soilse tráchta a chur ar fáil do na Bealaí agus Conairí Ardmhinicíochta. In 2024, seoladh bealach nua N2.<br><br>Cuireadh an chéad chéim de Phlean Iompair na Cathrach, 2023, i bhfeidhm a raibh athruithe bainistíochta tráchta mar chuid de ar na céanna Thuaidh agus Theas. Cuireadh iad seo i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024, agus cuireadh cosc ar fheithiclí dul ar aghaidh feadh na gcéanna ag droichead Uí Chonaill idir 7am agus 7pm. Is í an réasúnaíocht a bhí ann dó ná an tréthrácht i lár na cathrach a laghdú i.e. trácht nach raibh gnó ar bith aige sa cheantar ach a bhí ag taisteal tríd.<br><br>Is é líon iomlán na rothaithe agus na gcoisithe ag pointí comhairimh in 2024 ná 118,825,367 (fuarthas na sonraí ó 15 áiritheoir coisithe agus 6 áiritheoir rothaithe). Rinneadh comhaireamh tráchta chun athruithe ar an líon feithiclí a mheas sna ceantair féin agus in aici láimhe agus léiríonn na torthaí tosaigh go bhfuil laghduithe suntasacha agus fadtéarmacha tar éis teacht air. Bhí 6,000 níos lú carranna i lár na cathrach gach lá ag droichead Uí Chonaill. Tá líon suntasach ama á shábháil ar aistir busanna ar na céanna freisin. |
| Cur Chun Cinn/ Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | Leanadh ag cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Céim 1, 2023 - 2024, go rathúil le hiarrachtaí Grúpa Oibre le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre. Dearadh agus suiteáladh an Scoil Soghluaisteachta Shealadach i bPáirc Éamonn Ceannt, Cromghlinn, a cuireadh i gcrích i mí na Nollag, 2024.<br><br>Fuair 1,700 páiste Oiliúint Cycle Right le haghaidh Bunscoileanna in 2024. Nollaig 2024: Cuireadh an Scoil Soghluaisteachta i bhfeidhm in PÉC. Samhain 2024: Reáchtáladh imeacht in Atrium Oifigí na Cathrach ar an Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre agus a dTeaghlaigh. Deireadh Fómhair, Samhain, 2024; Soilse do Rothair, tugadh soilse do rothaithe ar acomhail feadh na gcanálacha. Bealtaine 2024 Cloigíní do Rothair, suiteáladh cloigíní ar rothair le linn Sheachtain na Rothaíochta. Tionscnaimh Náisiúnta i gcaitheamh na bliana trí na meáin shóisialta; Laethanta Moillithe, Déardaoin an Ómra. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre** | • Rinneadh dul chun cinn leis an obair ar na nithe seo a leanas: Tionscadail Droichead: Droichead Oscailte Iompair Phoiblí na Dothra agus Droichead Coisithe agus Rothaíochta an Iosta.<br>• Tionscadail na Ríochta Poiblí: Scéim Feabhsúcháin Shráid an Diúic/Shráid Anna Theas, Feabhsúcháin ar Shráid na Life, Sráid na Bearú, Cearnóg Bharra an Teampaill, agus uasghrádú ar Bhóthar Sheáin Uí Mhóra<br>• Feabhsúcháin ar Shráid na Life curtha i gcrích den chuid is mó, gairm ar Thairiscintí do Scéim Feabhsúcháin Shráid an Diúic/Shráid Anna Theas, agus cead pleanála faighte i gcomhair Dhroichead na Dothra mar chuid de Bus Connects |
| **Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh** | Lean Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh uirthi ag obair ar 210km de bhonneagair rothaíochta, siúil agus cathaoireacha rothaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil laistigh de Líonra Taistil Ghníomhaigh Chathair Bhaile Átha Cliath foriomlán. Tá 35.2km de bhonneagar taistil ghníomhaigh i bhfeidhm anois agus cuireadh 5.2km de raonta rotha / cosáin i gcrích agus osclaíodh iad don phobal.<br><br>Bhí 7 gComhairliúchán ar siúl do Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh ar fud na cathrach. Eisíodh 20 doiciméad d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (EDM) le gur féidir leo a dtuairimí a thabhairt ar an Líonra Taistil Ghníomhaigh. Bhí trí fheachtas feasachta uilechathrach ar siúl ar an mbonneagar nua atá á chur ar fáil mar chuid den Líonra Taistil Ghníomhaigh.<br><br>I mí na Samhna, 2024, rinne Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh ceiliúradh ar sheoladh an tionscadail is suaitheanta de chuid an líonra go dtí seo, in imeacht ina ndearnadh comóradh ar oscailt scéime siúlóide agus rothaíochta Chluain Tarbh go Lár na Cathrach. |

# Seirbhísí Uisce

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Uisce Éireann | In 2024, chuir an Chomhairle Cathrach téarmaí an Mháistir-Comhaontaithe Chomhoibrithigh agus an Chomhaontaithe Seirbhísí Tacaíochta le hUisce Éireann.<br><br>Tá CCBÁC ag leanúint uirthi ag obair le hUisce Éireann ar chur chun feidhme an Mháistir-Chomhaontaithe agus an Chomhaontaithe Seirbhísí Tacaíochta agus cabhrú le Seirbhísí Uisce a chur ar fáil. Chuir CCBÁC tús le foireann a athshannadh do CCBÁC mar chuid den Chomhaontú. |
| Oibríochtaí Uisce Dromchla agus Cothabháil | Cuireadh 100% de na silteáin sa chlár oibre beartaithe i gcrích in 2024 (12,000 clasán in aghaidh na ráithe). Fuarthas 1,890 iarratas ar ghlanadh clasán in 2024, agus rinneadh cigireacht ar 100% acu laistigh de 4-5 lá oibre.<br><br>Dréachtaíodh, faomhadh agus síníodh an Plean Éigeandála Tuilte (PÉT) leasaithe, in 2024. Eisíodh 4 cheadúnas faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce. Chun éifeachtacht teicneolaíochtaí bainistíochta uisce dromchla a chur chun cinn, bhí réitigh nádúrbhunaithe mar chuid de 3 thionscadal de chuid na Comhairle Cathrach in 2024. |
| Cosaint na nDobharlach | Uisce Snámha: Sampláladh uisce snámha ag gach tráth den bhliain agus cuireadh na torthaí in iúl don phobal ar líne agus ar an láthair. Léirigh measúnú GCC 2024 ar chigireachtaí comhshaoil agus gníomhartha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2024 go raibh an caighdeán is airde de 'Sármhaith' ag an uisce céanna.<br><br>Clár cigireachtaí mícheangail: aithníodh 169 fearas mícheangailte lena n-athchóiriú in Abhantrach Sheantraibh in 2024. Nuair a bhaintear na bréanfhearais mhícheangailte seo, laghdaítear éilliú agus bíonn feabhsuithe ar cháilíocht uisce agus bithéagsúlacht mar thoradh.<br><br>Rinneadh 100% d'fhaireachán na Creat-Treorach Uisce, agus foilsíodh na torthaí go poiblí ar líne ar www.catchments.ie. Leis an bhfaireachán a rinneadh, is féidir le GCC rangú CTU a chur ar fáil.<br><br>Tionscadal Rainscapes: Cuireadh tús le céim thógála an Réitigh Nádúrbhunaithe seo in 2024. Is é an cuspóir uileghabhálach atá aige ná athléimneacht i gcoinne tuilte a fhorbairt, cáilíocht uisce a théann isteach san abhainn áitiúil a fheabhsú, luach conláiste áitiúil a thabhairt isteach agus bithéagsúlacht a fheabhsú. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Pleanáil, Beartas agus Rialú Forbartha Draenála** | Líon níos mó tionscadail CCBÁC ag déanamh teagmhála le PBRFD agus atá ag cur bearta draenála inbhuanaithe san áireamh ina ndearaí. |
| **Oifig Tionscadal Cosanta i gCoinne Tuilte** | • Scéim Maolaithe Tuilte na Dothra Céim 2 – Bóthar Lansdún go cora Smurfit, curtha i gcrích. €25m. 500 foirgneamh arna gcosaint go dtí caighdeáin náisiúnta.<br>• Asraon abhainn an Bhaid, Promanád Chluain Tarbh – Conraitheoir arna cheapadh. €0.6m.<br>• An Poitéal – Struchtúr rialaithe i bPáirc Thigh Motháin i bhfeidhm – a laghdaíonn an riosca tuilte do Chrois Araild, Camach, agus Cnocán Argos.<br>• Tionscadal Cósta Dhumhach Thrá, Páirc an Leamháin, Baile Eoghain agus Sruthanna Nutley, sainchomhairleoir arna cheapadh i mí na Samhna, 2024.<br>• Cé Mhic Liam – Cosaint struchtúrtha ar na bratphilí agus cosaint Anóideach ag grinneall an inbhir curtha i gcrích.<br>• Suirbhéanna struchtúrtha ar bhallaí céanna na Life agus ar Phromanád Chluain Tarbh curtha i gcrích.<br>• Baineadh speicis ionracha ó Abhainn na Dothra ó Chluain Sceach go dtí an teorainn agus ar Abhainn na Tulchann.<br>• Titim ar an Life ag Droichead na hInse arna deisiú.<br>• Cosaintí i gcoinne Tuilte arna suiteáil ar chúl Bhóthar Emmet in aice le hAbhainn na Camóige.<br>• Eisíodh 300 litreacha chuig áitritheoirí/ceannaitheoirí ionchais tithe chun cabhrú le hárachas tuilte foirgnimh. Monatóireacht á déanamh go leanúnach ar threoirthionscadail SuDS ar Chearnóg an Diamaint, Bóthar Sheáin Mhic Dhiarmada agus ar Chnoc an Arbhair. |

# Seirbhísí Comhshaoil

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | • Fágadh 21,000 tonna ábhar thar 3 Shuíomh Conláiste Cathrach, Ionad Fág Anseo agus Banc Fág Anseo sráide.<br>• Cuireadh síneadh leis na huaireanta oscailte thar thréimhse na Nollag agus bhí athchúrsáil Crann Nollag saor in aisce ar fáil ag 11 suíomh. Bailíodh 607 tonna crann agus seoladh iad chun múirín agus millíní adhmaid a dhéanamh astu<br>• Athbhrandáladh 60 gabhdán athchúrsála sráide go hathchúrsáil Ghlas Mheasctha<br>• I mí Mheán Fómhair 2024, cuireadh tús le tionscadal trialacha maidir le seilf do bhuidéil éarlaise agus aisíoca ar 80 gabhdán<br>• 263 scoil rannpháirteach i gClár na Scoileanna Glasa |
| Bainistíocht Bruscair | Reáchtáladh Gradaim Chomharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath, 2024, ina bhfuarthas 270 iontráil. Bhí ceithre iontráil i nGradaim Tús Áite.<br><br>Cuireadh trealamh ar fáil agus bailíodh agus diúscraíodh málaí ó 4,316 glantachán pobail le linn na bliana.<br><br>Tá an Plean Bainistíochta Bruscair reatha fós á chur i bhfeidhm agus á athbhreithniú. |
| Glanadh Sráideanna | Athdhearadh Seirbhíse ar an tSeirbhís Glanta Sráideanna curtha i gcrích agus straitéis 3 théama curtha ar bun le haghaidh feabhsúchán. Tá sí beo anois agus craobhscaoilte agus beidh sí ina teimpléad tábhachtach don Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair.<br><br>In 2024:<br>• Bailithe Málaí: Rinneadh 97% laistigh de thrí lá ó thráth déanta an iarratais<br>• Iarratais Bainistíochta Gabhdán Bruscair: Fuarthas 7,361 iarratas agus réitíodh 68% laistigh de 24 uair a chloig<br>• Iarratais Glanta Sráideanna: Fuarthas 3,453 iarratas agus rinne cigireacht ar 55% laistigh de 24 uair a chloig<br>• Feithiclí Tréigthe: Tuairiscíodh 1,334 agus i gcás 90% acu cinneadh nach raibh siad tréigthe i ndiaidh cigireachtaí<br>• Dumpáil Mhídhleathach Dramhaíola Teaghlaigh: Bhain an Chomhairle Cathrach 2,092.6 de thonnáiste. Costas a bhaineann lena bhaint, lena n-áirítear obair, flít agus diúscair, ná €798,399.44.<br>• Dumpáil Mhídhleathach: Fuarthas 13,979 tuairisc agus réitíodh 70.35% laistigh de 24 uair a chloig. 528 gníomh forfheidhmiúcháin glactha. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola** | In 2024, chomhlíon an Chomhairle Cathrach 100% dá spriocanna cigireachta a bhí san Phlean Íoschritéar Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (ÍMCC).<br><br>Creat Feidhmíochta Údarás Áitiúil GCC<br>• Bronnadh caighdeán sármhaithe ar 2 as 5 réimse.<br>• Bronnadh caighdeán láidir ar 3 as 5 réimse.<br><br>Rinneadh 270 cigireacht in 2024 chun an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola (RLD) a fhorfheidhmiú tríd an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann (ONST).<br><br>Lean ONST air ag comhoibriú leis an Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide (RFAA), gach údarás áitiúil agus Custaim, AGS agus an tionscal onnmhairithe dramhaíola i ndáil le déileáil le honnmhairí dramhaíola neamhúdaraithe. Lean ONST air ag comhoibriú leis Líonra Eorpach maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Dlí Comhshaoil (IMPEL) chun a chinntiú go bhfuil gach gné den Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola á comhlíonadh, agus chun foghlaim ó fhaisnéis agus eolas agus iad a roinnt. Oibríonn ONST le RFAA ar dhréachtreachtaíocht AE ábhartha. |
| **An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (PRFD)** | Cuspóir in 2024 chun gníomhaíocht éifeachtach a chomhordú i Réigiún an Iarthair agus an Láir i dtaca le Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Bainistíochta:<br>• Líon na gcigireachtaí láithreáin i gceantar na Comhairle Cathrach: 9<br>• Líon na gcigireachtaí láithreáin i gceantar PRFD: 91<br><br>In 2024 ní raibh aon chás a d'atreoraigh údarás áitiúil chuig PRFD le gníomhú air. In 2024 níor tógadh aon ghníomh forfheidhmithe i dtaca le sealbhóirí ceadanna bailithe dramhaíola teaghlaigh i gceantar PRFD Réigiún na Comhairle Cathrach nó an Iarthair agus an Láir.<br><br>Seoladh PRFD feabhsaithe. Forfheidhmiú sealbhóirí ceadanna bailithe dramhaíola ar thaobh an bhóthair le béim ar ghabhdáin dhonna a leathnú amach. Comhordaíodh forfheidhmiú dramhaíola tógála agus scartála (T&S), Scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora agus an tionscail dramh-mhiotail. Forbraíodh Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmiú Dramhaíola le haghaidh 2025-2027 i gcomhar le GCC agus RFAA. |

# Seirbhísí Comhshaoil ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Cáilíocht Uisce, Aerthruailliú agus Truailliú Torainn** | Cásanna Truaillithe in 2024:<br>Líon iomlán na gcásanna truaillithe ar cás gearáin a bhí iontu: 725<br>Líon iomlán na gcásanna truaillithe a dúnadh: 650<br>Líon iomlán na gcásanna truaillithe ar láimh: 301<br><br>Is í an aidhm a bhí ann do 2024 ná suíomh gréasáin Aeir agus Torainn Chathair Bhaile Átha Cliath a uasghrádú chun suímh mhonatóireachta nua a chur san áireamh, a chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil go héasca agus eolas a roinnt leis an bpobal chun feasacht ar shaincheisteanna aerthruaillithe agus truaillithe torainn a mhúscailt. Baineadh amach é seo ar an mbealach seo a leanas:<br>• Suiteáladh suíomh monatóireachta nua in Oifigí na Cathrach in R1: cáithnínigh fíor-ama<br>• Suirbhéanna feadán idirleata chun leibhéil NO2 i Lár na Cathrach Thuaidh agus lasmuigh de scoileanna a bhaineann le trácht a bhaint amach<br>• 2024 Suirbhé Feadán Idirleata ar Scoileanna ar siúl go leanúnach. 2024 Suirbhé Feadán Idirleata ar Lár na Cathrach Thuaidh (i gcomhar le GCC) ar siúl<br>• 328 feadán curtha in 2024 i gcomhar le hionchais mar sin taifeadadh sonraí 100%<br><br>Fuair an tAonad 763 gearán maidir le torann agus truailliú aeir in 2024. Seo méadú 31% i gcomparáid le 2023 nuair a fuarthas 539 gearán. Ní raibh aon mhéadú foriomlán i ndáil le haon chatagóir ar leith seachas gearáin ó thógáil ina raibh méadú 45%. In 2024, rinne an tAonad staidéar ar conas a tháinig feabhas ar Cháilíocht Aeir i mBaile Átha Cliath ó 2011.<br><br>Críochnaíodh Plean Gníomhaíochta Torainn do Cheirtleán Bhaile Átha Cliath 2024-2028 i mí Iúil agus foilsíodh é ar an suíomh idirlín. |
| **Gníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath** | Glacadh leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2024-2029) nua i mí an Mhárta 2024. Tosófar ag tuairisciú faoin bplean seo i mí Aibreáin 2025, bliain i ndiaidh dúinn glacadh leis an bplean.<br>Fuarthas 81 iarratas ar an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faomhadh 49 acu.<br><br>Misean AE, 100 Neodrach ó thaobh na hAeráide de agus Tionscnamh na gCathracha Cliste:<br>• Chuir an Chomhairle Cathrach ár gConradh Cathrach Aeráide isteach (29 Samhain 2024).<br>• 2 pháirtí leasmhara (shínigh BSL agus DCU conarthaí Chathair Bhaile Átha Cliath)<br>• Iarraidh dhá Leibhéal Seirbhíse (LS); OTBÁC nua, FSS<br><br>Síníodh Comhaontú Seirbhíse (CS) Pathfinder mar chuid den tionscadal chun tacú le laghdú ar astaíochtaí a bhaineann le hiompar.<br><br>In 2024, cuireadh tús le trí thionscadal, maoinithe ag AE, a thacóidh le Baile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030 a bhaint amach. Le hAcmhainneacht Tógála (€1,000,000), oibreoidh Baile Átha Cliath agus Corcaigh le chéile thar na chéad dá bhliain eile chun a n-acmhainneacht soláthair boscaí gainimh nuála, daingnithe córas nuálaíochta |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | agus athraithe iompair a mhéadú. Bainfidh an dá thionscadal MINORITY REPORT (€4,500,000) agus REGEN (€ 7,500,000) leas as macasamhlacha digiteacha chun daoine a mhealladh i dtreo forbartha agus cur chun feidhme tionscadal oiriúnaithe agus maolaithe.<br><br>Tugadh úsáid cur chuige dúshlánbhunaithe i gcomhair cur chun feidhme isteach agus mar gheall air, thosaigh CCBÁC ar a chéad dúshlán "Dublin Let's Move", atá dírithe ar ghluaiseacht páistí tríd an gcathair a fheabhsú le tacaíocht ó ECFE.<br><br>Seoladh Straitéis Bia - Edible Dublin isteach i mí Iúil 2024. |
| **Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide** | Tá obair ar siúl faoi láthair idir ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath chun gníomhú agus athrú iompair a chur ar fáil trí chlár ORGA. Le linn 2024, bhí cruinnithe míosúla ann le comhordaitheoirí ÚÁBÁCanna.<br><br>Reáchtáil Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 lá gairmithe san aeráid le mic léinn idirbhliana agus tríú leibhéal. Mar gheall air seo bhí deis againn miondúshláin a thabhairt do dhaoine óga le hobair orthu in éineacht le foirne gníomhaithe ar son na hAeráide údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath. Comhordaitheoir nua ceaptha chun Comhpháirtíocht le EOECNA ECO a chur ar bun, a cuireadh ar bun chun tacú le Gradaim na nGníomhaithe Timpeallachta Óga. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Plean Forbartha - Pleanáil Chun Cinn** | Foilsíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Dhá Bhliain in 2024 do Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2028, a raibh an Tuarascáil Faireacháin Croístraitéise Bhliantúil, 2023, agus an Tuarascáil Faireacháin Measúnaithe Comhshaoil Straitéiseach 2022 – 2024 mar chuid de.<br><br>Glacadh le leagan 5 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2028, chun nuashonrú teicniúil a dhéanamh i dtaca le 'Tóg-le-Ligean' (TLL).<br>Tiomsaíodh tuairisceáin ráithiúla Phíblíne Soláthair Tithíochta Bhaile Átha Cliath agus cuireadh isteach in RTRÁO iad. |
| **Pleananna Ceantair Áitiúil / Criosanna Forbartha Straitéiseacha / Pleananna Eile** | **Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) do Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (LCTT)**<br>Tá obair Thionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh curtha in ionad an tionscadail seo, a bhfuil Plean Straitéiseach LCTT, 2024–2027, agus obair Thascfhórsa Bhaile Átha Cliath faoi Roinn an Taoisigh mar bhonn eolais dó.<br><br>**Máistirphlean Bhaile Bogáin**<br>Le linn 2024, mar thoradh ar theagmháil shuntasach pobail a rinneadh le linn 2023, agus ar an taighde ullmhúcháin agus céimeanna dréachtaithe Dréacht-Mháistirphlean neamhreachtúil Bhaile Bogáin, cuireadh an Máistirphlean i gcrích. Cuirfear tús le comhairliúcháin phobail ar an Dréacht-Mhaistirphlean le linn mhí Aibreáin 2025. Beidh an Dréacht-Mháistirphlean faoi réir Athrú reachtúil Plean Forbartha chun a chur i bhfeidhm a chumasú.<br><br>**Máistirphlean Imeall na Cathrach**<br>Leanadh le hobair ar Mháistirphlean neamhreachtúil a ullmhú i gcóir Cheantar Forbartha Tosaíochta na Coille Móire, dírithe ar thailte atá le tabhairt don Údarás Forbartha Talún ag suíomh OOP Oibreacha Iarnróid Inse Chór ar Bhóthar Bhaile Shéamais agus tailte ag fostáisiún BSL in Inse Chór. I measc na staidéar a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin máistirphlean tá: Anailís Riosca Seveso, Staidéar Athlonnaithe Seveso, Máistirphlean Fuinnimh, Staidéar Féidearthachta ar Bhonneagar Líne Lastuas a chur faoi Thalamh agus Samhaltú Iompair. Cuirfidh an Máistirphlean i gcrích in R2, 2025 agus beidh sé mar chuid den chéad Phlean Forbartha Bhaile Átha Cliath eile.<br><br>**Dugthailte**<br>Sa Chrios Forbartha Straitéiseach (CFS) na Lotaí Thuaidh agus Duga na Canálach Móire, le ceadanna a deonaíodh i mBloc 9 foráiltear do sholáthar 550 aonad cónaithe agus 67,900 méadar cearnach de spás oifige.<br><br>I gcás CFS an Phoill Bhig, deonaíodh cead do 542 aonad cónaithe breise, foirgneamh an Mhoil Pobail agus scéim shuntasach oifige (46,000 méadar cearnach) agus úsáide measctha. Leasaíodh an Scéim Pleanála chun foráil do thagairtí don Seachbhóthar Oirthearach a bhaint, i gcomhréir le beartas Rialtais.<br><br>Chuir Port Bhaile Átha Cliath an t-iarratas tionscadail 3FM faoi bhráid an Bhoird Phleanála chun Tailte Iarmharach an Phoirt a fhorbairt, lena n-áirítear Bóthar Áise Theas an Phoirt (SPAR) i ndiaidh teagmháil shuntasach agus idirchaidreamh le foirne trasrannóige. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | **Baile Munna**<br>Leanadh le hobair ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Munna a chur i gcrích. Cuireadh aonaid tithíochta inacmhainne nua i gcrích ar shuíomh 21 (12 aonad) agus tosaíodh tógáil ar choimpléasc nua do sheanóirí (36 aonad) ar Shuíomh 25. Cuireadh próiseas tairisceana chun 93 aonad sóisialta nua ar shuíomh 10 le linn 2024, agus deonaíodh cead pleanála le haghaidh 34 aonad inacmhainne ar shuíomh 25 (34 aonad) agus 138 aonad ar Shuíomh 14. Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar shuímh 5, 15-18 (suíomh comhcheangailte) agus suíomh 12 á thabhairt go céim na pleanála, agus ag an am céanna cuireadh tús le dearaí luathchéime ar shuímh 11 agus 13 (comhcheangailte) agus suímh 6, 8 & 9 (comhcheangailte). Faomhadh dhá scéim nua Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) chun dearadh a thosú agus chuir GFT tús le staidéar féidearthachta/ dearaidh ar chuid de Shuíomh 1 (suíomh ionad siopadóireachta). Rinneadh obair ar an láithreán do spás oscailte uasghrádaithe ag Cearnóg an tSeachtar Laoch.<br><br>**An Pháirc Thiar /Gort na Silíní**<br>Cuireadh síneadh le Plean Ceantair Áitiúil na Páirce Thiar /Ghort na Silíní i mí Dheireadh Fómhair 2024, go dtí mí na Samhna 2029. Dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála do Chéim 1 de na tograí GFT le haghaidh 708 áras cónaithe nua sóisialta agus cíos costais, (PCÁ suíomh 4) cuireadh na dearaí le haghaidh chéim 2 GFT (suíomh 4) agus Shuíomh 2 CCBÁC (scéim CPP) ar aghaidh, agus táthar le cur isteach ar phleanáil le haghaidh an dá cheann dheireanacha in 2025.<br><br>**Werburgh**<br>Tosaíodh le hobair ar mháistirphlean do thailte Werburgh, a bhfuil roinnt de Bhalla na Cathrach agus iarsmaí suntasacha seandálaíochta mar chuid díobh. Tá an plean seo á ullmhú i gcomhar le OOP; le béim láidir ar rochtain ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath a fheabhsú. Rinneadh oibreacha ullmhúcháin agus cobhsaíochta le linn 2024 agus leanfar leis an iniúchadh seandálaíochta in 2025 chun bonn eolais a chur faoin máistirphlean.<br><br>**Gráinseach Ghormáin**<br>Lean CCBÁC air ag dul i mbun teagmhála agus ag obair le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus páirtithe leasmhara gaolmhara chun CFS Ghráinseach Ghormáin a chur ar fáil. In 2024, cuireadh dlús le tógáil an Mhoil Acadúil nua agus mar gheall air athchóiríodh struchtúr suntasach faoi chosaint ar na tailte agus deonaíodh cead d'oifigí ag an gCloch Leathan. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Bainistíocht Forbartha** | I gcaitheamh 2024<br>• Fuarthas 3,345 iarratas pleanála<br>• Fuarthas 281 aighneacht Alt 5<br>• Reáchtáil Foirne Bainistíochta Forbartha 120 comhairliúchán Réamhiarratais, 18 gcomhairliúchán réamh-LAW do limistéar riaracháin na Comhairle Cathrach<br>• San iomlán, eisíodh 2,320 cinneadh pleanála in 2024 (Deonaithe 2012) (Roinnte 72).<br>• Eisíodh 2,084 cinneadh deonaithe in 89% cásanna agus b'ionann na 236 diúltú agus 10% de na cinntí<br><br>Iarratais Forbairtí Mórscála Cónaithe (FMC): 21 - Céim 1, 20 - Céim 2, 20 - Céim 3<br>Seoladh an Tairseach Phleanála r-Phleanála i mí Mheán Fómhair 2024<br><br>Clúdach Leathanbhanda agus líonraí móibíleacha:<br>• Líon na mBailte a bhfuil soláthraithe bonneagair snáithín ag freastal orthu: 427,806<br>• Líon na gceadúnas Alt 254 eisithe le haghaidh Aeróga Aonpholacha: 53<br><br>Líon na gComhaontuithe Tráchtála / Dlí a eisíodh le haghaidh:<br>• Suiteálacha Dín Móibíleacha: 2<br>• Aeróg Aonpholach: 0 |
| **Forfheidhmiú** | Forfheidhmiú ginearálta 2024:<br>• Osclaíodh 1,687 comhad<br>• 11% athrú ar líon na ngearán a fuarthas sa bhliain trí chéile<br>• Eisíodh 1,769 litir rabhaidh<br>• Eisíodh 173 fógra forfheidhmithe<br>• Tionscnaíodh 41 imeacht dlí<br>• Réitíodh 980 cás |
| **Suímh Thionscail agus Saoráidí Tráchtála** | Tá Eastát na Cathrach faoi bhainistíocht na Rannóige Bainistíochta Réadmhaoine. Gineadh ioncam de €10.8 milliún le comhaontuithe ceadúnais agus léasa.<br><br>Tá breis is 47 suíomh tionscail ann agus gintear ioncam de €365 míle leis na léasanna seo. |
| **Rialú Foirgníochta** | Cigireachtaí ar Fhoirgnimh Nua:<br>• Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar % de líon na bhfoirgneamh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu (Sprioc: 70%): 58%.<br>• Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích: 1,556<br>• Líon na bhfógraí forfheidhmithe/ forfheidhmithe foirmiúla eile a seirbheáladh: 3<br>• % na nIarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a cinneadh faoi cheann tréimhse ama reachtúil: 100%<br>• Líon na gcigireachtaí ar shuímh le haghaidh chomhlíontacht Chuid L: 776<br><br>Le haghaidh cigireachta, tugann Rialú Foirgníochta tús áite d'fhorbraíochtaí nuathógtha, ilaonaid, cónaithe. Feicimid buntáistí an bheartais seo mar tugann sé deis dúinn idirghabháil luath agus éifeacht a dhéanamh nuair a fheictear lochtanna ar láithreán. Tá beirt chéimí Ghníomhaithe ar son na hAeráide mar chuid de Rialú Foirgníochta anseo le tacaíocht ó GBRÁ agus cheana féin aithníodh léargais chorraitheacha agus an cumas obair Rialaithe Foirgníochta a úsáid chun tacú le laghduithe suntasacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Bainistíocht Réadmhaoine agus Diúscairtí Réadmhaoine** | • 32 léas athnuaite<br>• 57 ceadúnas athnuaite<br>• 38 Diúscairt Feo Shimplí<br>• 35 Athbhreithniú Cíosa<br><br>Bainistíonn an Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine foirgnimh agus tailte a fhaightear agus slánaíonn sí iad, faoi réir Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ), Dílsiú agus fála trí chomhaontú. Cuimsíonn Eastát na Cathrach 2,600 léas agus ceadúnas. Bainistíonn an Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine 2,394 cuntas gníomhach. |
| **An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU)** | **CAFU Gairm 1**<br>Faoi CAFU Gairm 1, faomhadh maoiniú le haghaidh sé thionscadal, tá dhá cheann acu—tionscadal forbartha agus athchóirithe Scoil Shráid Rutland agus Tionscadal Athshlánaithe Abhainn Sheantraibh —fós ar siúl faoin tsraith mhaoinithe seo.<br>Tionscadal Forbartha agus Athchóirithe Scoil Shráid Rutland<br>Bunaíodh Creat-Chomhaontú Ilphháirtithe do Chonraitheoirí Oibreacha sa bhreis ar €5m i dtaca le tionscadail neamhchónaithe le tairiscint tosaigh do thionscadal Scoil Shráid Rutland. Cuireadh an próiseas measúnaithe i gcrích, agus eisíodh doiciméid tairisceana i mí na Nollag, 2022. Rinneadh sraith d'oibreacha láithreáin agus cothabhála sular eisíodh an tairiscint tógála iomlán. Tá an conraitheoir ar láithreán ó R3 2023, agus tá sé beartaithe an tionscadal a chur i gcrích in 2026.<br>Athshlánú Abhainn Sheantraibh<br>Tionscadal trasghníomhaireachta ildisciplíneach is ea Tionscadal Athshlánaithe agus Ghlasbhealach Abhainn Sheantraibh, chun Máistirphlean a chruthú agus é mar aidhm aige an plean is éifeachtaí a leagan amach chun riocht níos nádúrtha a chur ar ais ar an abhainn. Tá an conradh á chur chun cinn agus tá 'Staidéar Féidearthachta' Chéim 1 le cur i gcrích in 2025.<br><br>**CAFU Gairm 2**<br>Mar chuid de Ghairm 2 de CAFU, dámhadh cistí do CCBÁC chun cabhrú le roinnt ceantar i Lár na Cathrach Thuaidh agus i Lár na Cathrach Theas a athghiniúint. Tá sé mar aidhm aige athghiniúint uirbeach cheantarbhunaithe chomhordaithe a chur ar fáil chun fás eacnamaíochta agus dlúthfhás uirbeach a bhaint amach, nascacht agus soghluaisteacht a fheabhsú, conláistí sóisialta agus cultúrtha a thógáil agus athléimneacht agus inbhuanaitheacht ó thaobh na haeráide de a chinntiú.<br>Cuireadh Réamhchásanna Gnó do Limistéir Choincheapa Lár na Cathrach Thuaidh agus Lár na Cathrach Theas faoi bhráid RTRÁO. Is ionann maoiniú do na tionscadail bheartaithe faoin nGairm sin agus €170m thar 26 tionscadal indibhidiúil, agus cuirfidh gach ceann acu cás gnó deiridh isteach sula gcuirtear an tógáil amach ar Thairiscint agus Geata Faofa 3.<br>Ina theannta seo, d'fhaomh RTRÁO iarratas ar thacaíocht maoinithe do chostais foirne i dtaca le Gairm 1 agus 2 in 2024 le haghaidh €10.4m |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
| --- | --- |
| | **CAFU Gairm 3**<br>Ciste tiomnaithe imrothlach is ea Gairm 3 agus é mar aidhm aige dul i ngleic leis an mbac airgeadais agus riosca atá roimh údaráis áitiúla atá ag iarraidh dul i ngleic le foirgnimh agus láithreáin atá folamh nó tréigthe le fada. D'aithin CCBÁC 16 réadmhaoin féideartha le haghaidh Ghairm 3. In 2024, glacadh bearta i dtaca le 75% de na réadmhaoine agus tá timpeall 40% de na réadmhaoine le baint ó Chlár na Láithreán Tréigthe mar gheall ar theagmháil a rinneadh le húinéirí na réadmhaoine. |
| **Caomhnú, Oidhreacht agus Seandálaíocht** | Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA)<br>Líon a tosaíodh: 1<br>Líon a cuireadh i gcrích: 0<br><br>Líon na n-iarratas a fuarthas faoi na scéimeanna deontais seo a leanas:<br>Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha<br>• Iarratais a Fuarthas: 114<br>• Tairiscintí Deontais a Eisíodh: 68 (cuireadh 59 díobh i gcrích)<br>• Iarratais a Fuarthas: 157<br><br>Ciste na nDéanmhas Stairiúil<br>• Iarratais a Fuarthas:41<br>• Tairiscintí Deontais a Eisíodh: 3<br>• Iarratais a Fuarthas: dáta deiridh d'iarratais nua 17 Eanáir 2025<br><br>Ciste na nDéanmhas Pobail<br>• Iarratais a Fuarthas:8<br>• Tairiscintí Deontais a Eisíodh: 4<br>• Tairiscintí deontais a seachadadh, a measúnaíodh agus aisghabhadh 100% den airgead €259,993<br>• Dáta deiridh d'iarratais Chiste na Séadchomharthaí Pobail (CSP) chuig DCC ná an 31 Eanáir i gcomhair measúnú agus 14 Feabhra 2025 lena gcur faoi bhráid RTRÁO<br><br>**Oidhreacht**<br>Foilsíodh Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029<br>Dámhachtain Chomhlachas Tráchtála Éireann le haghaidh 14 Sráid Henrietta faoin gCatagóir Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha<br>Cuntas Youtube Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath curtha i mbun chun léachtaí poiblí arna eagrú ag an Oifig Oidhreachta a chraobhscaoileadh<br>Sraith Léachtaí an tSeomra Darach: sraith de 9 léacht poiblí le hateangaireacht TCÉ ar raon topaicí<br>Clár Seandálaíochta Pobail Pháirc San Anna: An ceathrú bliain den chlár a bhfuil sé mar aidhm aige pobail áitiúla a cheangal le seandálaíocht, oidhreacht agus stair shóisialta, agus tírdhreach deartha Pháirc San Anna ón 19ú haois. Tochailt 25-lá le 245 lá deonach, 10 mac léinn Idirbhliana, agus b'ionann líon na gcuairteoirí agus 11,610<br>John Henry Foley in Éirinn, sa Bhreatain agus níos faide i gCéin: Siompóisiam lae idirnáisiúnta mar chomóradh ar bhás Foley 150 bliain ó shin<br>Foilseacháin na hOifige Oidhreachta: Cill Easra, ó Mhainéar Meánaoiseach go |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | Bruachbhaile Gairdín (Údair: Joseph Brady, Ruth McManus) agus Oidhreacht Thionsclaíocht Bhaile Átha Cliath: Ó Dhumhach Thrá go dtí an Carnán (údar: Rob Goodbody).<br>Do Theach Seanré a Chaomhnú i mBaile Átha Cliath, sraith 13 léachtaí am lóin dírithe ar úinéirí príobháideacha struchtúr faoi chosaint i gcathair Bhaile Átha Cliath<br><br>**Caomhantas;**<br>Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus Ciste na nDéanmhas Stairiúil a chur chun cinn a chomhordú, a mheasúnú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, tionscadail na Comhairle a chur i bhfeidhm agus aisghabháil gach tionscadail deontais SIOT agus CDS a dámhadh in 2024 |
| **Bainistíocht Talún Ghníomhach** | Láithreáin Thréigthe in 2024<br>• Líon na gcigireachtaí ar láithreáin thréigthe a cuireadh i gcrích: 635<br>• Líon na bhFógraí um láithreáin thréigthe a seirbheáladh: 117<br>• Líon na réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe: 38<br>• Ba é 128 líon na láithreán a bhí ar Chlár na Láithreán Tréigthe amhail 31/12/2024<br>• 279 Alt 10 (Litreacha rabhaidh)<br><br>Fuarthas agus faomhadh 11 iarratas faoi Thionscnamh na Cathrach Beo in 2024<br><br>Bhí 38 réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe in 2024.<br><br>Láithreáin Tréigthe<br>Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 128 láithreán san áireamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe agus rinneadh 635 cigireacht. Fuarthas ocht láithreán go héigeantach in 2024.<br>Dhearbhaigh ABP an OCÉ do 11-14 Sráid an Mhalartáin Íochtarach ceantar 11 Sráid Essex Thiar ar an 12 Meán Fómhair 2024.<br><br>An Cháin Talún Criosaithe Cónaithe<br>Foilsíodh mapa deiridh na Cánach Talún Criosaithe Cónaithe (CTCC) do 2024 agus an Dréachtmhapa Bliantúil do 2025<br>• Eisíodh 49 Cinneadh mar fhreagra ar aighneachtaí CTCC mar seo a leanas:<br>• 30 Cinneadh chun tailte a chur san áireamh ar an Mapa Deiridh<br>• 13 Cinneadh chun tailte a fhágáil as an áireamh ar an Mapa Deiridh<br>• 6 Cinneadh Roinnte (Tailte a chur san áireamh agus tailte a fhágáil as an áireamh ar an Mapa Deiridh)<br><br>Bhí 25 achomharc go dtí an Bord Pleanála (ABP) mar agóid in aghaidh Chinntí na Comhairle. Dhearbhaigh an Bord 22 de Chinntí na Comhairle, agus chinn siad i bhfabhar na beirte achomharcóirí agus d’eisigh siad cinneadh roinnte amháin.<br>Léiríonn an mapa deiridh a foilsíodh i mí na Nollaig 2024 na tailte atá faoi réir na cánach.<br><br>Tionscnamh na Cathrach Beo<br>Leanann CCBÁC air ag tacú le TCB agus taifeadadh 235 iarratas TCB ó cuireadh tús leis an scéim agus tá oibreacha athchóirithe curtha i gcrích ag 136 iarratasóir go dtí seo. |

# An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Oifig Náisiúnta Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh (ONRFFM)** | Cuireann ONRFFM maoirseacht, tacaíocht agus treoir ar fáil d'fhorbairt, caighdeánú agus cur chun feidhme Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh mar sheirbhís chomhroinnte éifeachtach sna 31 Údarás Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh. Déantar comhoibriú trí Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta, le tacaíocht ó Choiste Comhairleach, grúpaí oibre saineolaithe agus trí Choiste Rialaithe Foirgníochta (Réigiún an Iarthair agus Lár Tíre, Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, Réigiún an Deiscirt).<br><br>Éascaíonn an Córas Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta (CBRF) Fógraí Tosaithe, Iarratais (Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán, Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas) Deimhnithe Comhlíontachta agus an Clár Rialaithe Foirgníochta a aighniú ar líne.<br>In 2024;<br>• próiseáladh 17,411 Fógra Tosaithe<br>• 9,261 Iarratas<br>• 5,896 Deimhniú<br>trí (CBRF) agus réitíodh 6,110 ceist custaiméara.<br>Bronnadh Teastas Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta ar 21 mac léinn ó ONRF/IT Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (OTOD), agus thosaigh 19 mac léinn ar chúrsa 2024/25.<br>Thosaigh an Cúrsa Máistreachta i gComhlíontacht Rialála Foirgníochta (OTOD Phort Láirge, ONRFFM), le hochtar iontrálaithe don bhliain acadúil 2024/25.<br>Chuir ONRFFM an "Straitéis Náisiúnta Faireacháin Margaidh ar Tháirgí Tógála, 2024" i ngníomh. Dhírigh an straitéis ar tháirgí tógála greannmhealta, Cruaiche agus Alúmanaim Struchtúrtha, bloc saoirseachta, fardoras agus ballacheangal a cuireadh ar an margadh.<br>Gníomhaíochtaí Faireacháin Margaidh<br>• 61 cigireacht réamhghníomhach<br>• 15 cigireacht fhrithghníomhach<br>• 114 tástáil déanta i saotharlanna arna gcreidiúint ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC)<br>D'fhreastail gairmithe ón tionscal ar na FGLanna (2,500+) in 2024, agus fuair ár gcuntas YouTube ar a bhfuil taifeadtaí de na FGLanna, breis is 20 míle amharc in 2024:<br>• Rialú Foirgníochta agus Modhanna Tógála Nua-Aimseartha<br>• Rialacháin Foirgníochta Chuid C - Ullmhúchán agus friotaíocht i gcoinne Taise<br>• Rialacháin Foirgníochta Chuid B - Sábháilteacht ó Dhóiteáin<br>• Riarachán Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh |

# Rannóg na Seirbhísí Áineasa, Fóillíochta agus Eacnamaíocha

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Oibríochtaí Saoráidí Caithimh Aimsire** | Líon na gcuairteoirí ar shaoráidí fóillíochta in 2024: 2,174,195<br><br>Fuair an-chuid de na hionaid trealamh aclaíochta nua. Éascaíodh cláir i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| **Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne** | • Líon na gcuairteanna leabharlainne in aghaidh an duine: 2,291,813<br>• Líon na míreanna a eisíodh d'iasachtaithe leabharlainne: 2,446,557<br>• Líon bhaill chláraithe na leabharlainne: 377,953<br>• Líon na n-imeachtaí / na dtionscnamh a sceidealaíodh: 696<br>• Líon na rannpháirtithe: 14,660<br>• Líon na n-amas ar na meáin shóisialta: 1,468,674<br>• Leathnú Mo Leabharlann Oscailte go dtí Baile Bhailcín agus Droim Conrach faoi R1, 2025<br>• 39% (347) méadú ar líon na seachadtaí baile<br>• Tosaíodh an t-athbhreithniú a chur i gcrích ina gcainníochtaítear méid agus bail stoc iomlán Cartlainne agus Bailiúcháin Speisialta na Cathrach in R1 agus tá sé fós ar siúl<br>• An t-athbhreithniú ar fhoirgneamh agus ar chórais Chartlann na Cathrach chun a chinntiú go bhfuil gach ábhar cosanta curtha i gcrích<br><br>Rinneadh aighneacht phleanála Chuid 8 do Leabharlann nua Dhroimeanaigh ar Bhóthar Chromghlinne<br>Chláraigh 5,851 páistí do Summer Stars, líon nár taifeadadh riamh agus méadú 35% ar 2023<br>Triaileadh an Scéalaí Cónaithe go rathúil, rinneadh teagmháil le breis is 2,322 páiste<br>Ghin Feachtas Cóid QR Story Starts, a bhfuil gradaim buaite aige, 621,000 taispeáint<br>Suiteáladh Seomraí Céadfacha sa Lárleabharlann agus i Leabharlann Bhaile Formaid<br>Ba é rogha One Dublin One Book do 2024 ná Snowflake le Louise Nealon<br>Fógraíodh an 29ú Gradam Liteartha Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine, 2024; ba é an buaiteoir ná an scríbhneoir Rómánach, Mircea Cartarescu agus an t-aistritheoir, Sean Cotter |
| **Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh – Páirceanna, Bithéagsúlacht agus Seirbhísí Tírdhreacha** | Bronnadh 11 Bhratach Ghlasa in 2025<br><br>Líon agus cineál imeachtaí i bPáirceanna<br>• Na hEalaíona: 23<br>• Carthanas: 40<br>• Imeacht Tráchtála: 27<br>• Imeacht Teaghlaigh / Pobail: 145<br>• Scannánaíocht: 55<br>• Fótasheisiún: 29<br>• Spórt: 100<br>• Eile (Ióga, Scoil, Ceol): 81<br>• Líon iomlán imeachtaí 2024: 500<br><br>Líon iomlán iarratas cothabhála trídhreacha in 2024 (trí ardán an Mhoil Saoránach)<br>• fuarthas 509<br>• Réitíodh 86.54% nó pleanáladh an réiteach le linn an fhráma ama (10 lá oibre) |

# Rannóg na Seirbhísí Áineasa, Fóillíochta agus Eacnamaíocha ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | Líon iomlán iarratas cúraim crann in 2024 (trí ardán an Mhoil Saoránaigh)<br>• fuarthas 1,971<br>• Freagraíodh 59% ar an meán le linn an fhráma ama (10 lá oibre)<br>• Oscailt oifigiúil na Saoráide nua Uile-aimsire i bPáirc Chill Dónáin, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11, oscailt saoráide Seomra Tae i bPáirc Bhaile Phámar agus athchóiriú an Iosta i bPáirc Éamoinn Ceannt.<br>• Roinn straitéisí glasaithe in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach - Na Saoirsí: Síntí Starracha do chrainn sráide nua ag Ascaill Bhailtín Araild/Bóthar San Antaine/Sráid Rueben/Halla na gCarraeirí in R3/R4 2024.<br>• Na Crainn Triomaithe: Bóthar Uí Mhongáin, Acomhal Ascaill Greenville, Acomhal Bhóthar Petrie agus Ghilbeirt, Acomhal Bhóthar Merton agus Dhún Uabhair, poill crann Bhóthar Uí Mhongáin. Soithí Plandaí Shráid Chéipil Chéim 2, plandú agus suíocháin in R4, 2024<br><br>An Straitéis Crann<br>• Dul chun cinn ar Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath: Tá clár córasach ilbhliantúil cigireachta agus cothabhála á chur i bhfeidhm le tús áite tugtha do na crainn is mó ar na sráideanna is gnóthaí.<br>• Rinne ár gcranneolaí agus cigirí crann cigireacht agus taifeadadh ar 8,302 crann sráide agus páirce, lena n áirítear fardal iomlán crann de Pháirc Hoirbeaird, Páirc Fhionnradhairc, Cearnóg Dartmouth agus Páirc Choláiste Ailbhe agus rinne siad 1150 laghduithe ceannbhrait, 600 ardú ceannbhrait agus baineadh 350 crann ar mhaithe le sábháilteacht phobail.<br><br>Bithéagsúlacht<br>• Glasú na Cathrach: Tá clocha pábhála á baint agus plandú crann ar siúl i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh agus sna Crainn Triomaithe |
| **Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa** | Forbraíodh céad Phlean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024-2028 agus ghlac an Chomhairle Cathrach leis ar an 8 Aibreán 2024<br>• Líon iomlán na gclár agus na dtionscnamh agus na gclár forbartha spóirt a cuireadh ar fáil in 2024: 3,253<br>• Líon iomlán na rannpháirtithe sna cláir agus sna tionscnaimh in 2024: 131,277<br>• Dul chun cinn Thionscadal Chathair Ghníomhach Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Port Láirge agus Corcaigh in 2024<br>• Chuireamar in iúl don chomhlacht deimhniúcháin - Folláine Ghníomhach atá lonnaithe san Eilvéis - go bhfuil sé i gceist againn cur isteach ar stádas Cathrach Gníomhaí Idirnáisiúnta<br>• Chuireamar oiliúint Rothaíochta agus oiliúint Cycle Right ar fáil do bhaill dheonacha Club Rothaíochta Veileadróm Ghrianréime a reáchtáil cláir oiliúna rothaíochta ina dhiaidh sin sa scoil nua rothaíochta i bPáirc Éamoinn Ceannt<br>• Reáchtálamar dhá chlár ExWell sheachtainiúla don chohórt scothaosta a bhfuil tinneas ainsealach orthu, ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, in Ionad Spóirt Pobail Chrann Papáin |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| | Seoladh Aip Conairí Fionnachtana i mí an Mheithimh, 2024. Le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa bhí gach duine den phobal in ann páirt a ghlacadh ann. Ghlac 1,500 duine páirt sa chlár. |
| **Dánlann Hugh Lane** | Is ionann % athruithe ar líon cuairteoirí ó 2023 (223K) vs 2024 (198K) agus laghdú 11% 2023 go 2024 (taispeántas Warhol 2023)<br><br>Andy Warhol Three Times Out, 8 Deireadh Fómhair – 28 Eanáir 2024: Thug líon cuairteoirí nár taifeadadh riamh cuairt ar an taispeántas seo a fuair ardmholadh ó chriticeoirí idirnáisiúnta |
| **Halla na Cathrach** | Tá Halla na Cathrach Bhaile Átha Cliath fós ar an ionad bainise is gnóthaí i gCúige Laighean. Reáchtáladh 237 searmanas pósta in 2024 le lánúineacha agus a dteaghlaigh agus a n-aíonna ag taisteal ón Astráil, SAM, an Eoraip agus RA<br><br>Phleanáil agus bhainistigh Halla na Cathrach clár iomlán imeachtaí do Sheachtain Oidhreachta 2024 le 12 imeacht thar an tseachtain. Pleanáladh agus bainistíodh Oíche Chultúir a raibh 3,000 cuairteoirí aici ar an oíche agus siamsaíocht éagsúil pleanáilte don oíche. |
| **An Oifig Ealaíon** | D'fhorbairt Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Plean nua Forbartha Ealaíon don tréimhse 2024 2028.<br><br>Stiúideonna Ealaíontóirí<br>• Cuireadh deich stiúideo ealaíontóra nua i gcrích i bPlás Ard Aidhin agus bhí 12 ealaíontóirí in situ in R3, 2024<br>• Ceapadh foireann dearaidh agus tosaíodh Réamh-Phleanáil in R4, 2024 chun 20 spás ealaíontóirí nua a thógáil ar Ché na gCeannaithe<br>• 467 iarratas ar Dheontais Ealaíon Faomhadh 165<br>• Líon na n-imeachtaí a Sceidealaíodh: 755; 158,200 rannpháirtí<br>• Líon na nEalaíontóirí cónaithe: 5 |
| **Imeachtaí agus Scannánaíocht** | D'éascaigh an fhoireann imeachtaí 62 imeacht in 2024. |

# Rannóg na Seirbhísí Áineasa, Fóillíochta agus Eacnamaíocha ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Cuideachta Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | • I gceannas ar 649 ceardlann chruthaitheach in éineacht le 303 ealaíontóir agus déantóir<br>• Tionscadail chultúrtha le 11,769 duine<br>• Coimisiúnaíodh 119 gcainteoir nó rannpháirtí dár n-imeachtaí ar an láthair<br>• Reáchtáladh 557 imeacht cultúrtha ar an láthair, ina raibh 29,490 duine sa lucht féachana<br>• D'fhreastail 38,209 duine ar thurais threoraithe ar 14 Sráid Henrietta<br>• D'fhreastail 1,538 duine ar thurais threoraithe allamuigh<br>• Bhí 247 duine rannpháirteach inár ngrúpaí oibre comhairleacha<br>• I gcomhar le LCBÁC, chuireamar Féile Staire Bhaile Átha Cliath ar fáil ón 26 Meán Fómhair go dtí an 12 Deireadh Fómhair, ina raibh 312 imeacht i leabharlanna agus ionaid chomhpháirtithe, agus lucht féachana de 14,850 duine<br>• I gceannas ar intreoracha cultúir ar fud 208 imeacht le haghaidh lucht féachana nua 3,437 duine<br>• Chuireamar tionscadail ar siúl le 270 comhpháirtíocht le heagraíochtaí cultúrtha, pobail agus eile<br>• Eagraíodh 4 Aonach ag Beairic Richmond, inar cuireadh béim ar obair 164 díoltóir agus duine cruthaitheach áitiúil, ar fhreastail 12,915 duine orthu<br>• Rochtain chomhiomlán ar líne de 1.8 milliún duine don bhliain, agus 410,429 cuairteoir suímh idirlíon agus 53,000 leantóir ar na meáin shóisialta ar ár n-ardán ar fad<br>• Taifeadadh 91 gné nó mír chlúdaigh dár gcláir nó foirgnimh sa phreas idir na meáin chlóite, raidió, agus dhigiteacha, lena n-áirítear na meáin chlóite áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| **Béilí Scoile** | Riarann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Scéim na mBéilí Scoile Uirbeacha, An Scéim Chócaráilte (Anraith Fuar) agus Scéim na mBéilí Teo. Faoi láthair, tá 180 bunscoil sna trí Scéim a d'fhreastail ar bhreis is 27,000 dalta gach lá le linn 2024. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Branda Dublin Place agus dublin.ie** | Dul chun cinn straitéis físe Bhranda Dublin Place in 2024.<br>• Comhaontú idir na ÚÁnna maidir le comhfheachtas fógraíochta don réigiún. Is é cuspóir an fheachtais ná béim a chur ar rath a réigiún maidir le IDC a mhealladh. Caidreamh á chothú le cuideachtaí agus scannánaíochta tosaithe. Tosófar an chéad fheachtas ar mheáin i spásanna poiblí, meáin chlóite agus meáin dhigiteacha in R1, 2025<br>Méadú ar Rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta le Branda Áite Bhaile Átha Cliath in 2024:<br>• Méadú ar líon na leantóirí in 2024- 11.7%<br>• 42.7k leantóir in R1 go 47.7k leantóir in R4 |
| **Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíochta** | Foilsíodh gach tuarascáil de chuid Mhonatóir Geilleagrach Bhaile Átha Cliath in 2024<br><br>Dámhadh 273 (€1,926,242.98) deontas OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath<br><br>Líon na rannpháirtithe atá páirteach in imeachtaí oiliúna, meantóireachta agus líonraithe OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath: 7,073<br><br>Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón OFÁ do gach 100,000 duine: 103 |
| **Caidreamh Idirnáisiúnta** | Líon na dtoscaireachtaí a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath in 2024: 14 |
| **Oifig Tacaíochta Cláir an Aontais Eorpaigh** | Líon na deiseanna maoinithe AE a bhfuarthas rochtain orthu trí thionscadail thrasnáisiúnta: 86 |

# An Rannóg Airgeadais agus CF

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Riar Rátaí** | Bhainistigh agus phróiseáil Oifig na Rátaí 16,775 deontas MCG (Méadú ar Chostais Ghnó) agus Cumhachtaithe in 2024 a raibh luach iomlán de €50m acu<br>D'éirigh leis an gComhairle Cathrach 94% de rátaí a bhailiú, agus laghdaigh an dochar faoi €1.1m ó €28.5m ag deireadh bliana 2023 go €27.4m deireadh bliana 2024. |
| **Mótarcháin** | • % na n-idirbheart curtha i gcrích trí Mhótarcháin ar líne in 2024: 93.2%<br>• Iarratais phoist a fuarthas i Mótarcháin ar Líne: 104,539<br>• Glaonna ar Mhótarcháin ar Líne: 76,981<br>• Ionadaíocht Phoiblí/Coinní: thart ar 16,400<br>• Ioncam ginte i Mótarcháin ar Líne = €21.5m |
| **An Rannóg CF** | Chuir an Roinn CF a cuid seirbhísí i gcrích de réir na CSanna a aontaíodh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht idirnáisiúnta ITIL. Cuireadh tionscadail i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as modheolaíocht tionscadail PMBOK. Bíonn breis is fiche tionscadal ar siúl ag aon am ar leith. Tá plean slándála nua chun tacú le cur chun feidhme dara treoir NIS in CCBÁC á ullmhú. Tá timpeallacht TCF níos solúbtha á leathnú amach ar fud CCBÁC. |

# An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Claochlú agus Acmhainní Daonna

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Seirbhísí do Chustaiméirí** | • Líon iomlán na n-iarratas ó chustaiméirí ar dhéileáil Seirbhísí do Chustaiméirí leo: 408,084<br>• Céatadán iomlán de ghlaonna a fuarthas a freagraíodh: 99.13%<br>• % na nglaonna ar dhéileáil Seirbhísí do Chustaiméirí leo ag an gcéad phointe teagmhála: 61.29%<br>• Próiseáladh 100% de ghearáin custaiméirí laistigh den fhráma ama riachtanach.<br>• Scór is airde riamh de 93%, i measúnú cáilíochta bliantúil Q Mark<br>• Cuireadh an Dearbhú Coincheapa d'úsáid IS i Seirbhísí do Chustaiméirí chun treochtaí gnó a aithint agus sonraí deifnídeacha a chur ar fáil maidir lenár gcroífheidhmeanna gnó<br>• Tugadh isteach Foireann Ghlas do Sheirbhísí do Chustaiméirí<br>• Aip aistriúcháin do chustaiméirí<br>• Cuntas nua "X" tiomnaithe do sheirbhísí do chustaiméirí |
| **Aonad Rialachais, Straitéise agus Athraithe** | Forbraíodh céad Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2025-2029 agus ghlac an Chomhairle Cathrach leis ar an 2 Nollaig 2024 |
| **Aonad Cumarsáide** | • Comhaontaíodh Straitéis Chumarsáide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2025 - 2029<br>• Tosaíodh obair ar athnuachan branda don eagraíocht<br>• Forbraíodh treoirlínte nua le haghaidh na brandála ar na clársconsaí atá timpeall ar thionscadail chaipitil de chuid na Comhairle<br>• Leanadh le hobair ar athnuachan shuíomh chorparáideach na Comhairle Cathrach<br>• Taifeadadh na chéad chlár de Phodchraoladh nua na Comhairle, Aon Scéal, a Bhaile Átha Cliath?<br>• Seoladh ardán nua comhairliúcháin ar líne, engage.dublincity.ie in R3 2024. |
| **Claochlú Seirbhíse agus Digiteach** | • Forbraíodh Tairseach Comhairleoirí chun tacú le Comhaltaí tofa. Céim riachtanach is ea í sin i dtreo comhroinnt faisnéise níos éifeachtaí.<br>• Lean ardán an Mhoil Saoránaigh air ag cur rochtain ar líne 24/7 ar fáil do bhreis is 55 seirbhís ar líne. In 2024, ardaíodh 9467 cás, agus ba iad na rudaí ba mhó a cuireadh leo ná Iarratas ar Thithe Inacmhainne agus Measúnú Riachtanas Tithíochta.<br>• Cuireadh le hardán CitiDesk, agus anois tá breis is 100 iarratas inmheánach ar fáil do bhaill foirne ar fud na Comhairle. In 2024, bhí breis is 10,770 aighneacht i gcomhair na bhfoirmeacha iarratais féinfhreastail. I measc na bhfeidhmeanna a forbraíodh i mbliana, bhí Eolaire Teileafóin Inmheánach agus Clár Eitice.<br>• Cuireadh tús le tionscadal straitéiseach chun Córas Bainistíochta Réadmhaoine Corparáideacha a chur ar fáil, ina dtugtar taifead ar gach réadmhaoin atá faoi úinéireacht na Comhairle, atá á léasú, á bhainistiú aici nó atá in úsáid aici. Tá leathnú amach céimnithe ar bun, agus tosófar le scéim phíolótach i réimse seirbhíse amháin. |

# An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Claochlú agus Acmhainní Daonna ar lean

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| **Aonad Forbartha Gaeilge** | Fógraíocht trí Ghaeilge<br>• Foilsíodh 190 fógra reachtúil, foilsíodh 43.16% (82) acu i nGaeilge.<br>• Eisíodh 956 postáil as Gaeilge ar ár gcuntais meán sóisialta, 14% de chomhiomlán na bpostálacha Béarla agus Gaeilge.<br><br>Reáchtáil an Chomhairle Contae an líon seo a leanas feachtas ar ár suímh fógraíochta allamuigh:<br>• Scáthlán Bus – 50 feachtas (20% de phóstaeir do gach feachtas as Gaeilge)<br>• Metropole – 12 fheachtas (20% de phóstaeir do gach feachtas as Gaeilge)<br>• Painéil Dhigiteacha - 80 feachtas (100% de phóstaeir do gach feachtas as Gaeilge)<br><br>In 2024 ba é an líon iomlán ball foirne a ghlac páirt i gcláir forbartha Gaeilge: 203<br><br>Tá creat arna fhorbairt a thomhaiseann a líon deiseanna atá ann chun Gaeilge a labhairt a cruthaíodh agus ar tacaíodh leo. Forbraíodh Leabhar Beartaíochta um Nuálaíocht Gaeilge |
| **Aonad Sonraí agus Anailísíochta** | • Cuireadh cás gnó maidir le hardán sonraí láraithe i gcrích<br>• D'éirigh linn díoltóir a fháil trí chreat OSR chun measúnú aibíochta bainistíochta sonraí agus creat bainistíochta sonraí a dhéanamh<br>• D'éirigh linn an Bhearna Phá Inscne a Thuairisciú 2024<br>• Comhoibriú le Briogáid Dóiteáin Bhaile Cliath ar a dtionscnamh Bainistíochta/ Rialachais Sonraí<br>• D'éirigh linn ailtireacht a chur i gcrích agus uirlis catalógaithe sonraí Dataedo a chur i bhfeidhm do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath<br>• Forbraíodh uathoibriú agus tuairisciú le haghaidh Thuarascáil Feidhmíochta an Phlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil<br>• Deaiseanna le haghaidh AD, Turasóireacht, Tuilte agus an Mol Saoránach<br>• Foilsiú, iniúchadh agus nósanna imeacht Tacar sonraí Oscailte |
| **Cathracha Cliste** | Teicneolaíochtaí Nua:<br>• Seoladh Straitéis nua Ladrann agus Soghluaisteachta Aeir Uirbigh 2024-2029 ar an 23 Bealtaine, 2024<br>• Chuaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbun comhpháirtíochta IS Ghiniúnaigh le Adapt i mí na Nollag 2024, chun úsáid IS i rialtas áitiúil a fhiosrú<br>• Cuireadh tús le tionscadal Twin4Resilience EU Interreg ar an 22 Samhain, 2023. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceannas ar an gCreat Eitice mar chuid den tionscadal seo. Aithníodh dhá chás úsáide phíolótacha don tionscadal a bhaineann le topaicí ar nós Taisteal Gníomhach agus Thodhchaí na Rannpháirtíochta Pobail i dtaca le Pleanáil Uirbeach<br><br>Bhí an t-ainmniú ag Baile Átha Cliath le haghaidh Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste in 2024, agus mar chuid de seo, seoladh Tairseach Bhaile Átha Cliath ar Shráid an Iarla Thuaidh i mí na Bealtaine, a nasc Nua Eabhrac, Vilnias, Lublin agus anois Philadelphia le chéile. Go dtí seo, mheall sí breis is leathmhilliún cuairteoirí agus na billiúin taispeáint ar na meáin shóisialta ar fud an domhain.<br><br>I gcomhpháirt le lárionad taighde CONNECT mealladh comhdháil teileachumarsáide domhanda, Fyuz™, agus tacaíodh leis san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath (ICBÁC). Mheall an t-imeacht trí lá 1200 duine chun na láithreach ó 51 tír ar fud an domhain. |

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| Acmhainní Daonna | Plean Straitéiseach Fórsa Saothair (PSFS)<br>• Forbraíodh PSFS trí theagmháil a dhéanamh le gach rannóg<br>• Feachtais earcaíochta a cuireadh i gcrích in 2024<br>• Líon iomlán: 104<br>• % athruithe ar líon fórsa saothair: méadú 2.3% (5846.65 - i gcomparáid le R4, 2023)<br><br>Ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a chur chun cinn<br>• Líon na dtimpistí: 48<br>• Líon na gclár/n-imeachtaí folláine a reáchtáladh in 2024: 36<br>• Líon na rannpháirtithe i gcláir/imeachtaí folláine in 2024: 1,254<br><br>Obair Chumaisc (OC):<br>• Athbhreithniú OB curtha i gcrích agus scaipeadh an tuarascáil ar gach ball foirne.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt Foirne agus leathnófar amach é in 2025<br><br>Measúnachtaí ar scileanna digiteacha, inbhuanaitheachta agus scileanna a bhaineann le gníomhú ar son na hAeráide fós ar siúl<br><br>Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur chun Feidhme<br>Cultúr, Áineas agus Seirbhísí Eacnamaíochta (CÁSE)<br>• Chuaigh an Straitéis Geilleagair Oíche trí phróiseas Dhualgas na hEarnála Poiblí<br>• Cuireadh tús le Céim mheantóireachta Dhualgas na hEarnála Poiblí don Straitéis Páirceanna<br><br>Roinn na bPríomhfheidhmeannach agus Dlí<br>• An Plean Cur Chun Feidhme curtha i gcrích.<br><br>CSTHR<br>• Próiseas Dhualgas na hEarnála Poiblí curtha i bhfeidhm ar Phlean Corparáideach, 2025-2029<br>• Cuireadh tús le céim mheantóireachta Dhualgas na hEarnála Poiblí don Phlean Gníomhaíochta um Chustaiméirí, 2025-2027.<br><br>BDBÁC<br>• Próiseas ateagmhála an Ghrúpa Cur Chun Feidhme fós ar siúl.<br><br>Seirbhísí Digiteacha agus Cathracha Cliste<br>• Céim mheantóireachta Dhualgas na hEarnála Poiblí curtha i bhfeidhm ar an Straitéis Bunathraithe Digití. |

# An Roinn Dlí

| PRÍOMHSHEIRBHÍS | ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2024 |
|---|---|
| An Rannóg Dlí | • Osclaíodh 6,812 comhad nua san iomlán chun comhairle dlí a chur ar fáil de réir mar ba ghá.<br>• Líon na n-iarratas SF a fuarthas: 719<br>• Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha a iarradh: 39<br>• Líon na n-achomharc a cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara: 9 |

# Na Ráitis Airgeadais
# **Bhliantúla**

# Réamhrá

Tá áthas orm Ráitis Bhliantúla Airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a chur faoi bhur mbráid. Tugtar figiúirí comparáideacha don bhliain 2023.

Is é Cathair Bhaile Átha Cliath mol eacnamaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath arb é sin, ar a sheal, mol eacnamaíochta an Stáit. Tá geilleagar ilchineálach ag Cathair Bhaile Átha Cliath agus is foinse fostaíochta agus foinse ioncaim í do limistéar i bhfad níos mó ná an chathair féin. Is lárionad é Baile Átha Cliath le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola, airgeadais, ardoideachais, míochaine, cultúir agus siamsaíochta.

Tá ag éirí go maith le Geilleagar Bhaile Átha Cliath, agus í ag feidhmiú ag leibhéal an-ard. Iarmhairt a bhfuil glacadh leis is ea go bhfeictear srianta acmhainneachta mar thoradh ar gheilleagar a bheith ag feidhmiú ar leibhéal ard. Dúshlán suntasach é na hacmhainní foirne atá oiriúnach chun seirbhísí na Cathrach a chur ar fáil a earcú agus a choinneáil.

### Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2024

Bhí easnamh foriomlán de €5.3m fágtha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don bhliain, agus d'fhág sé sin cúlchiste deiridh de €31.5m nuair a baineadh an t-easnamh de chúlchiste ginearálta tosaigh de €36.8m. Ag deireadh na bliana 2024 bhí iarmhéid sochair €6.2m ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa chuntas bainc, agus bhí an Chomhairle ag feidhmiú le creidmheas ar feadh 365 lá in 2024. Faoin tréimhse deireadh bliana, bhí infheistíocht €340.9m déanta ag an gComhairle le hInstitiúidí Airgeadais ar ár son agus i bhfoirm comhéarlaise.

Chuimsigh iarmhéid bainc/infheistíochta na Comhairle Cathrach €0.6m a bhain le Fuascailt Iasachtaí agus Athiasachtú, mar aon le €2.9m a fuarthas ó Uisce Éireann maidir le feidhmiú an Chomhaontaithe Seirbhíse, agus €24.6m ó éarlaisí in-aisíoctha. Tá sonraí breise ar fáil sa Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí.

Mhéadaigh luach na bhféichiúnaithe trádála ag deireadh na bliana 2024 go €512.9m comhlán ó €475.8m in 2023, agus go €340.9m glan ó sholáthar in aghaidh drochfhéich ó €301m in 2023. Is mar thoradh ar mhéadú ar fhéichiúnaithe Rialtais de €32.6m é seo. Bhí laghdú ar sholáthar drochfhiach de €2.9m (féach nóta 5).

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a caiteachas laethúil feidhmíochta agus a clár infheistíochta fadtéarmaí caipitil a choigeartú agus a chur in oiriúint dá bhfuil ann de mhaoiniú agus d'acmhainní. Maidir le seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath uile, is é an cuspóir lárnach ná seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí agus do theaghlaigh agus chun iad a chothú.

## Beartais Bainistíochta Airgeadais 2024

Le linn 2024, is iad na hábhair thábhachtacha a chuaigh i bhfeidhm ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ná go bhfuil an ráta boilscithe maolaithe ó na leibhéil is airde a bhí ann i dtreo dheireadh 2022 agus in 2023. Mar sin féin, tugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós brú boilscithe faoi deara maidir le soláthar, costas oibre agus conraitheoirí oibre a gcuirimid tús leo. Is dúshláin shuntasacha iad na srianta maidir le maoiniú agus an gá atá le hairgead a fháil ar iasacht le haghaidh tionscadail caipitil straitéiseacha.

## Ráitis Chuntasaíochta, Nótaí agus Aguisíní

Is é an aidhm atá leis an Ráiteas Bliantúil Airgeadais léiriú cruinn a thabhairt ar staid airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar a bhí ag deireadh 2024. Déantar an léiriú sin trí na Ráitis, na Nótaí agus na hAguisíní a ullmhaítear, de réir mar a cheanglaítear faoin gcreat rialála cuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá cuspóir gach ceann de na doiciméid sin leagtha amach sa ghluais.

## Athruithe ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Níl aon athrú ar pholasaithe cuntasaíochta i bhfeidhm do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024.

## Caiteachas Ioncaim

I rith 2024, bhí €1,434.0m ann mar Chaiteachas Ioncaim (i.e. oibríochtaí ó lá go lá) agus €1,428.7m mar ioncam. Dá bharr sin, bhí breis is €5.3m ag caiteachas thar ioncam (féach Tábla 1). Léiríonn sé sin laghdú €5.3m sa Chúlchiste Ginearálta.

**TÁBLA 1: CAITEACHAS IONCAIM 2024**

| | €M |
|---|---|
| Caiteachas Ioncaim ar Sheirbhís na Comhairle Cathrach | 1,434.0 |
| Ioncam<br>(Deontais Rialtais, Rátaí agus Muirir ar Sheirbhísí) | 1,428.7 |
| Breis Caiteachais thar Ioncam | 5.3 |

Féach Nóta 16

## Aistrithe chuig an gCúlchiste

De réir mar a cheanglaítear faoin gcreat rialála cuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, taispeántar caiteachas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 2024 glan ó aistrithe chuig cúlchistí (tá aistrithe chuig cúlchistí fágtha as an áireamh). Tá cur síos níos mine ar na haistrithe sin le fáil i Nóta 14 'Aistrithe ón / (chuig an) gCúlchiste'. Tá an ghluaiseacht ó ollchaiteachas go glanchaiteachas, a luaitear sa RAB leagtha amach i dTábla 2.

**TÁBLA 2: ANAILÍS AR CHAITEACHAS 2024**

| | €M |
|---|---|
| Caiteachas | 1,374.2 |
| Aistrithe chuig cuntas Caipitil | 38.7 |
| Aistrithe chuig an gCúlchiste iasachtaí | 21.1 |
| Caiteachas Deiridh | 1,434.0 |

Féach Nóta 14 agus 16

Luaitear ioncam in RAB fosta glan ó aistrithe chuig cúlchistí, mar a léirítear i dTábla 3.

**TÁBLA 3: ANAILÍS AR IONCAM 2024**

| | €M |
|---|---|
| Ioncam | 989.3 |
| Ioncam Rátaí | 401.5 |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil | 27.9 |
| Ioncam roimh Aistrithe | 1,418.7 |
| Móide Aistrithe ón gCúlchiste | 10.0 |
| Ioncam Deiridh | 1,428.7 |

Féach Nóta 15

## Caiteachas Caipitil

Sa bhliain 2024, bhí caiteachas €821.8m ar thionscadail chaipitil agus ar infheistíocht glan ó aistrithe inmheánacha. Is cuid é an caiteachas sin de Chlár Caipitil 2024 go dtí 2026 de €4,245.4m. Rinneadh an caiteachas €821.8m sin a mhaoiniú trí ioncam glan ó aistrithe de €808.8m agus glanaistrithe de €28.7m, a d'fhág barrachas caiteachais thar ioncam de €15.7m (€335.0-€319.3). (Féach Tábla 4).

**TÁBLA 4: CUNTAS CAIPITIL 2024**

| | €M |
|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh (Sochar) | 319.3 |
| Caiteachas amhail an 31 Nollaig 2024 | 821.8 |
| Ioncam | 808.8 |
| Glanaistrithe (€38.7m - €10m) | 28.7 |
| Iarmhéid deiridh 31 Nollaig 2024 (Sochar) | 335.0 |

Féach Aguisín 5

## Polasaithe Cuntasaíochta

Sa Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, leagtar amach na polasaithe cuntasaíochta a mbaintear úsáid astu chun an RAB a ullmhú. Cloíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go hiomlán leis an gcreat rialála cuntasaíochta mar atá socraithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Iniúchóireacht Reachtúil

Déantar iniúchóireacht ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach bliain, rud a bhfuil ceangal reachta ina leith, agus is í an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (SIRA) a dhéanfaidh é sin. Cuireadh tús le hiniúchóireacht na bliana airgeadais 2024 i mí na Nollaig 2024. Cuireann an iniúchóireacht athbhreithniú neamhspleách ar fáil agus beidh sin ina chuidiú chun a chinntiú go ndéanfar léiriú cothrom ar staid airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi réir iniúchadh maidir le maoiniú AE, maoiniú ón Údarás um Bóithre Náisiúnta, comhlíonadh dualgais cánach agus iniúchtaí a bhfuil cuspóir luach ar airgid leo trí SIRA.

## Ranníocaíochtaí Forbraíochta

I bhfo-alt (1) d’Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, féadfaidh an t údarás pleanála, le linn dó cead pleanála a dheonú faoi Alt 34 den Acht, coinníollacha a chur san áireamh chun a cheangal go n-íocfar ranníoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe d’fhorbairt i limistéar an údaráis pleanála agus a sholáthraítear, nó a bhfuil ar intinn go soláthrófar iad, ag údarás áitiúil nó thar a cheann (ar neamhaird le foinsí eile maoiniúcháin don bhonneagar agus do na saoráidí).

Ceanglaítear i bhfo-alt (2) d’Alt 48 go leagfar amach an bonn ar a ndéanfar ranníoc faoi fho-alt (1) a chinneadh i scéim ranníocaíochtaí forbraíochta arna déanamh faoin alt sin.

Tháinig an chéad Scéim Ranníocaíochtaí Forbraíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2000 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2004. Rinne an Chomhairle Cathrach an Scéim Ranníocaíochta Forbraíochta Reatha 2023-2026 i mí an Mhárta 2023, i ndiaidh athbhreithniú ar dhéanamh ar scéim 2020-2023. Mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do bhliain airgeadais 2024, tá luachanna le haghaidh ranníocaíochtaí forbraíochta mar atá leagtha amach i dTábla 5.

| TÁBLA 5: FÉICHIÚNAITHE RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA 2024 | €M |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí Forbartha Gan Íoc ag Deireadh na Bliana | 73.8 |

Féach Nóta 5

## Rátaí

Gearrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rátaí ar áititheoirí agus ar úinéirí (i gcásanna áirithe) réadmhaoine tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tugadh isteach ioncam €401.5m ar rátaí in 2024, agus is ionann an t-ioncam sin agus 28% de mhaoiniú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhair seirbhísí laethúla.

Tá na rátaí bunaithe ar luachál inrátaithe réadmhaoine mar atá leagtha síos ag an gCoimisinéir Luachála, agus dearbhaítear an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (an t-iolraitheoir) gach bliain le Feidhm Fhorchoimeádta de chuid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (féach Tábla 6).

Cuireann rátaí tráchtála taca faoi sheirbhísí go léir a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil. Cuireann an Chomhairle Cathrach srian uirthi féin maidir le rátaí tráchtála a shocrú chun tacú le hiomaíochas sa gheilleagar, ar bhonn náisiúnta agus áitiúil, agus chun an bonn rátaí laistigh den Chathair a choinneáil. Ní mór a thabhairt faoi deara gur foinsí suntasacha maoinithe iad rátaí tráchtála do sheirbhísí Bhaile Átha Cliath, agus mar gheall air sin, tá feidhmíocht an bhailiúcháin rátaí fíorthábhachtach. Laghdaíodh riaráistí ag deireadh 2024 le 1.1m go €27.4m. Tháinig méadú ar bhailiúchán Chomhairle Cathrach Bhaile den mhuirear don bhliain reatha i gcomparáid le 2024 go 94%.

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarracht cothromaíocht a aimsiú. Cinntíonn sí go n-íocann gnóthaí áitiúla a gcuid rátaí ach ag an am céanna tuigeann sí gur mór di tacú leis na gnóthaí siúd a bhfuil brú airgeadais orthu. Cuireann an Chomhairle a beartas rátaí i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach, ina bhfuil solúbthacht agus réasúntacht, agus féachann sí lena chinntiú gur féidir socruithe a chur i bhfeidhm a fhágtar gur féidir rátaí a íoc ar bhonn a chabhraíonn le gnóthaí leanúint orthu ag trádáil, i gcásanna ina bhfuil deacrachtaí airgeadais i gceist.

**TÁBLA 6: IONCAM RÁTAÍ 2021 – 2024**

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| Luacháil Inrátaithe Tráchtála na Cathrach | 1.354B | 1.367B | 1.4B | 1.44B |
| RBL (iolraitheoir) | 0.268 | 0.268 | 0.273 | 0.277 |
| Ioncam Rátaí | 362.9m | 366.4m | 382.4m | 401.5m |

**TÁBLA 7: RIARÁISTÍ RÁTAÍ 2021 – 2024**

| 2021 €M | 2022 €M | 2023 €M | 2024 €M |
|---|---|---|---|
| 38.1 | 30.7 | 28.5 | 27.4 |

**TÁBLA 8 – BANDAÍ NA NÍOCÓIRÍ RÁTAÍ TRÁCHTÁLA 2024**

| Muirear 2024 | Líon na gCuntas | Iomlán Carnach | % in aghaidh banda | Iomlán Carnach | Dochar iomlán in aghaidh banda €m | % de Dhochar | Iomlán Carnach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €1 - €999 | 1680 | 1680 | 8.4% | 8.4% | € 1.02 | 0.3% | 0.3% |
| €1,000 - €3,000 | 5348 | 7028 | 26.8% | 35.3% | € 10.50 | 2.6% | 2.9% |
| €3,000 - €5,000 | 3594 | 10622 | 18.0% | 53.3% | € 14.06 | 3.5% | 6.4% |
| €5,000 - €10,000 | 4030 | 14652 | 20.2% | 73.5% | € 28.39 | 7.2% | 13.6% |
| €10,000 - €25,000 | 2954 | 17606 | 14.8% | 88.3% | € 45.80 | 11.5% | 25.1% |
| €25,000 - €50,000 | 1167 | 18773 | 5.9% | 94.2% | € 40.87 | 10.3% | 35.4% |
| €50,000 - €75,000 | 428 | 19201 | 2.1% | 96.3% | € 25.81 | 6.5% | 41.9% |
| €75,000 - €100,000 | 193 | 19394 | 1.0% | 97.3% | € 16.63 | 4.2% | 46.1% |
| €100,000 - €500,000 | 456 | 19850 | 2.3% | 99.6% | € 90.12 | 22.7% | 68.8% |
| €500,000 - | 86 | **19936** | 0.4% | **100.00%** | € 123.70 | 31.2% | **100.00%** |
| **Total** | **19936** | | **100.00%** | | **€ 396.60** | **100.00%** | |

Uimhreacha thuas bunaithe ar bhillí rátaí a eisíodh i mí Eanáir 2024

Tá mionsonraí na n-íocóirí rátaí tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath de réir banda in 2024 leagtha amach i dTábla 8 thuas. Bhí muirear rátaí de €10 míle nó níos lú ag beagnach 73% d'íocóirí rátaí tráchtála in 2024, bhí muirear rátaí de €5 míle nó níos lú ag beagnach 53% in 2024 agus bhí muirear rátaí de níos lú ná €3 míle ag beagnach in 2024 ag 35% de na híocóirí rátaí tráchtála. I gcodarsnacht, d'íoc 2.7% d'íocóirí rátaí tráchtála nó 542 cuntas beagnach 53% de na rátaí iomlán dochair.

## Deontas um Méadú Ar Chostas Gnó (MCG)

Mar chuid de Bhuiséad 2024, d'fhaomh an Rialtas pacáiste ar fiú €257m é i nDeontais MCG mar bheart riachtanach do ghnóthaí beaga agus meánmhéide. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, arna maoiniú tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), a bhainistigh leathnú amach an deontais do ghnóthaí incháilithe.

Bhí an scéim oscailte do gach gnó a raibh bille Rátaí Tráchtála acu a bhí níos lú ná €30 míle in 2023 agus a bhí fós i mbun trádála ar 1 Feabhra, 2024. Fuair aon ghnó a raibh bille rátaí níos lú ná €10 míle, deontas arbh fhiú é agus leath a mbille. Dóibh siúd a raibh bille rátaí in 2023 idir €10 míle agus €30 míle, bhí deontas €5 mhíle ar fáil. I mí na Bealtaine, bhí gnóthaí a bhí ag obair in earnáil an fháilteachais agus an mhiondíola incháilithe le haghaidh an dara híocaíocht deontais ar an méid céanna leis an deontas tosaigh.
Tá thart ar 17,500 íocóir rátaí ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Rinne 8,452 íocaíocht san iomlán ar luach €22.3m iad in MCG1 agus ina dhiaidh sin rinneadh 4,292 íocaíocht san iomlán in MCG2 ar luach €12.6m.

Mar chuid de Bhuiséad 2025, d'fhógair an rialtas deontas 'Cumhachtaithe' breise de €4 míle do na híocóirí rátaí sin a fuair an dara híocaíocht deontais. Bhí an próiseas iarratais ar oscailt go dtí an 22 Samhain agus íocadh breis is 3,754 iarratas san iomlán ar luach €15m.

## Bainistíocht Airgeadais

**Córais Rialuithe Inmheánacha**

Aithníonn Feidhmeannas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil sé freagrach as Córais Rialuithe Inmheánacha in obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus áirítear leis sin na próisis agus na modhanna oibre a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn na córais rialuithe éifeachtach. Tá ar chumas na gcóras seo deimhniú réasúnta a thabhairt, ach ní deimhniú iomlán, go bhfuil cosaint dhóthanach sócmhainní i bhfeidhm, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó le mírialtachtaí ábhartha, é sin nó go mbraitear iad in am. Ós rud é go bhfuil córais rialuithe inmheánacha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá sí in ann a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh i leith a cuid taifead cuntasóireachta agus iad a bheith iomlán agus cruinn.

Tá na bearta seo a leanas déanta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú go bhfuil an timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shonrú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Cultúr freagrachta a neartú ag gach leibhéal den eagraíocht
- Obair na rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí
- Obair Lároifig an tSoláthair
- Obair an Aonaid um Bainistíocht Riosca
- Obair an Oifigigh Eitice
- Obair an Choiste Iniúchóireachta
- Obair na hOifige Tacaíochta um Thionscadail Chorparáideacha
- An Cód Caiteachais Phoiblí
- Iniúchóireacht sheachtrach agus grinnscrúdú ar an-chuid bealaí lena n-áirítear tríd an CNMI.

Is láidir agus is cuimsitheach an tuairisciú ar bhainistíocht airgeadais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Baintear úsáid as córas dian monatóireachta airgeadais ar bhonn míosúil chun a dhéanamh cinnte go n-aithnítear aon athraitheas suntasach buiséid, agus cuirtear na bearta riachtanacha i bhfeidhm chun tionchar diúltach maidir le cúrsaí airgeadais a laghdú. Tá an córas rialúchán airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat gnáthshonraí bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Cuimsítear leis an gcóras na gnéithe seo a leanas go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le Buiséad Bliantúil a n-athbhreithníonn agus a gcomhaontaíonn Comhaltaí Tofa é
- Athbhreithnithe rialta airgeadais: áirítear leo sin tuarascálacha airgeadais seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena bhfuil tuartha ó thaobh caiteachais agus ioncaim de, agus ó thaobh na measúnachta ar anailís athraithis de
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas
- Treoirlínte soiléire maidir le rialú infheistíochta caipitil
- Disciplíní foirmiúla le haghaidh bainistíocht tionscadal
- Polasaithe agus nósanna imeachta diana chun airgead a thabhairt isteach, a thaifeadadh agus a rialú. Déantar na nósanna imeachta sin a athbhreithniú agus a iniúchadh go rialta.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Is é príomhról na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a sholáthar do Bhainisteoirí Sinsearacha agus don Choiste Iniúchóireachta gur aimsíodh na rioscaí éagsúla atá ag teannadh leis an gComhairle agus go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Tá ról lárnach ag an Iniúchóireacht Inmheánach i bpróiseas an Rialachais Chorparáidigh agus is mór an cúnamh í san obair a ghabhann le bainistíocht éifeachtach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is prionsabail thábhachtacha iad an chuntasacht agus an trédhearcacht nuair a bhíonn rialú freagrach ar bun agus tugtar le tuiscint iontu go bhfuil oscailteacht ann le haghaidh iniúchadh agus gur gá tuairisc ar fheidhmíocht a thabhairt. Éascaítear an próiseas sin tríd an Iniúchóireacht Inmheánach ós rud é go dtugtar feidhm neamhspleách athbhreithnithe don bhainistíocht chun a dheimhniú go bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, agus eacnamaíoch, agus iad i gcomhréir leis na ceanglais dlí. In 2024, eisíodh 15 thuairisc Iniúchóireachta Inmheánaí, lena n-áirítear 3 mhiontuairisc Seiceála mar a éilítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

## Bainisteoirí agus Baill Foirne

In 2024, léirigh foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arís go bhfuil siad díograiseach agus tiomanta chun freastal ar ár gCathair. Tá an fhoireann i ndiaidh oiriúnú, nuáil a dhéanamh, solúbthacht a léiriú agus an méid seo déanta acu chun an toradh is fearr a bhaint amach do Bhaile Átha Cliath.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lántiomanta chun an fhoireann a fhorbairt, folláine na foirne a neartú ar bhonn leanúnach. Is dearbhthosaíocht í sláinte agus sábháilteacht ár mball foirne, agus tá gach gníomhaíocht oibre bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí agus leas na foirne agus na gcustaiméirí.

Fostóir Comhdheiseanna is ea an Chomhairle. Tá scéim tacaíochta le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i bhfeidhm sa Rannóg Airgeadais agus i rannóga eile chun cabhrú le baill foirne scileanna agus eolas gairmiúil a fhoghlaim agus a bhuanú.

## An Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) Airgeadais 2024

Cuireann an Coiste um Beartais Straitéiseacha Airgeadais (SPC) ceannaireacht agus treoir ar fáil ar phríomhghnéithe a bhaineann le maoiniú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ar na príomhábhair a bhí idir lámha i rith 2024, bhí:

**Saincheisteanna maoiniúcháin:**

Muirear Cóiríochta Cuairteora
Bailiú Cíosa Tithíochta agus Riaráistí
Sluafhoinsiú Cathrach
Forbairt Maoine Pobail Céim 2
Iniúchadh ar Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019 Alt 15

**Saincheisteanna Rialachais:**

An Coiste Iniúchóireachta - Miontuairiscí comhaontaithe
| | Sonraí caiteachais Chlár E RAB déanta suas de E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 - Cosc Dóiteáin le haghaidh 2024 | €146,139,626 |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F2 & F3** | A. Meánmhéid ama tógtha, i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh dóiteáin | 1.5 nóiméid |
| | B. Meánmhéid ama tógtha, i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i dtaobh dóiteáin | 6.55 nóiméid |
| | C.Meánmhéid ama tógtha, i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh gach teagmhais éigeandála eile (nár theagmhais dóiteáin iad) | 2 nóiméid |
| | D. Meánmhéid ama tógtha, i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i dtaobh dóiteáin gach teagmhais éigeandála eile (nár theagmhais dóiteáin iad) | 7 nóiméid |
| | A. Céatadán na gcásanna i dtaobh dóiteáin ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 72.50 % |
| | B. Céatadán na gcásanna i dtaobh dóiteáin ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 24.92 % |
| | C. Céatadán na gcásanna, i dtaobh dóiteáin ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair i ndiaidh 20 nóiméad | 2.58 % |
| | D. Céatadán na gcásanna i dtaobh gach teagmhais éigeandála eile ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 68.84 % |

| ÁBHAR | TÁSCAIRE | LUACH |
|---|---|---|
| | E. Céatadán na gcásanna i dtaobh gach teagmhais éigeandála eile ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 27.15 % |
| | F. Céatadán na gcásanna i dtaobh gach teagmhais éigeandála eile ina bhfreastalaítear ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 4.00 % |
| | Líon iomlán na nglaonna amach i dtaobh dóiteán ón 1/1/2024 go dtí 31/12/2024 | 7,869 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin ina bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 5,705 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin ina bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 1,961 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin ina bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 203 |
| | Líon iomlán na nglaonna amach i dtaobh gach teagmhais éigeandála eile (i.e. gan dóiteán san áireamh) ón 1/1/2024 go dtí an 31/12/2024 | 1,823 |
| | Líon na gcásanna sin nach cásanna dóiteáin iad áit a bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 1,255 |
| | Líon na gcásanna sin nach cásanna dóiteáin iad ina bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 495 |
| | Líon na gcásanna sin nach cásanna dóiteáin iad ina bhfreastalaíonn an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 73 |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L1** | A. Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh duine sa daonra le haghaidh an cheantair údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2024 | 3.87 |
| | B. Líon earraí eisithe d'iasachtaithe leabharlainne i gcaitheamh na bliana | 2,132,668 |
| | C. Baill ghníomhacha leabharlainne in aghaidh duine sa daonra | 0.19 |
| | D. Líon bhaill chláraithe na leabharlainne sa bhliain | 85,923 |
| | Líon na gcuairteanna ar leabharlanna ón 1/1/2024 go dtí an 31/12/2024 | 2,292,837 |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L2** | A. Sonraí Chlár F an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (RAB) 2024 roinnte de réir dhaonra an cheantair údaráis áitiúil i gcomhréir le Daonáireamh 2024 | €49.14 |
| | B. Ba é an costas bliantúil in aghaidh an duine ar bhailiúcháin thar thréimhse 1/01/2024 go 31/12/2024 | €3.72 |

# Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta CNMI 01 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024 ar lean

| ÁBHAR | TÁSCAIRE | LUACH |
|---|---|---|
| | A. Clár F RAB déanta suas de F02 - Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne (lena n-áirítear an cion ábhartha den mhuirear lárnach bainistíochta le haghaidh Chlár F) le haghaidh 2024 | €29,123,711 |
| | B. Gnáthchaiteachas ar stoc nua a fuair an leabharlann sa bhliain | €2,202,307 |
| **Óige agus Pobal: Y1 & Y2** | A. Céatadán na scoileanna áitiúla i mbun scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | 27.16 % |
| | Líon iomlán na meánscoileanna i gceantar an údaráis áitiúil ar an 31/12/2024 | 81 |
| | Líon na meánscoileanna i gceantar an údaráis áitiúil ar fhreastail ionadaithe uathu ar CGB Chomhairle na nÓg a reáchtáladh in 2024 | 22 |
| | A. Líon eagraíochtaí san áireamh i gClár an Chontae amhail 31/12/2024 agus an cion a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste Ionchuimsiithe Sóisialta laistigh den LRP | 27.90 |
| | Líon eagraíochtaí san áireamh i gClár an Chontae (a choinnítear i gcomhréir le halt 128 d'Acht an Rialtais Áitiúil, 2001) don cheantar údaráis áitiúil amhail 31/12/2024 | 828 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh don chéad uair in 2024 | 111 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí cláraithe a roghnaigh a bheith páirteach sa Choláiste Toghcháin um Ionchuimsiú Sóisialta nuair a chláraigh siad don Líonra Rannpháirtíochta Pobail | 231 |
| **Cúrsaí Corparáideacha: C1, C2, C5 agus C4** | A. Líon na mball foirne coibhéise lánaimseartha amhail an 31 Nollaig 2024 | 6,094.00 |
| | A. Céatadán na laethanta oibre íoctha a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis trí shaoire a raibh teastas dochtúra ag gabháil léi in 2024 | 3.76 % |
| | B. Céatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis trí shaoire fhéindeimhnithe in 2024 | 0.38 % |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis trí shaoire a raibh teastas dochtúra ag gabháil léi in 2024 | 54,995 lá |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis trí shaoire fhéindeimhnithe in 2024 | 5,232 lá |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis a bhí go hiomlán san áireamh sna laethanta saoire tinnis fhéindeimhnithe in 2024 | 0 lá |
| | Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar asláithreacht tinnis a bhí go hiomlán san áireamh sna laethanta saoire tinnis a raibh teastas dochtúra ag gabháil leo in 2024 | 3,037 lá |

| ÁBHAR | TÁSCAIRE | LUACH |
|---|---|---|
| | Má tá aon bhaill foirne ar shaoire fhadtéarmach tinnis (i.e tréimhse leanúnach de níos mó ná 4 seachtaine) cuir isteach nóta téacs de líon na mball foirne ar shaoire fhadtéarmach tinnis | 410 Bhí saoire bhreoiteachta leanúnach ag 247 ball foirne do thréimhse idir 4 seachtaine agus 3 mhí. Bhí saoire bhreoiteachta ag 94 ball foirne do thréimhse idir 3 mhí agus 6 mhí. Bhí saoire bhreoiteachta leanúnach ag 69 ball foirne de níos mó ná 6 mhí |
| | A. An caiteachas go léir ar TFC le linn na tréimhse ón 1/1/2024 go dtí 31/12/2024 agus é roinnte ar an líon CLA. | €3,867.44 |
| | Caiteachas TFC iomlán in 2024 | €23,568,159 |
| | A. Gach caiteachas TFC ríofa in C4 mar chion de chaiteachas Ioncam | 1.72 |
| | Caiteachas Ioncaim iomlán ó 1/1/2024 go 31/12/2024 roimh aistrithe go cúlchistí nó uathu | 1,374,236,607 |
| **Cúrsaí Corparáideacha: C3** | A. Líon iomlán na n-amharc leathanaigh ar láithreáin ghréasáin an údaráis áitiúil in 2024 | 11.13 |
| | B. Líon iomlán na leantóirí per capita ag deireadh 2024 le haghaidh chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil (más ann dóibh) | 1.69 |
| | Líon iomlán carnach na n-amharc leathanaigh ar gach láithreán gréasáin atá á fheidhmiú ag an údarás áitiúil don tréimhse 1/1/2024 go 31/12/2024 a fuarthas ó sheirbhís anailísíochta clibeála leathanach ar láithreán nó a chomhionann | 6,594,621 |
| | Líon iomlán na n-úsáideoirí meán sóisialta ar an 31/12/2024 a bhí ag leanúint an údaráis áitiúil ar aon láithreáin meán sóisialta | 1,002,930 |
| | Líon na gcuntas meáin sóisialta arna bhfeidhmiú ag an údarás áitiúil | 159 |
| | Tabhair le fios an raibh aon athrú ar an mbeartas fianán ar láithreáin ghréasáin an údaráis áitiúil agus an dáta ar cuireadh i bhfeidhm é | Baineadh úsáid as beartas roghnúcháin fianáin ó Dheireadh Fómhair 2020 |
| **Airgeadas: F1 go F4** | A. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ar an 31/12/2019 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | €34,747,188 |
| | B. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ar an 31/12/2020 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | €41,305,051 |
| | C. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ar an 31/12/2021 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | €41,918,838 |
| | D. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ar an 31/12/2022 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | €36,797,403 |

# Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta CNMI 01 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024 ar lean

| ÁBHAR | TÁSCAIRE | LUACH |
|---|---|---|
| | E. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ar an 31/12/2023 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | €31,547,364 |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach ar an 31/12/2024 mar chéatadán den Ioncam Iomlán in 2024 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an RAB | 2.22 % |
| | G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine in 2024 | €2,318.55 |
| | H. Caiteachais ioncaim in aghaidh an duine in 2024, caiteachas den chontae / seirbhíse comhroinnte suntasach gan a bheith san áireamh | €1,922.58 |
| | An figiúr Ioncaim Iomláin le haghaidh 2024 ó Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an RAB | €1,418,744,722 |
| | An figiúr Caiteachais Iomláin le haghaidh 2024 ó Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an RAB | €1,374,236,607 |
| | Caiteachas Ioncaim 2024, ach caiteachas lasmuigh den chontae/ seirbhíse comhroinnte do sholáthraithe seirbhíse ÍCT, MyPay, FDGDRBÁC agus Seirbhísí Dóiteáin Bhaile Átha Cliath curtha as an áireamh | €1,139,539,712 |
| | A. (a) Leibhéal Bailiúcháin Rátaí in Aguisín 7 den RAB do 2020 | 84.0 % |
| | A. (b) Leibhéal Bailiúcháin Cíosa agus Blianachtaí in Aguisín 7 den RAB do 2020 | 73.0 % |
| | A. (c) Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 den RAB do 2020 | 75.0 % |
| | B. (a) Leibhéal Bailiúcháin Rátaí in Aguisín 7 den RAB do 2021 | 87.0 % |
| | B. (b) Leibhéal Bailiúcháin Cíosa agus Blianachtaí in Aguisín 7 den RAB do 2021 | 73.0 % |
| | B. (c) Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 den RAB do 2021 | 77.0 % |
| | C. (a) Leibhéal Bailiúcháin Rátaí in Aguisín 7 den RAB do 2022 | 92.0 % |
| | C. (b) Leibhéal Bailiúcháin Cíosa agus Blianachtaí in Aguisín 7 den RAB do 2022 | 72.0 % |
| | C. (c) Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 den RAB do 2022 | 77.0 % |
| | D. (a) Leibhéal Bailiúcháin Rátaí in Aguisín 7 den RAB do 2023<br>D. (b) Leibhéal Bailiúcháin Cíosa agus Blianachtaí in Aguisín 7 den RAB do 2023 | 93.0 %<br>73.0 % |
| | D. (c) Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 den RAB do 2023 | 77.0 % |

| ÁBHAR | TÁSCAIRE | LUACH |
|---|---|---|
| | E. (a) Leibhéal Bailiúcháin Rátaí in Aguisín 7 den RAB do 2024 | 94 % |
| | E. (b) Leibhéal Bailiúcháin Cíosa agus Blianachtaí in Aguisín 7 den RAB do 2024 | 73 % |
| | E. (c) Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 den RAB do 2024 | 75 % |
| | A. Líon na n-éileamh socraithe in aghaidh an duine do 2024 | €29.04 |
| | Árachas CÁCÉ: Líon na n-éileamh fógartha do 2024 | 758 |
| | Árachas CÁCÉ: Líon na n-éileamh socraithe do 2024 | 708 |
| | Árachas CÁCÉ: Costas iomlán na n-éileamh socraithe do 2024 | €13,871,658.83 |
| | Costas iomlán na n-éileamh socraithe faoi bharrachas do 2024 | €3,340,666 |
| | A. Muirear lárnach bainistíochta foriomlán mar chéatadán den chaiteachas iomlán ar an gcuntas ioncaim | 11.02 % |
| | B. Costais phárolla iomlán mar chéatadán den chaiteachas ioncaim | 36.44 % |
| | Muirear lárnach bainistíochta foriomlán ón gCóras Bainistíochta Airgeadais (CBA) an Údaráis Áitiúil agus sainithe sa Bhuiséad Bliantúil | €151,477,348 |
| | Costais phárolla iomlán ó Aguisín 1 den RAB do 2024 (Tuarastail, Pá agus Pinsin san áireamh) | €500,703,722 |
| **Forbairt Eacnamaíochta: J1 go J5** | A. Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil i rith na tréimhse 1/1/2024 go dtí an 31/12/2024 in aghaidh gach 100,000 duine | 21.76 |
| | Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil i rith na tréimhse 1/1/2024 go dtí an 31/12/2024 | 129.0 |
| | Líon iarratas dearbhán trádála ar líne faofa ag an Oifig Fiontair Áitiúil in 2024 in aghaidh gach 100,000 duine | 32.73 |
| | B. Líon na ndearbhán trádála ar líne tarraingthe anuas in 2024 in aghaidh gach 100,000 duine | 12.32 |
| | Líon iarratas dearbhán trádála ar líne faofa ag an Oifig Fiontair Áitiúil in 2024 | 194 |
| | Líon na ndearbhán trádála ar líne tarraingthe anuas in 2024 | 73 |
| | A. An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 01/01/2024 go 31/12/2024 in aghaidh gach 100,000 duine | 253.24 |
| | Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 1/1/2024 go 31/12/2024 | 1,501 |
| | A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an údarás áitiúil? | Tá |
| | B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil? | Tá |
| | An caiteachas ar fhorbairt eacnamaíochta áitiúil ag an údarás áitiúil in 2024 in aghaidh gach duine sa daonra | €332.50 |

# Aguisín 4 Tuarascáil ar Chomórtais Earcaíochta

Fógraíodh 93 comórtas le linn na bliana thar raon leathan grád san eagraíocht.

| Uimhir | Teideal Poist | Líon na nIarratas | Roinn | Uimhir ar Phainéal |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Cuntasóir 2024 | 39 | Airgeadas | 5 |
| 2 | Printíseach bríceadóra | 86 | Comhshaol & Iompar | 4 |
| 3 | Printíseach Siúinéireachta | 240 | An Rannóg Tithíochta | 22 |
| 4 | Printíseach Leictreora | 383 | Comhshaol & Iompar | 10 |
| 5 | Printíseach Meicneora FET | 56 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 4 |
| 6 | Printíseach Oibrí Miotail | 36 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 5 |
| 7 | Printíseach Péintéara | 96 | An Rannóg Tithíochta | 8 |
| 8 | Printíseach Pluiméara | 215 | An Rannóg Tithíochta | 15 |
| 9 | Printíseach Saoir Cloiche | 41 | Comhshaol & Iompar | 3 |
| 10 | Oifigeach Pobail agus Forbartha Sóisialta Ceantair | 37 | An Rannóg CÁSE | 8 |
| 11 | Oifigeach Tithíochta Ceantair (Grád 7), Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 16 | An Rannóg CÁSE | 5 |
| 12 | Oifigeach Ceantair um Chothabháil, Tithíocht agus Seirbhísí Pobail | 31 | An Rannóg Tithíochta | 6 |
| 13 | Innealtóir Cúnta Leictreachais | 6 | Comhshaol & Iompar | 1 |
| 14 | Saoiste Cúnta Snoíodóra Cloiche/ Bríceadóra | 7 | Comhshaol & Iompar | 2 |
| 15 | Cigire Cúnta - Cothabháil Bóithre | 26 | Comhshaol & Iompar | 4 |
| 16 | Oifigeach Cúnta CIC   Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 31 | Comhshaol & Iompar | 9 |
| 17 | Pleanálaí Cúnta | 38 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 6 |
| 18 | Innealtóir Cúnta Cónaithe (Sealadach), Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 18 | Comhshaol & Iompar | 3 |
| 19 | Eolaí Cúnta - An Rannóg Cosanta Timpeallachta | 42 | Comhshaol & Iompar | 5 |
| 20 | Oifigeach Foirne Cúnta (Párolla Teoranta) | 27 | Acmhainní Daonna/Airgeadas | 10 |
| 21 | Oifigeach Cúnta Córas 2024 | 117 | An Rannóg Airgeadais | 17 |
| 22 | Oifigeach Tráchta Cúnta (Soilse Tráchta) | 32 | Comhshaol & Iompar | 7 |
| 23 | Luachálaí Cúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, | 9 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 0 |
| 24 | Garda Tarrthála Cósta (Sealadach) - Trá Chnocán Doirinne, Séasúr an tSamhraidh, 2024 | 13 | An Rannóg CÁSE | 6 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 25 | Oifigeach Bithéagsúlachta, Seirbhísí Cultúir, Áineasa, agus Eacnamaíochta | 71 | An Rannóg CÁSE | 7 |
| 26 | Saoiste na Snoíodóirí/Bríceadóirí | 12 | An Rannóg Tithíochta | 10 |
| 27 | Oifigeach Cléireachais 2024 | 972 | Gach Roinn | 188 |
| 28 | Oifigeach Pobail agus Forbartha Sóisialta | 112 | An Rannóg CÁSE | 10 |
| 29 | Comhordaitheoir Acmhainní agus Líonraí Pobail (Sealadach Trí Bliana) | 61 | An Rannóg CÁSE | 4 |
| 30 | Maor Páirce Caomhantais Páirceanna, Bithéagsúlacht agus Seirbhísí Tírdhreacha (seachtrach) | 172 | An Rannóg CÁSE | 15 |
| 31 | Maoir Pháirce Caomhantais (inmheánach) | 2 | An Rannóg CÁSE | 2 |
| 32 | Leictreoir Ceirde | 49 | Comhshaol & Iompar | 8 |
| 33 | Garraíodóir Ceirde | 62 | An Rannóg CÁSE | 12 |
| 34 | Cigire Foirgnimh Chontúirtigh | 35 | An Rannóg Tithíochta | 3 |
| 35 | Anailísí Sonraí | 373 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 6 |
| 36 | Maoirseoir Iosta Oifige - Iosta Oibríochta na Cathrach Thuaidh (IOCT) | 21 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 8 |
| 37 | Bainisteoir Ábhair Ceantair | 7 | Airgeadas | 3 |
| 38 | Leabharlannaí na Rannóige | 18 | An Rannóg CÁSE | 3 |
| 39 | Samplóir Tiománaí | 24 | Comhshaol & Iompar | 10 |
| 40 | Eacnamaí | 12 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 1 |
| 41 | Oifigeach Sláinte Comhshaoil (1) | 41 | An Rannóg Tithíochta | 1 |
| 42 | Oifigeach Sláinte Comhshaoil (2) | 51 | An Rannóg Tithíochta | 15 |
| 43 | Seandálaí Feidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, | 12 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 4 |
| 44 | Seandálaí Feidhmiúcháin Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, | 61 | An Rannóg Tithíochta | 23 |
| 45 | Innealtóir Feidhmiúcháin (Leictreach) | 12 | Comhshaol & Iompar | 3 |
| 46 | Oifigeach Feidhmiúcháin Coiscthe Dóiteáin - Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 66 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 7 |
| 47 | Oifigeach Feidhmiúcháin CIC - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 19 | Comhshaol & Iompar | 5 |
| 48 | Pleanálaí Feidhmiúcháin | 25 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 7 |
| 49 | Gairmí Feidhmiúcháin, Oifig Náisiúnta Rialaithe Foirgníochta agus Faireacháin Margaidh | 3 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 0 |

# Aguisín 4 Tuarascáil ar Chomórtais Earcaíochta ar lean

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 50 | Suirbhéir Feidhmiúcháin Cainníochta | 17 | An Rannóg Tithíochta | 1 |
| 51 | Eolaí Feidhmiúcháin - An Rannóg Cosanta Comhshaoil | 31 | Comhshaol & Iompar | 6 |
| 52 | Saoiste - Cothabháil Tithíochta, Tithíocht agus Seirbhísí Tithíochta | 50 | An Rannóg Tithíochta | 15 |
| 53 | Saoiste na Meicneoirí Feisteora, Cothabháil Bóithre | 3 | Comhshaol & Iompar | 3 |
| 54 | Saoiste an Fhlít - Iosta Oibríochta na Cathrach Thuaidh (IOCT) | 9 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 7 |
| 55 | Saoiste na nOibrithe Miotail Iosta Oibríochta na Cathrach Thuaidh (IOCT) | 9 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 5 |
| 56 | Saoiste na Comharthaíochta - Iosta Oibríochta na Cathrach Thuaidh (IOCT) | 3 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 1 |
| 57 | Oibrí Ginearálta | 234 | Gach Roinn | 121 |
| 58 | Maoirseoir Oibríochta Ginearálta (Speisialtóir Seirbhíse Sinsearach, Grúpa 4, Grád 1) | 26 | Comhshaol & Iompar | 16 |
| 59 | Pleanálaí Iarchéime | 74 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 13 |
| 60 | Luachálaí le Céim | 16 | Pleanáil, Réadmhaoin & Forbairt Eacnamaíoch | 1 |
| 61 | Mic Léinn Ghairneoireachta | 4 | An Rannóg CÁSE | 4 |
| 62 | Cigire - Cothabháil Bóthair | 21 | Comhshaol & Iompar | 3 |
| 63 | Comhordaitheoir Tacaíochta Lánpháirtíochta | 40 | An Rannóg CÁSE | 2 |
| 64 | Oibrí Tacaíochta Lánpháirtíochta | 105 | An Rannóg CÁSE | 6 |
| 65 | Comhordaitheoir Forbartha Idirchultúrtha (Sealadach 3 Bliana) | 65 | An Rannóg CÁSE | 2 |
| 66 | Oifigeach Forbartha Gaeilge 2024 | 14 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 2 |
| 67 | Teicneoir Saotharlainne Grád 2 - Ceimic | 88 | Comhshaol & Iompar | 12 |
| 68 | Cúntóir Leabharlainne (Buan) | 726 | An Rannóg CÁSE | 109 |
| 69 | Cúntóir Leabharlainne (Ról Sealadach Samhraidh) | 24 | An Rannóg CÁSE | 24 |
| 70 | Tomhaisteoir - Seirbhísí Cothabhála Bóithre | 12 | Comhshaol & Iompar | 8 |
| 71 | Glantóir Oifige Páirtaimseartha | 18 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 12 |
| 72 | Oifigeach Tionscadail Eastáit | 45 | An Rannóg CÁSE | 7 |
| 73 | Bailitheoirí Rátaí - An Rannóg Airgeadais | 36 | An Rannóg Airgeadais | 3 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 74 | Freastalaí Faoisimh (Garda Tarrthála), (Sealadach) Lárionaid Spóirt agus Aclaíochta agus Linn Snámha, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 120 | An Rannóg CÁSE | 15 |
| 75 | Innealtóir Cónaitheach (Sealadach) | 18 | Comhshaol & Iompar | 7 |
| 76 | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Brigín (1) | 43 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 8 |
| 77 | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Brigín (2) | 41 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 7 |
| 78 | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Stáisiún Dóiteáin na Sceirí | 35 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 3 |
| 79 | Cuntasóir Sinsearach | 28 | An Rannóg Airgeadais | 2 |
| 80 | Oifigeach Sinsearach Pobail agus Forbartha Sóisialta | 43 | An Rannóg CÁSE | 11 |
| 81 | Leabharlannaí Sinsearach | 18 | An Rannóg CÁSE | 5 |
| 82 | Oifigeach Sinsearach Foirne, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2024 | 331 | Gach Roinn | 83 |
| 83 | Maoirseoir Sinsearach na nGlantóirí Oifige | 7 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 3 |
| 84 | Oifigeach Córas Sinsearach | 34 | An Rannóg Airgeadais | 5 |
| 85 | Oifigeach Foirne, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 662 | Gach Roinn | 117 |
| 86 | Fo-oifigeach Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 146 | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | 45 |
| 87 | Maoirseoir Glantacháin Oifige | 9 | Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach agus AD | 4 |
| 88 | Oifigeach Córas 2024 | 58 | An Rannóg Airgeadais | 7 |
| 89 | Aturnae faoi Oiliúint (Sealadach) | 73 | Dlí | 16 |
| 90 | Oibrí Ginearálta Cúrsa Oiliúna | 11 | Comhshaol & Iompar | 11 |
| 91 | Comhordaitheoir Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola | 18 | Comhshaol & Iompar | 1 |
| 92 | Cigire Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola | 37 | Comhshaol & Iompar | 12 |
| 93 | Maoir Bruscair Sheirbhísí Bainistíochta Dramhaíola | 138 | Comhshaol & Iompar | 14 |

# Aguisín 5 Maoiniú Deontais 2024

| CLÁR MAOINITHE DEONTAIS | MÉID IOMLÁN A DÁMHADH 2024 | LÍON NA NGRÚPAÍ / EAGRAÍOCHTAÍ AR DÁMHADH DEONTAIS DÓIBH |
|---|---|---|
| Maoiniú RFAA le haghaidh Staidéir Dearaidh Fhuaimiúil Phíolótaigh in 2024 - Le haghaidh dhá staidéar, 1) Meastóireachta ar Cheantar Tábhachtach Tosaíochta (CTT) CCBÁC_7, agus 2) Monatóireacht Fuaime agus Tráchta ag seacht CTT a aithníodh laistigh den Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn | €40,000 CBL san áireamh (€20 míle in aghaidh gach staidéir) | Rannóg Tacaíochta Teicniúla agus Aonad Monatóireachta ar Cháilíocht Aeir agus Rialú Torainn. |
| Scéim Deontais Frithbhruscair/ Frithghraifítí (SDFBFG) | €55,000.00 | Glantachán Foirne Bhaile Átha Cliath – 84 grúpa rannpháirteach |
| Tionscnaimh Fhrithdhumpála 2024 | €73,941.01 | 10 dTionscnamh ar fud na Cathrach |
| Deontais Ealaíon | | |
| Maoiniú Oifige Fiontair Áitiúla | | |
| Maoiniú Tacaíochta Imeachtaí | | |
| Rannchuidiú le hImeachtaí Allamuigh | | |
| Clár Gníomhachtaithe um Chuimsiú Sóisialta agus um Pobal (CGCSP) | €6,542,940 | 5 |
| Clár Gníomhachtaithe um Chuimsiú Sóisialta agus um Pobal (CGCSP) - Daoine Nua | €604,840 | 5 |
| Clár Gníomhachtaithe um Chuimsiú Sóisialta agus um Pobal (CGCSP) - Maoiniú Breise do Dhaoine Nua | €245,192 | 4 |
| An Ciste Aitheantais Pobail | €2,140,584 | 22 |
| An Clár Feabhsúcháin Áitiúil | €516,524.10 | 71 |
| Ciste Tacaíochta Pobail | | |
| An Clár Cumhachtaithe Pobal 2024 | €660,000 | 4 |
| An Clár Forbartha Pobail ICON | €125,000 | 1 |
| An Clár Forbartha Pobail AMAL | €125,000 | 1 |
| Clár Seirbhísí Pobail Lár na Cathrach | €680,400 | 1 |

| CLÁR MAOINITHE DEONTAIS | MÉID IOMLÁN A DÁMHADH 2024 | LÍON NA NGRÚPAÍ / EAGRAÍOCHTAÍ AR DÁMHADH DEONTAIS DÓIBH |
|---|---|---|
| Ionad Eachaí Ghort na Silíní | €123,200 | 1 |
| Feachtas Drugaí Ar Fud na Cathrach | €209,180 | 1 |
| Cistiú na gCuntas Díomhaoin (Outhouse) | €11,636.42 | 1 |
| Tascfhórsa Áitiúil um Alcól agus Drugaí | | |
| Making Cherry Orchard Better | €200,000 | 1 |
| Scéim Deontas Pobail an Cheantair Áitiúil | €300,360 | 573 |
| Scéim Deontais Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh | €249,917.76 | 92 |
| Deontas Oideachais Aosach Neamhfhoirmiúil | €81,985 | 128 |
| Tionscadail Samhraidh Crosscare | | |
| Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (SIOT) | €492,800 | 59 Tionscadal Deontais curtha i gCrích |
| Ciste na nDéanmhas Stairiúil (CDS) 2024 | €618,391.35 (€347,391.35 san áireamh a tugadh anonn ó 2023) | 5 Tionscadal Deontais curtha i gCrích (2 ó 2023 san áireamh) |
| Ciste na nDéanmhas Pobail (CDP) | €259,993 | 4 Tionscadal Deontais curtha i gCrích |

# Aguisín 6 Caiteachas ar Shiamsaíocht / Speansais Ghaolmhara 2024

| COSTAS | MÉID 2024 | AON EOLAS BREISE |
|---|---|---|
| Siamsaíocht agus speansais ghaolmhara | | |
| Gradam an Ardmhéara | € 71, 699 | Reáchtáladh an t-imeacht i Seomra Cruinn Theach an Ardmhéara ar an 30 Márta, 2023. |
| Imeachtaí Fáiltithe an Ardmhéara | € 269,315 | |
| Íocaíochtaí le Comhaltaí Tofa faoi Alt 142 d'Acht an Rialtais Áitiúil, 2001 | | |
| Speansais Bhliantúla na gComhairleoirí | €578,438 | Tá comhairleoirí i dteideal Liúntas Ionadaíochta Áitiúla (LIÁ), atá iníoctha le comhaltaí ar bhonn deimhnithe. Is é an méid is mó atá incheadaithe in aghaidh gach Comhairleora ná €5,160 in aghaidh na bliana. Tá Comhaltaí i dteideal Speansais Taistil agus Cothaithe as freastal ar chruinnithe. Is é an liúntas is mó ná €5,537 in aghaidh na bliana. |
| Liúntas Bliantúil íoctha le Cathaoirligh ar Choistí um Beartais Straitéiseacha | €39,381 | |
| Liúntas Bliantúil an Ardmhéara | €46,909 | |
| Deputy Lord Mayors' Annual Allowance | € 5,000 | |
| Liúntas Bliantúil an Leas-Ardmhéara | €1,919,864 | Mhéadaigh an luach saothair do Chomhaltaí Tofa ó €29,592 go €29,888 i Mí an Mheithimh 2024 agus ansin go €30,274 i mí Mheán Fómhair, 2024. |
| Íocaíochtaí Bliantúla Ionadaíocha na gComhaltaí | €18,562 | • Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca<br>• Scoil Samhraidh Mhic a' Ghoill, Dún na nGall<br>• Comhdháil Fómhair Institiúid Pleanála na hÉireann<br>• Fóram Rannpháirtíochta Bhaill Chomhar-Árachais Comhairlí Éireann<br>• Comhdháil Cheilteach um Rialachas Corparáideach<br>• Ceardlanna ar fhógraí META le haghaidh Feachtasaíochta i dToghcháin Áitiúla<br>• Seimineár Earraigh Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ)<br>• Seimineár Oiliúna Chumann na Réigiún Éireannach<br>• Forbairt Ceannaireachta, Oiliúna agus Cóitseála<br>• Modúl Comhshaoil Sóisialta agus Rialachais um Luach a Chruthú, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath<br>• "Ullmhúchán don Toghchán Áitiúil 2024 – Cruinniú faisnéise ar an<br>• gCoimisiún Toghcháin, Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann (CRAÉ) |

| COSTAS | MÉID 2024 | AON EOLAS BREISE |
|---|---|---|
| | | • CRAÉ Oiliúint Ionduchtaithe Ginearálta do Chomhaltaí Tofa<br>• Scileanna Cathaoirleachta, Aonad Faisnéise Rialtais Áitiúil (AFRÁ)<br>• Seimineár Oiliúna an Fhómhair<br>• Oiliúint Sábháilteachta Pearsanta, AFRÁ<br>• Forbhreathnú ar an gCóras Pleanála, CRAÉ<br>• Próiseas Airgeadais agus Buiséid an Údaráis Áitiúil, CRAÉ<br>• Treoir do Chomhairleoirí ar na Deontais Tithíochta ar na Bacáin. CRAÉ<br>• Oiliúint maidir le Difríocht a Dhéanamh do chomhairleoirí nuathofa, AFRÁ<br>• Seimineár Fómhair CCÚÁ, CCÚÁ<br>• “Ról na gComhaltaí Tofa, Ról Ceannaireachta na Comhairle<br>• Tofa agus Feidhmeanna Forchoimeádta, CRAÉ”<br>• “Ról an Ardfheidhmeannaigh, Feidhmeanna Feidhmiúcháin, Nósanna Imeachta<br>• Cruinnithe Comhairle agus Buanorduithe, CRAÉ |

# Aguisín 7 An Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh (RRAI)

**Réamhrá**

Is mise, Richard Shakespeare, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, atá freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (RAB), arna ullmhú ag an gCeann Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 d'Acht an Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2024, i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an RAB faoi réir iniúchóireacht sheachtrach ag iniúchóir de chuid na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil a bhfuil sé mar chuspóir aici teacht ar thuairim neamhspleách i dtaobh an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil go féaráilte staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a ioncaim agus a chaiteachais don tréimhse atá i gceist, agus an dtagann idirbhearta an chomhlachta atá á iniúchadh leis an údarú reachtúil nó eile faoina n airbheartaítear gur cuireadh i gcrích iad.

San RAB, tuairiscítear ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i bhfoirm Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus Caiteachais, agus achoimrithe de réir Rannóige. Leagtar amach sa Ráiteas Staide Airgeadais staid airgeadais fhoriomlán Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amhail an 31 Nollaig, 2024.

Léiríonn an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh caiteachas agus ioncam ar riar laethúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimhe |
|---|---|---|
| | € | € |
| Earraí & Seirbhísí | 278,040,063 | 276,438,920 |
| Deontais agus Fóirdheontais | 622,530,553 | 490,857,215 |
| Íocaíochtaí eile (de réir mar is cuí) | 88,770,278 | 81,522,700 |
| Rátaí | 401,535,462 | 382,297,147 |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil | 27,868,366 | 26,187,351 |

Seo a leanas Gníomhaíocht ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2024:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimhe |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam | 1,418,744,722 | 1,257,303,333 |
| Caiteachas | 1,374,236,607 | 1,198,164,845 |
| Aistriú go Caipiteal | 49,758,153 | 64,259,923 |
| Mír eisceachtúil | - | - |
| Barrachas (Easnamh) do | -5,250,039 | -5,121,435 |
| Coigeartú na Bliana Roimhe | - | - |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | 36,797,403 | 41,918,838 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh* | 31,547,364 | 36,797,403 |

Is í an phríomghluaiseacht ioncaim idir 2024 agus 2023 ná méadú ar Dheontais Rialtais chun

- Caiteachas breise ar an tSeirbhís do Dhaoine gan Dídean a mhaoiniú - €44m
- Maoiniú breise SCC agus ÍCT- €21m
- An Comhaontas Náisiúnta Pá a mhaoiniú - €13m

Bhí maoiniú breise de €7m ó Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus mhaoinigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Dífhostaíochta deontais MCG 1 agus 2 agus deontas "Cumhachtaithe" ar luach €47m. Bhí méadú €12m ar na Cíosanna Tithíochta.

Buiséadaíodh le haghaidh easnamh 2024 i mBuiséad Glactha 2025.

*Léirítear luach an Chúlchiste Deiridh mar fhoinse mhaoinithe sa bhuiséad don bhliain airgeadais ina dhiaidh.

Léirítear sa Ráiteas Staide Airgeadais (Clár Comhardaithe) gníomhaíocht iomlán na comhairle don bhliain in éineacht le figiúirí ó bhlianta comparáideacha eile, de réir mar is cuí.

San áireamh sa ráiteas tá sócmhainní agus dliteanais ar an mbealach seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní fadbhunaithe
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna- bóithre agus tithíocht den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha- Stoc, Féichiúnaithe, Airgid Tirim sa Bhanc san áireamh
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha- iasachtaíocht iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchiste/Iarmhéideanna Éagsúla

Tá Glansócmhainní Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ag deireadh 2024 €11.8m san iomlán mar seo a leanas:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimhe |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sócmhainní Seasta | 11,309,073,878 | 10,962,826,502 |
| Oibreacha Idir Lámha | 320,082,183 | 263,857,488 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 739,317,817 | 601,727,411 |
| Sócmhainní Reatha | 724,974,197 | 693,137,191 |
| Dliteanais Reatha | 282,709,727 | 269,784,614 |
| Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais) | 442,264,471 | 423,352,578 |
| Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin) | 1,002,948,202 | 801,764,919 |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) | 11,807,790,147 | 11,449,999,060 |

Tugadh isteach Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB), 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá difríocht mhór idir gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh brí leis na sonraí atá ar taispeáint agus go mbeidís úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

### Córais Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Ós mise Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, aithním go bhfuilim freagrach as a chinntiú go gcoinníonn is go bhfeidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh. Cuirtear an fhreagracht seo chun feidhme i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach deimhniú réasúnta a thabhairt, ach ní deimhniú iomlán, go bhfuil cosaint dhóthanach sócmhainní i bhfeidhm, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó le mírialtachtaí ábhartha, é sin nó go mbraitear iad in am. Próiseas leanúnach is ea an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a choinneáil agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

### Timpeallachta rialaithe airgeadais

Ós mise Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid dá obair.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach mórphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú bainistíochta

Ós mise Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go sonrach:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh mórphróisis ghnó
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TCF a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistíochta tionscadal foirmiúla i bhfeidhm.

## Comhlíontacht Soláthair

Cinntíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil béim chuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscint agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne sholáthair ábhartha.

## Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Ós mise an Príomhfheidhmeannach, is féidir liom a dhearbhú go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí le baill foirne atá oilte go cuí ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nochta mar bhonn eolais dá chuid oibre, agus tá a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dhearbhú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dhéanann athbhreithniú éifeachtachta ar a chuid gníomhartha. Is féidir liom a dhearbhú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 d’Acht an Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Seo a leanas feidhmeanna reachtúla coistí iniúchóireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

i. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais agus buiséadachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;

ii. forbairt an chleachtais is fearr a chothú i dtaca le comhlíonadh a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;

iii. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, aon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a bheidh déanta laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuarascáil ar a mbeidh faighte amach aige a thabhairt don údarás sin;

iv. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus luach ar airgead agus iad a chur chun cinn i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus

v. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun priacail a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle i dtaca le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach agus ábhair iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialuithe agus nósanna imeachta an údaráis áitiúil.
Aithním ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

### Creat agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a ghlactar chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca chorparáidigh i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus lena measúnaítear agus lena n-aicmítear iad de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm do gach rannóg seirbhíse agus déantar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta freisin.

Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha. Sanntar do bhaill foirne faoi leith na cláir riosca ina mionsonraítear na rialuithe agus na bearta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú as na freagrachtaí as rialuithe a oibriú.

Ós mise an Príomhfheidhmeannach, dearbhaím gur aimsíodh na mór-rioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo, agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na mór-rialuithe sin agus aon easnamh aimsithe a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh san áireamh sa Dréacht-Tuarascáil bhliantúil a chuirtear faoi bhráid na gcomhaltaí Tofa faoin 30 Aibreán gach bliain agus ina dhiaidh sin cuirfear san áireamh é sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh gach bliain.

Arna shíniú ag:

**Richard Shakespeare**
Príomhfheidhmeannach

Arna dhátú: 17/4/25

# Aguisín 8 Ráiteas Rialachais (le haghaidh úsáid idirthréimhseach amháin sula gcuirtear an Cód i bhfeidhm ina iomláine)

## Cuspóir

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo ná faisnéis ábhartha a chur ar fáil ar na struchtúir rialachais agus socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear iad siúd atá i bhfeidhm ar an gcomhairle, na coistí, an ardbhainistíocht agus réimsí a ghabhann leo. Léiríonn sé ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithníonn sé príomhcheanglais reachtacha agus dea-chleachtais, agus dearbhaíonn sé go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh cheanglais Chód Rialachais an Údaráis Áitiúil.

## Dea-Rialachas

Go bunúsach, is éard atá i gceist le dea-rialachas i rialtas áitiúil agus san earnáil phoiblí trí chéile ná tosaíochtaí a chur i bhfeidhm, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas agus gníomhú ar son leas an phobail, ar bhealaí atá ag teacht le ceanglais dlí, rialála agus beartais rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas, lena dtreoraítear agus lena rialaítear an t-údarás agus lena dtugtar é chun cuntais agus don bhealach ina gcuirtear údarás i bhfeidhm laistigh d'eagraíocht agus ina gcoinnítear í. Cuimsíonn sé údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

## Prionsabail Dea-Rialachais

**CROÍPHRIONSABAL 1** - Ciallaíonn dea-rialachas go ndírítear ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a chuireann buntáistí inbhuanaithe eacnamaíochta, pobail agus sóisialta níos leithne ar fáil, agus fís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

**CROÍPHRIONSABAL 2** - Ciallaíonn dea-rialachas go bhfuil luachanna seirbhíse poiblí á gcur chun cinn agus á léiriú trí ardchaighdeáin iompair a choinneáil.

**CROÍPHRIONSABAL 3** - Ciallaíonn dea-rialachas go bhfuil comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

**CROÍPHRIONSABAL 4** - Ciallaíonn dea-rialachas go bhforbraítear acmhainneacht eagrúcháin agus cumas agus inniúlachtaí ceannaireachta na gcomhaltaí agus na n-oifigeach le gur féidir leo oibriú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

**CROÍPHRIONSABAL 5** - Ciallaíonn dea-rialachas go bhfuil cinntí dea-eolacha agus trédhearcacha á dtógáil agus go bhfuil rioscaí agus feidhmíocht á mbainistiú.

**CROÍPHRIONSABAL 6** - Ciallaíonn dea-rialachas go bhfuil teagmháil á déanamh ar bhealach oscailte agus cuimsitheach le daoine áitiúla, saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.

CROÍPHRIONSABAL 7 - Ciallaíonn dea-rialachas go bhfuiltear ag cabhrú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a bhaint amach trí thosaíochtaí agus gníomhartha laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus forálacha an Achta Aeráide a chomhlíonadh.

## Ár dTiomantas don Dea-Rialachas

Ós mise Cathaoirleach/Méara agus Príomhfheidhmeannach na comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, na bainistíochta agus na mball foirne, dearbhaímid;

1. Ghlacamar gurb iad na prionsabail rialachais an bhunchloch agus an bhunfhealsúnacht atá faoin mbealach a n-oibrímid mar chomhlacht rialachais agus mar fheidhmeannas.

2. Glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus tá athbhreithniú agus measúnú á dhéanamh ar an méid is atá an Chomhairle ag comhlíonadh an chóid.

3. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas Rialachais Airgeadais Inmheánaigh faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus an Choiste Iniúchóireachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an RRAI agus tugann sé dearbhú do na Comhaltaí Tofa ar bhonn bliantúil. Tá meicníochtaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta chun na Comhaltaí Tofa a chur ar an eolas i dtaobh aon cheiste a thagann chun cinn lasmuigh den gnáth thuairisciú bliantúil.

4. Aithnítear go gcomhlíontar ceanglais dlí agus rialála agus cloítear leo.

5. Tá soiléire ann maidir le róil agus freagrachtaí bunaithe ar fheidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeannacha agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.

6. Tá Cóid Iompair agus dearbhaithe eitice i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí tofa agus baill foirne.

7. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtaí cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus dearbhú go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi alt 22(1) den Acht arna foilsiú.

8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.

9. Tá socraithe maoirseachta rialachais cuí curtha i bhfeidhm againn i dtaca le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlacha agus cuideachtaí gaolmhara.

10. Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus cuntasacht éifeachtach, tá ár gcreat dearbhaithe foriomlán forbartha againn agus leanaimid orainn á fheabhsú trí úsáid a bhaint as foinsí dearbhuithe chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

Datá: 29/4/2025

**Cathaoirleach/ Mayor**
Emma Blain, Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Datá: 28/4/25

**Príomhfheidhmeannach**
Richard Shakespeare, Príomhfheidhmeannach

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

www.dublincity.ie

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council